
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Creat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara

## Tuarascáil Bonnlíne



Arna ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
**housing.gov.ie**

Admhaítear cóipcheart sna grianghrafanna go léir ag Tomasz Szumski agus glactar buíochas leis

Íomhá clúdaigh: Bíonn tarraingt na sluaite go hÉirinn mar gheall ar bheartaíocht éagsúil ar muir, surfáil, mar shampla, go háirithe in áiteacha de leithéid Léacht Uí Chonchúir, an Leathros agus Mullach Mór le cósta an iarthair.

# Brollach



Cé gur féidir talamh slán a dhéanamh de go dtuigeann muintir na hÉireann ar fad faoi phleanáil talún a bheith ar bun, ní cuid de ghnáth-thuiscint an náisiúin go fóill an coincheap maidir le bainistíocht ar limistéar muirí an stáit – pleanáil spáis mara – a dhéanamh go struchtúrtha slánchóirithe. Ní ródhomhain ar chor ar bith a chuaigh Éire go fóill, tír ina bhfuil cúrsaí eacnamaíochta, an cultúr agus an pobal ceangailte go dlúth leis an bhfarraige, agus a bhfuil achar 220 milliún acra de ghrinneall na farraige ag gabháil léi, in acmhainní na farraige a shaothrú. Ar a thabhairt chun aire dúinn gur seoid nádúrtha a thagann i dtír timpeall an chósta, tá aird againn freisin ar thrácht níos mó agus níos minice ar an bhfarraige.

Cuirtear bia ar fáil do theaghlaigh na tíre leis an iascaireacht agus an dobharshaothrú chomh maith le bonn treise a chur faoi dhreamanna agus slite maireachtála le cósta. Cuidíonn fuinneamh a ghintear amach ón gcósta le cumhacht a chur ar fáil do thithe agus do ghnólachtaí agus cuirtear postanna nua ar fáil de réir mar atá cáblaí snáthoptaice fomhuirí ina gceangal idir mór-ranna i bhfad i gcéin. Tarraingítear earraí buntábhachtacha isteach is amach i gcalafoirt mhórthráchta mar a mbíonn turasóirí freisin ag cruthú lón cuimhne a mhairfidh ar feadh a saoil. Ar fharraigí na hÉireann freisin a thagann laochra spóirt in inmhe, i mbun seoltóireachta, surfála nó eachtraíocht de chineálacha eile. Tá éiceachóras torrach ilchineálach sa saol fó thoinn agus ar dhroim na farraige, san an aer os a cionn agus mar a dtagann sí faoi thír.

Cuireadh an Tuarascáil Bonnlíne le chéile ionas go mbeadh tairbhe as maidir lena bhfuil ag tarlú ar fud na réimsí farraige a thabhairt chun suntais; an tráth agus an áit ina bhfuil rud ag tarlú a thabhairt chun aire agus an chúis atá leis a shonrú; agus an t-ábhar dúshláin atá le sárú, ar leibhéal na hearnáile agus ar fud na bhfud, a thabhairt san áireamh. Ar a mbíonn á éileamh maidir leis na réimsí farraige a fheiceáil á leagan amach go soiléir, is féidir linn a mheas go críochnúil an féidir an t-éileamh a shásamh ag an aon tráth amháin nó ar gá bearta bainistíochta agus rialachais i ndáil le réimsí faoi leith. De réir mar is faide a théitear chun cinn leis an bpróiseas pleanála, beidh an tuarascáil, agus an chomhairle a fhaightear ar ais ó dhaoine ina leith, ina gcodanna buntábhachtacha den scrúdú ar na deiseanna sinéirge agus comhair, de réiteach a fháil ar ábhar aighnis, den riachtanas ionchais maidir le spás a fheiceáil roimh ré agus de theacht ar an gcothrom idir gnéithe eiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta de na réimsí mara ar bhealach inbhuanaithe.

Leagadh amach den chéad uair i bPlean Slánchóirithe Mara na hÉireann *Feidhm a bhaint as Saibhreas ár nAigéin* (HOOW) (2012) an gá le plean náisiúnta spáis mara a chur i dtoll a chéile – agus chuir treoir an AE maidir le pleanáil spáis mara sa bhliain 2014 faoina gceanglaítear ar Éirinn plean spáis dá cuid féin a cheapadh, dlús leis sin. Tá de dhualgas orainn bonn daingean a chur faoi shaothrú agus chosaint réimsí farraige na tíre agus faoi thaitneamh a bhaint astu san am atá romhainn an tráth céanna a dtugtar cuspóirí éiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta ar an gcothrom le, mar a luaitear sa Phlean HOOW, "teastaíonn plean 'spásúil' mara náisiúnta uileghabhálach a bhfuil creat pleanála agus ceadúnaithe éifeachtach mar bhonn agus thaca faoi. Soláthróidh sé seo buntáiste iomaíoch dár n-earnálacha muirí, cuideoidh sé le leas iomlán shaibhreas ar n-aigéin a bhaint amach agus cabhróidh sé lenár n-acmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus go hinbhuanaithe."

Leagtar amach go soiléir na prionsabail maidir leis an bpróiseas seo in *I dTreo Plean Spásúlachta Muirí d'Éirinn*, treochlár maidir le Creatchóras Pleanála Náisiúnta Mara (NMPF) na hÉireann a fhorbairt a foilsíodh i mí na Nollag 2017. Táthar den tuairim gur chóir an Creatchóras NMPF a bheith straitéiseach, cruinn, beacht agus lán eolais mar gheall ar rannpháirtíocht éifeachtúil ionas go gcinntítear aontú maidir leis an bhforfheidhmiúchán a tharlóidh comhthreomhar le plean fadtéarmach talún na hÉireann, an Creat Náisiúnta Pleanála 2040. Tá ar cheann de na príomhaidhmeanna dá réir sin a chinntiú go ndéantar comhairle leis na geallsealbhóirí ar fad, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne agus go spreagtar iad chun leas a dhéanamh maidir leis an bpróiseas.

Tá éascaíocht á dhéanamh ina leith seo ar bhealaí éagsúla. Tá meitheal idir-rannach, ar a bhfuil ionadaithe sinsearacha ó Fhoras na Mara, ón rialtas áitiúil agus ó na Ranna Rialtais lena mbaineann an t-ábhar, i mbun maoirseachta ar fhorbairt an phlean. Tá grúpa comhairleach de na príomhgheallsealbhóirí maidir leis na colúin eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta curtha ar bun agus an bhéim ar chomhoibriú trasearnála. Chomh maith leis sin tá próiseas comhthreomhar ar siúl maidir le caidreamh le geallsealbhóirí agus béim thréan ar mhuintir na háite i gcomharsanachtaí leis an gcósta agus geallsealbhóirí beaga nach bhfuil ceangailte le haon dream mór. Tá tábhacht chinniúnach leis an ngné sin. Ó earrach na bliana seo i leith, tá an mheitheal NMPF i bun sraith ócáidí caidraimh leis an bpobal agus le geallsealbhóirí. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an uile dhuine a chaith am leis an bpróiseas go dtí seo agus mholfainn dóibh siúd nár ghlac páirt ann go fóill sin a dhéanamh anois.

Leanfar den chaidreamh le sraith de chruinnithe réigiúnacha maidir leis an tuarascáil seo lena mbainfidh plé painéil a mbeidh ionadaithe ar fud na dtionscal rannpháirteach ann i ndáil leis na colúin eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta. Ó tharla gur leis an gcáipéis seo atá an chéad bheart foirmeálta caidrimh ar bun maidir le Creatchóras Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara na hÉireann a ullmhú, agus gur léi a thugtar an chéad deis páirt a ghlacadh sa phróiseas ar bhonn foirmeálta, táthar ag súil go dtapóidh gach éinne a bhfuil suim acu i réimsí farraige agus i réimsí cósta na hÉireann an deis ábhar na cáipéise a bhreathnú, a theacht i láthair chuig ceann de na hócáidí réigiúnacha nó aighneacht a chur faoi bhráid i rith an phróiseas comhairliúcháin trí mhí. Ní gá a rá go bhfuil tábhacht chinniúnach don uile dhuine in Éirinn lena bhfuil i ndán do limistéar mara na tíre. Tugann an fhorbairt ar Chreat Náisiúnta na hÉireann maidir le Pleanáil Mara deis faoi leith dúinn próiseas uilechuimsitheach bunaithe ar fhianaise a reáchtáil. Mholfainn don uile léitheoir páirt a ghlacadh san obair agus comhairle a chur ar fáil maidir leis an mbainistíocht agus leis an bhforbairt a thugtar ar limistéar mara na tíre faoi láthair agus san am atá romhainn.

**Damien English T.D.**
An tAire Tithíochta agus
Forbartha Uirbí

# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| Brollach | | 3 |
| 1.0 | **Réamhrá** | **8** |
| | A bhfuil i gceist le Pleanáil Spáis Mara | 8 |
| | Na Buntáistí atá le Pleanáil Mara | 9 |
| | An Chuspóir atá leis an gCáipéis seo | 10 |
| | Rannpháirtíocht an Phobail, Cothú Cumarsáide agus Caidrimh | 10 |
| | Ráiteas faoi Phríobháideacht | 11 |
| | Imeachtaí Poiblí | 11 |
| 2.0 | **Fómhar na Farraige – An Aisling, na Cuspóirí agus Spriocanna** | **13** |
| 3.0 | **Pleanáil Mara i gComhthéacs níos Ginearálta** | **15** |
| | Beartas agus Creat Dlí an AE | 15 |
| | An Polasaí Náisiúnta agus an Creat Dlí | 16 |
| | Ceangal leis an bPleanáil Talún | 18 |
| | Measúnacht Timpeallachta | 18 |
| | Comhthéacs an Rialúcháin Náisiúnta | 19 |
| | An Creat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara a Aontú | 19 |
| | Ceadanna agus Ceadúnú Mara | 19 |
| | An Bille um Limistéar Muirí agus Imeall Trá (Leasú) | 20 |
| | Athrú Aeráide | 20 |
| | BREXIT agus Pleanáil Mara | 20 |
| | Ceisteanna maidir le Teorainneacha Idirnáisiúnta | 21 |
| 4.0 | **Príomhghníomhartha na nEarnálacha** | **22** |
| 5.0 | **Dobharshaothrú** | **23** |
| 6.0 | **Oidhreacht agus Acmhainní Cultúir** | **28** |
| 7.0 | **Cúrsaí Cosanta agus an tSlándáil Náisiúnta** | **34** |
| 8.0 | **Fuinneamh – Peitriliam** | **37** |
| 9.0 | **Fuinneamh – Foinsí Inathnuaite** | **41** |
| 10.0 | **Fuinneamh – Córais Tarchuradóireachta** | **47** |
| 11.0 | **Fuinneamh – Ceapadh agus Stóráil Carbóin** | **51** |
| 12.0 | **Fuinneamh – Stóráil Gáis amach ón gCósta** | **54** |
| 13.0 | **Iascaigh** | **57** |
| 14.0 | **Cumascán Mara** | **66** |
| 15.0 | **Timpeallacht Mara** | **69** |

| | | |
|---|---|---|
| 16.0 | Caomhnú an Dúlra | 77 |
| 17.0 | Calafoirt, Cuanta agus Cúrsaí Loingis | 82 |
| 18.0 | Sábháil Fheamainne | 90 |
| 19.0 | Cáblaí Teileachumarsáide | 92 |
| 20.0 | Turasóireacht | 94 |
| 21.0 | Spórt agus Caitheamh Aimsire | 99 |
| 22.0 | Cóireáil agus Diúscairt Fuíolluisce | 103 |
| 23.0 | An Creatchóras Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara a chur i bhfeidhm | 107 |
| 24.0 | Ceisteanna Comhairliúcháin | 109 |
| Aguisín A: Comhlachtaí Poiblí ar a bhfuil Freagracht maidir le Cúrsaí Mara | | 112 |
| Aguisín B: Comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe maidir le Cúrsaí Mara | | 116 |

## Liosta of dTáblaí

| | |
|---|---|
| Tábla 1: Láimhdeachas, GVA, fostaíocht maidir le Dobharshaothrú Mara, 2012, 2014 agus 2016 | 24 |
| Tábla 2: Gach ar cuireadh i dtír i gCalafoirt na hÉireann as Soithí Éireannacha agus as Soithí Neamh-Éireannacha 2017 | 57 |
| Tábla 3: Cineálacha na mBád Iascaigh sa Chabhlach Iascaireachta Cois Cladaigh – Aibreán 2018 / Scaipeadh Tíreolaíochta na mBád Iascaireachta <12m | 58 |
| Tábla 4: Tuairiscí faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí | 70 |
| Tábla 5: Tonnáiste na nEarraí a Láimhseáladh i gCalafoirt na hÉireann 2016-2017 | 83 |
| Tábla 6: Líon na Longa Cúrsála agus Paisinéirí i gCalafoirt na hÉireann 2017 | 83 |
| Tábla 7: Turasóirí ón Iasacht a thug faoi Shlatiascaireacht agus faoi Ghníomhaíocht ar an Uisce 2012-2016 | 96 |
| Tábla 8: Leibhéal na Cóireála maidir leis an Ualach Náisiúnta Fuíolluisce | 103 |
| Tábla 9: Tránna ag a bhfuil Uisce Snámha ar Dhroch-chaighdeán 2017 | 105 |
| Tábla 10: Ceantair Foirgníochta óna dtarlaíonn Sceitheadh in Uiscí Sliogéisc ar gá Feabhas ar na Córais Díghalraithe ina leith | 105 |

## Liosta na bhFíoracha


| | |
|---|---|
| Fíor 1: An luach atá leis an mbeartaíocht dobharshaothraithe in Éirinn de réir contae | 25 |
| Fíor 2: Pictiúr den Scáileán i ndáil le Breathnóir Longa Briste Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta | 28 |
| Fíor 3: Pictiúr den Scáileán i ndáil le Breathnóir na Timpeallachta Staire ina bhfeictear láithreacha Dhúnta Ceann Tíre ar Rinn Duáin, Co. Loch Garman | 29 |
| Fíor 4: Calafoirt na hÉireann maille le hIomlán ar Cuireadh i dTír 2016 | 62 |
| Fíor 5: Fo-roinn de réimse taighde IMAGIN lena léirítear samplaí de: (i) limistéir a shonraítear mar fhoinsí ionchais; agus, (ii) limistéir a shonraítear mar fhoinsí ionchais maille leis na bearta idirghabhála a tharlódh | 67 |
| Fíor 6: Mapaí de na Spotaí Mórthráchta faoi láthair (áiteanna lóistín na hoíche) | 95 |


## Liosta na Mapaí


| | |
|---|---|
| Mapa 1: Teorainneacha Muirí na hÉireann | 12 |
| Mapa 2: Láithreacha Dobharshaothraithe | 27 |
| Mapa 3: Gnéithe den Oidhreacht Cultúir | 33 |
| Mapa 4: Fuinneamh – Ola agus Gás | 40 |
| Mapa 5: Fuinneamh ó Fhoinsí Inathnuaite Mara | 46 |
| Mapa 6: Ionaid Iascaigh/Cuanta | 63 |
| Mapa 7: Iascach Tráchtála – Cois Cladaigh | 64 |
| Mapa 8: Iascach Tráchtála – Amach ón gCósta – Cineálacha Trealaimh | 65 |
| Mapa 9: Acmhainn Cumascáin i Muir Meann | 68 |
| Mapa 10: Gnáthóga Beantacha | 76 |
| Mapa 11: Láithreáin Ainmnithe | 81 |
| Mapa 12: Calafoirt agus Cúrsaí Loingis | 88 |
| Mapa 13: Calafoirt | 89 |
| Mapa 14: Áiteanna ina bhfuil Muiríne le Cósta na hÉireann | 101 |
| Mapa 15: Caighdeán an Uisce – Uisce Snámha, Uisce Idirchriosach agus Uisce le Cósta | 102 |

# 1.0 Réamhrá

1.1 Ós náisiún ar oileán í Éire ag a bhfuil cearta flaithiúnais ar cheann de na réimsí farraige is fairsinge san Eoraip, tá ceangal doscaoilte ag eacnamaíocht, cultúr agus pobal na tíre leis an bhfarraige. Tá timpeallacht farraige na tíre seo ina sócmhainn náisiúnta óna n-eascraíonn buntáistí iomadúla de chineálacha tráchtála agus neamhthráchtála in earnálacha éagsúla, mar shampla bia mara, turasóireacht, caitheamh aimsire, fuinneamh inathnuaite, ola agus gás, an oidhreacht chultúir, agus an bhithéagsúlacht. Téann forbairt inmharthanach ar an réimse mara i bhfeidhm ar chuid mhór daoine. Ionas gur féidir bonn treise a chur faoi réimse mara a mbeidh úsáid, taitneamh agus tairbhe as, ó thaobh cúrsaí sóisialta, timpeallachta agus eacnamaíochta, tá deis á thabhairt don uile dhuine ar spéis leo sin a dhéanamh a dtuairim a thabhairt maidir leis an bpróiseas pleanála maidir leis an réimse mara.

## A bhfuil i gceist le Pleanáil Spáis Mara

1.2 Is próiseas atá i gceist le pleanáil spáis mara trína dtugtar daoine éagsúla de lucht úsáide na farraige le chéile chun cinntí comhordaithe lán eolais a dhéanamh faoi acmhainní mara a úsáid go hinmharthanach. Is próiseas é trína ndéanann na húdaráis áitiúla cuí anailís agus eagrú ar ghníomhartha an duine i gceantair farraige d'fhonn cuspóirí éiceolaíochta, eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint amach.

1..3 Plean náisiúnta maidir le farraige na hÉireann an toradh oibre a bheidh ar an bpróiseas seo. Leagfar amach sa phlean sin, maidir le ré 20 bliain, na bealaí inar mian linn leas agus taitneamh a bhaint as an bhfarraige agus í a chosaint. Beidh tús áite ag an bplean spásúlachta mara i gcóras de phleananna agus de pholasaithe earnála maidir le réimse na farraige agus iad ar fad eagraithe de réir ord tábhachta sa chóras sin. Tiocfaidh an plean faoi anáil na bpleananna earnála atá leagtha amach cheana féin agus tiocfaidh, le himeacht aimsire, leaganacha nua de na pleananna sin faoi anáil an phlean seo de réir mar a chuirtear córas leanúnach aiseolais i bhfeidhm. Beidh creat loighciúil leanúnach ar fáil trínar féidir na polasaithe earnála agus na haidhmeanna a bhaineann leo a thabhairt i gcrích. Beidh an plean, ar bhealaí éagsúla, ina dheis maidir le cinntí a dhéanamh ag údaráis rialúcháin agus ag lucht ceaptha beartais san am atá romhainn, lena n-áirítear cinntí maidir le hiarratais ar chead do dhuine aonair, agus beidh aird ar fhorálacha an phlean ar aon dul leis an aird a bhíonn ar phleananna agus cinntí á ndéanamh mar chuid den phróiseas pleanála ar an talamh tirim.

1.4 An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) atá i mbun na ceannródaíochta thar ceann an Rialtais ar ullmhú an phlean a bhfuil Ranna eile agus Gníomhaireachtaí eile ag déanamh cion tairbhe ina leith. Ar cheann de na príomhchuspóirí atá leis an bplean an ullmhú, tá córas rialachais níos slánchóirithe a chur ar fáil trína ndéanfar comhordú maidir le réimsí sonracha na ranna éagsúla nó na n-earnálacha éagsúla sa straitéis fhorghinearálta.

Tiocfaidh limistéar muirí na hÉireann, lena n-áirítear uiscí intíre (limistéar farraige), farraigí teorann, an Limistéar Eacnamaíochta Eisiach (EEZ) agus an scairbh ilchríochach, faoi scáth an phlean mara. Tá achar isteach is amach le 490,000 km$^2$ sa limistéar muirí a shíneann níos mó ná 200 muirmhíle in áiteanna i bhfarraige ón meánlíne lánmhara le cósta. Tá aon phlean amháin le hullmhú maidir leis an limistéar ar fad faoi láthair agus d'fhéadfadh go leagfaí amach pleananna réigiúnacha níos mionsonraithe tráth is faide anonn.

## Na Buntáistí atá le Pleanáil Mara

1.5 Sonraítear plean spásúlachta náisiúnta mara a fhorbairt ar aidhmeanna polasaí an Rialtais i Plean Slánchóirithe Mara na hÉireann, *Feidhm a bhaint as Saibhreas ár nAigéin*[1] (HOOW) (2012). De réir mar a fheictear maidir le HOOW, bhí an t-eagrú agus an rialáil ar bheartaíocht maidir le cúrsaí mara ar fud réimsí uisce na hÉireann á dhéanamh de réir earnála agus de réir mar a héilíodh, gan aon chreat straitéise ar bun a bhféadfaí aidhmeanna polasaí earnálacha faoi leith a cheapadh ina fhianaise, a phleanáil agus a thabhairt i gcrích le himeacht aimsire. Mar a leagtar amach sa Phlean HOOW, "Chun saibhreas ar n-aigéin a bhainistiú, teastaíonn plean 'spásúil' mara náisiúnta uileghabhálach agus creat pleanála agus ceadúnaithe éifeachtach mar bhonn agus thaca aige. Tig le cur chuige mar seo struchtúr agus treoirphlean rialachais a chur ar fáil do phleanáil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil saibhreas ár n-aigéin. Soláthróidh sé seo buntáiste iomaíoch dár n-earnálacha muirí, cuideoidh sé le leas iomlán shaibhreas ár n-aigéin a bhaint amach agus cabhróidh sé lenár n-acmhainní a bhainistiú go héifeachtach agus go hinbhuanaithe".

1.6 Beidh tairbhe as pleanáil mara maidir le bainistíocht chríochnúil ar bheartaíocht mara agus úsáid níos inbhuanaithe as acmhainní mara. Cuirfear ar chumas an Rialtais treoir shoiléir a thabhairt maidir leis an mbainistíocht ar réimsí farraige, soiléiriú a thabhairt maidir le haidhmeanna agus ord tábhachta, agus lucht déanta cinntí, lucht úsáide agus geallsealbhóirí a stiúradh ionas go mbíonn an úsáid as acmhainní mara de réir straitéise agus éifeachtúlachta. Tiocfaidh cinntí maidir leis an bhforbairt faoi láthair agus san am atá romhainn ar an limistéar muirí faoi anáil na pleanála mara ag féachaint le slánchóiriú a dhéanamh do na riachtanais éagsúla.

1.7 Beidh Creat Náisiúnta na hÉireann maidir le Pleanáil Mara (NMPF) bunchúiseach ag lucht déanta cinntí maidir le gach cead a bhaineann le réimsí mara. Déanfar gach iarratas ar chead maidir le beartaíocht, gníomhaíocht nó forbraíocht ar fud limistéar mara na hÉireann a mheas i ndáil lena fheabhas a thiocfadh sin le cuspóirí an phlean. Is leis a chuirfear ar bun dá bharr sin an córas forghinearálta maidir le cinntí a dhéanamh atá seasmhach, leanúnach, bunaithe ar lón fianaise ionas gur inbhuanaithe a bhfuil i ndán don limistéar mara. Mar gheall ar rannpháirtíocht fhorleathan an phobail, tabharfar cead cainte maidir leis an mbainistíocht ar an limistéar mara don uile dhuine ar spéis leo réimsí farraige agus cósta na hÉireann.

1.8 Ba cheart go dtabharfadh lucht úsáide na mara, lucht rialála san áireamh chomh maith leo sin a chuireann isteach ar chead nó ceadúnas agus daoine leasmhara eile, maolú faoi deara ar an ualach rialúcháin mar gheall ar bhreis cinnteachta i ndáil lenar féidir a dhéanamh, agus an áit inar ceadmhach é a dhéanamh, ionas gur luaithe an próiseas ceadúnais. Ba chóir misneach sa bhreis a bheith ag lucht úsáide na mara freisin go mbeidh bonn daingean le cinntí a dhéantar faoi iarratais i ndáil le tionscadail ionas, sa chás go mbeadh cur ina n-aghaidh, ar chuntar an cinneadh a bheith i gcomhréir leis an gcreat beartais a leagtar amach sa phlean spáis mara. Tarlóidh sin mar gheall ar an bplean a bhunú ar an bhfianaise theicniúil agus ar an bhfianaise eolaíochta is fearr atá ar fáil, caidreamh leanúnach an tráth is luaithe le geallsealbhóirí san áireamh chomh maith le meastóireacht i ndáil le cúrsaí inmharthanachta.

[1] https://www.ouroceanwealth.ie/sites/default/files/sites/default/files/Publications/2012/HarnessingOurOceanWealthReport.pdf

## An Chuspóir atá leis an gCáipéis seo

1.9 Cé go raibh meitheal NMPF na hÉireann páirteach cheana féin i gcaidreamh forleathan leis an bpobal agus le geallsealbhóirí, is í an cháipéis seo an chéad bheart foirmeálta caidrimh agus is céim mhór chun cinn sin maidir le plean spásúlachta mara a ullmhú maidir le cás na hÉireann. Beidh an cháipéis seo ina lón eolais maidir leis na chéad céimeanna eile den phróiseas, aidhmeanna agus polasaithe an dréacht de phlean a thabhairt chun cinn san áireamh.

1.10 Is é cuspóir atá leis an bpáipéar seo an comhthéacs ina bhfuil an plean spásúlachta mara á fhorbairt a leagan amach agus cuidiú leis na príomhcheisteanna is gá a phlé i ndáil leis an bpleanáil mara a shonrú. Leagtar amach:

- an comhthéacs beartais, reachtaíochta agus rialúcháin maidir leis an bPleanáil Spásúlachta Mara go ginearálta agus, go háirithe, maidir leis an gcéad phlean de chuid na hÉireann a fhorbairt;
- cuntas ar an gcás "mar atá" ó thaobh forbairt ar na hearnála reatha agus na gníomhartha a dhéantar i limistéar mara na hÉireann, lena n-áirítear na deiseanna ionchais agus na srianta ionchais a shonrú;
- cur síos bunúsach ar aidhmeanna ardleibhéil a d'fhéadfaí a cheangal leis an gcéad Chreatchóras Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara de chuid na hÉireann, a thagann faoi anáil HOOW agus Treoir an AE maidir le Pleanáil Spásúlachta Muirí 2014/89/AE; agus
- Roinnt ceisteanna comhairliúcháin d'fhonn plé agus smaointeoireacht a spreagadh i measc na ngeallsealbhóirí. Beidh na freagraí ar na ceisteanna sin buntábhachtach maidir le hábhar an dréacht de phlean.

## Rannpháirtíocht an Phobail, Cothú Cumarsáide agus Caidrimh

1.11 Mar a leagtar amach i dtreochlár an Rialtais maidir le plean mara, *I dTreo Plean Mara d'Éirinn* (Nollaig 2017), rinneadh caidreamh go forleathan leis an bpobal agus leis na geallsealbhóirí agus leanfar de sin de réir mar a bhíonn an plean á fhorbairt.

1.12 Idir mí Márta agus mí Iúil 2018, d'eagraigh an mheitheal MSP ócáidí caidrimh phoiblí i mbeagnach gach contae in Éirinn atá le cósta. Díríodh leis na hócáidí sin ar aird agus ar thuiscint a chothú maidir le:

- coincheap MSP,
- pleananna an Rialtais plean mara a ullmhú maidir le cás na hÉireann,
- sonraí faoi bhealaí inar féidir le daoine páirt a ghlacadh i bpróiseas na pleanála, agus
- tráthchlár a chur ar fáil maidir le céimeanna éagsúla an phróisis.

1.13 An tráth céanna, rinneadh caidreamh díreach go forleathan le réimse fairsing geallsealbhóirí a bhaineann le hearnáil na mara (lena n-áirítear údaráis calafoirt, údaráis áitiúla, eagraíochtaí spóirt agus caitheamh aimsire, eagraíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta maidir le hiascach cois cladaigh, eagraíochtaí maidir le hiascach farraige, grúpaí timpeallachta, earnáil an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite, earnáil na turasóireachta etc.) agus rinneadh a theacht i láthair go feiceálach agus go gníomhach ar na meáin shóisialta.

1.14 Táthar tugtha do leanúint den chomhoibriú dlúth leis na príomhgheallsealbhóirí agus le daoine ar spéis leo an limistéar mara. Is leis an tuarascáil bonnlíne seo a thugtar an chéad deis maidir le rannpháirtíocht phoiblí ar bhonn foirmeálta le tréimhse comhairliúcháin 3 mhí ó thráth a fhoilsithe go dtí Dé hAoine, an 14 Nollaig 2018.

1.15 Is féidir aighneacht i scríbhinn maidir leis an gcéim tosaigh seo de phróiseas an Chreatchórais Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara a chur faoi bhráid tráth ar bith roimh an meán lae ar an 14 Nollaig 2018. Is féidir aighneacht a chur faoi bhráid ach:

1. Teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist seo amháin msp@housing.gov.ie; nó
2. Scríobh chuig an seoladh seo a leanas:|
   Aighneachtaí MSP, Brainse na Pleanála Spásúlachta Mara, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Y35 AP90.

1.16 **Is é an spriocthráth maidir le haighneacht a chur faoi bhráid, an 12 meán lae, Dé hAoine, an 14 Nollaig 2018**. Ní féidir glacadh ina dhiaidh sin le haighneacht maidir leis an gcéim réamhdhréachta seo. In aon mheán amháin is ceart aighneacht a chur faoi bhráid, i bhformáid leictreonaice nó mar chóip chrua. Ní mór seo uilig ina dhiaidh seo a bheidh le gach aighneacht:

- D'ainm agus sonraí maidir le haon eagraíocht, grúpa pobail nó cuideachta a bhfuil an aighneacht á cur isteach agat thar a ceann.
- Seoladh comhfhreagrais.
- An aighneacht maidir le ceisteanna a bhaineann le hábhar na pleanála i ndáil leis an gCreatchóras Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara.


Ba cheart a thabhairt chun aire go ndéanfar, ar mhaithe le cúrsaí follasachta, gach aighneacht i scríbhinn a thagann a chur ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin na Roinne. Seolfar admháil go bhfuarthas an aighneacht ach ní féidir freagra faoi leith a chur ar gach aighneacht.

## Ráiteas faoi Phríobháideacht

1.17 Tá an Roinn dúthrachtach maidir le haird ar phríobháideacht agus a cosaint. Mínítear sa Ráiteas faoi Phríobháideachta a fhoilsítear in éineacht leis an Tuarascáil Bonnlíne seo an modh ina ndéanfaidh an Roinn, ina Rialálaí Sonraí di, próiseáil ar shonraí pearsanta a chuirtear ar fáil i ndáil le haighneachtaí a chuirtear faoi bhráid mar chuid den phróiseas comhairliúcháin poiblí seo; an dóigh ina ndéanfar na sonraí sin a úsáid, agus na cearta is féidir leat a fheidhmiú i ndáil le do chuid sonraí pearsanta.

## Imeachtaí Poiblí

1.18 Mar lón eolais do rannpháirtíocht an phobail agus na ngeallsealbhóirí agus mar bhonn treise faoi sin, beidh sraith d'ócáidí don phobal agus do gheallsealbhóirí á reáchtáil i rith mhí Deireadh Fómhair. Beidh gach eolas faoi na hócáidí sin, liosta na gcainteoirí san áireamh, ar fáil ar chóras giolcaireachta Twitter (@MSP_Ireland).



**Key Boundaries**


- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Exclusive Economic Zone from 12 nm
- Local Authority Area
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly

Elevation (mMSL)

3146 2179 1213 246 -721 -1688 -2654 -3621 -4588 -5554 -6521

Kilometres

0 25 50 100 150



Coordinate System
WGS 1984 UTM Zone 29N
Projection
Transverse Mercator

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

Department of Communications, Climate Action & Environment, 2006; GEBCO, 2014; Petroleum Affairs Division, 2018
Map designed by ABPmer, 2018

# 2.0 Fómhar na Farraige – an Aisling, na Cuspóirí agus Spriocanna

2.1 Leagadh amach aisling, cuspóirí agus spriocanna ardleibhéil i bPlean Slánchóirithe Mara na hÉireann, *Feidhm a bhaint as Saibhreas ár nAigéin*, (HOOW) i ndáil le heacnamaíocht na farraige. Is í an **aisling í**: "Beidh saibhreas ár n-aigéin ina phríomhghné dár n-aisghabháil eacnamaíochta agus d'fhás inbhuanaithe, rud a chothóidh tairbhí dár saoránaigh ar fad, le tacaíocht ó bheartas, pleanáil agus rialú soiléir agus arna bhainistiú ar bhealach comhtháite."

2.2 Leagtar síos trí cinn de **chuspóirí ardleibhéil eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta** faoi HOOW a bhfuil an tábhacht chéanna le gach ceann acu agus iad bunaithe ar an gcoincheap maidir le forbairt inmharthana.

2.3 Dírítear le **Cuspóir 1** ar ***gheilleagar mara a mbeidh borradh faoi***, ina n-úsáideann Éire na deiseanna margaidh chun aisghabháil eacnamaíochta agus fás inbhuanaithe atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta a bhaint amach. Tá tábhacht chinniúnach, maidir leis an gcuspóir sin a thabhairt i gcrích, le cúrsaí a shocrú sa chaoi a oireann don fhorás, córas rialachais. beartais agus pleanála a chur ar bun atá docht daingean ach cóiriúil do dhéanamh gnó.

2.4 Tá fómhar na farraige ag brath ***éiceachórais shláintiúla (Cuspóir 2)***. Cuirtear romhainn iléagsúlacht bhitheolaíochta agus éiceachórais bhisiúla na tíre seo a chosaint, a chaomhnú agus, nuair is féidir sin, a chur ar ais i mbarr a maitheasa. Ní mór bainistíocht fhorbheartach a dhéanamh ar acmhainní beo agus neamhbheo, ar bhealach a thagann leis na héiceachórais sin, ionas go leanann earraí agus seirbhísí bunriachtanacha airgid agus neamhairgid (e.g. bia, aeráid, sláinte agus leas an duine) ag teacht uathu. Is gnéithe bhunriachtanacha maidir le córas éiceolaíochta inbhuanaithe san am atá i ndán na héiceachórais mara a chosaint agus reachtaíocht na timpeallachta a chomhlíonadh agus ní mór go bhfeicfí gur gné bhuntábhachtach sin maidir le borradh faoi chúrsa eacnamaíochta mara.

2.5 Oileán farraige Éire agus tá an oidhreacht shaoithiúil mara (gnéithe cultúir, fisiciúla agus éiceolaíochta) ina sócmhainn náisiúnta fhíorthábhachtach. Ina ainneoin sin, is i muinín na talún a chuaigh muintir na tíre maidir le príomhfhoinse bia, fuinnimh agus foráis eacnamaíochta agus neamhaird ar fhómhar na farraige.

An ***ceangal leis an bhfarraige*** a threisiú atá mar fheidhm le **Cuspóir 3** – ceapadh mhuintir na hÉireann le dream farraige a thabhairt chun cinn agus cur leis an tuiscint ar an bhfiúntas (gnóthachtáil margaidh agus buntáistí eile), ar na deiseanna agus ar an tairbhe sóisialta atá cúrsaí mara. Sócmhainn náisiúnta atá sna réimsí farraige nach mór do na saoránaigh iad a chosaint, a bhainistiú agus a fhorbairt ar mhaithe leis an tír agus le muintir na hÉireann.

2.6 Leagtar síos **dhá sprioc eacnamaíochta** forghinearálta faoi HOOW:

- dúbailt a thabhairt ar luach shaibhreas na farraige go dtí 2.4% den OTI faoin mbliain 2030, agus
- ardú ar an láimhdeachas ó eacnamaíocht mara na hÉireann go mbíonn os cionn €6.4bn faoin mbliain 2020.



Ba cheart go dtabharfadh lucht úsáide na mara, lucht rialála san áireamh chomh maith leo sin a chuireann isteach ar chead nó ceadúnas agus daoine leasmhara eile, maolú faoi deara ar an ualach rialúcháin mar gheall ar bhreis cinnteachta.

2.7 De réir thoradh an athbhreithnithe is deireanaí ar eacnamaíocht mara na hÉireann, arna fhoilsiú i mí Meitheamh 2017 ag an Aonad Taighde ar Ghnéithe Socheacnamaíocha na Mara in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, b'amhlaidh sa bhliain 2016, i gcomparáid leis an mbliain 2014:

- ardú 23% go dtí €5.7bn ar an láimhdeachas;
- tionscail mara atá i mbéal forbartha chun tosaigh ar an meánráta foráis le hardú 39% ar an láimhdeachas;
- luach shaibhreas na farraige ardaithe go dtí 1.7% den OTI;
- fostaíocht ardaithe faoi 10%; agus
- eacnamaíocht farraige na hÉireann ag cruthú, ar an meán, níos fearr ná eacnamaíocht na hÉireann go ginearálta.

2.8 Is leis an bPlean HOOW a leagtar amach comhthéacs straitéise don bheartas náisiúnta maidir le réimsí mara na hÉireann agus beidh léargas spásúlachta i ndáil leis an bpolasaí forghinearálta sin á chur ar fáil leis an gCreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara.

# 3.0 Pleanáil Mara i gComhthéacs níos Ginearálta

## Beartas agus Creat Dlí an AE

3.1 Cé go bhfuil tíortha ann a bhfuil córas pleanála muirí ar bun iontu le fiche bliain agus níos mó, is cur chuige nua go maith atá i gceis leis an bpleanáil spáis mara ar fud an chuid is mó den AE. D'aontaigh an AE Beartas Muirí Lánpháirtithe (EU-IMP) sa bhliain 2007 lena bhféachtar le cur chuige níos comhleanúnaí a bheith ar fáil maidir le ceisteanna faoi ghnóthaí mara a théann ar fud réimsí éagsúla, comhordú breise a bheith ar siúl idir réimsí éagsúla beartais, mar shampla fás gorm, sonraí agus faisnéis mara, faireachán slánchóirithe muirí, straitéisí imchuacha farraige agus pleanáil spáis mara. Spreagann EU-IMP gach Ballstát le cósta chun beartas agus pleananna muirí slánchóirithe a thabhairt chun cinn ar an leibhéal náisiúnta.

3.2 Idir an dá linn, tá tionscnaimh beartais agus bearta reachtaíochta éagsúla déanta ag an AE d'fhonn an clár oibre maidir le beartas muirí slánchóirithe a chur chun cinn.

3.3 **Aontaíodh an Treoir MSP 2014/89/AE[2] lena mbunaítear creatchóras don phleanáil spáis muirí i mí Iúil 2014**. Leagtar de dhualgas ar na Ballstáit ar fad le cósta plean spáis mara a leagan síos faoin mbliain 2021.

3.4 Tá dlite ar na Ballstáit faoin Treoir, le linn dóibh pleanáil spáis mara a chur ar bun agus i bhfeidhm, gnéithe eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta a thabhairt san áireamh ionas go dtreisítear le forbairt agus forás inbhuanaithe in earnáil na mara, cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais a chur i bhfeidhm agus beartaíocht agus úsáid chomhuaineach de chineálacha éagsúla a chur chun cinn.

3.5 Ceanglaítear ar na Ballstáit faoin Treoir na pleananna spáis mara a úsáid ar mhaithe leis an bhforbairt inmharthana ar earnáil an fhuinnimh amach ón gcósta, an iompair ar muir, an iascaigh agus an dobharshaothraithe agus ar mhaithe le caomhnú, cosaint agus feabhsú na timpeallachta, lena n-áirítear an seasamh in aghaidh thionchar ón athrú aeráide. Fágtar, chomh maith leis sin, deis ag na Ballstáit féachaint le cuspóirí eile a thabhairt i gcrích, mar shampla, turasóireacht inmharthana a chur chun cinn nó mianadóireacht inmharthana ar amh-mhianraí.

3.6 Ar an gcuma chéanna, cé go leagtar síos leis an Treoir na bunrialacha ginearálta maidir le critéir atá le tabhairt san áireamh, is faoin mBallstát socrú ar an mbealach ina dtabharfar na cuspóirí éagsúla i gceist sa phlean nó sna pleananna spáir mara agus an bhéim a leagfar ar chinn faoi leith seachas a chéile.

3.7 Is í an **Treoir Réime um Straitéis Mhuirí**[3] (MSFD) colún na timpeallachta i mBeartas Muirí Lánpháirtithe an AE agus ceanglaítear ar bhallstáit Eorpacha, Éire san áireamh, Dea-Stádas Comhshaoil (GES) a bhaint amach maidir le timpeallacht na mara faoin mbliain 2020 ar a dheireanaí. Tá an treoir sin an-chosúil leis an Treoir Réime Uisce ach amháin go bhfuil an bhéim ar thimpeallacht na mara.

3.8 Is é cuspóir atá leis an Treoir uiscí farraige na hEorpa a chosaint trí chur chuige atá bunaithe ar an éiceachóras a chur i bhfeidhm i ndáil leis an mbainistíocht ar ghníomhartha an duine an tráth céanna a bhfágtar gur féidir le glúnta na linne seo agus leis na glúnta atá le theacht úsáid inmharthana a bhaint as timpeallacht na mara. Ciallaíonn dea-stádas comhshaoil i dtimpeallacht na mara an fharraige a bheith glan, sláintiúil agus torthúil agus go gcoinnítear úsáid an duine as an timpeallacht mara ar leibhéal atá inmharthana.

---

2 Breis eolais faoin Treoir maidir le Pleanáil Spáis Mhuirí http://www.housing.gov.ie/node/7081

3 Breis eolais faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí http://www.housing.gov.ie/water/water- quality/marine-strategy/marine-strategy-framework-directive-msfd

3.9 Faoin MSFD, ní mór na réimsí uisce mara a mheas i gcomórtas le tacar aontaithe caighdeán i ndáil le réimsí éagsúla a bhfuil tábhacht leo maidir le cúrsaí timpeallachta (e.g. bithéagsúlacht, stoc éisc, agus ábhar truaillithe). Ní mór spriocanna agus táscairí oiriúnacha timpeallachta a leagan síos, arna mbunú ar an obair meastóireachta sin, agus cláir beartaíochta a chur ar bun ionas go mbaintear dea-stádas timpeallachta amach.

3.10 Éilítear ar na Ballstáit go léir faoin **Treoir Réime Uisce** (2000/60/CE)[4] caighdeán an uisce a chosaint agus a fheabhsú i ngach réimse uisce ionas go mbaintear dea-stádas timpeallachta amach faoin mbliain 2015 nó faoin mbliain 2027 ar a dheireanaí. Tá éifeacht dlí leis an treoir i ndlí na hÉireann mar gheall ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce) 2003 (I.R. Uimh. 722 de 2003). Tá an treoir i bhfeidhm maidir le haibhneacha, locha, screamhuisce agus réimsí idirchriosacha uisce le cósta. Ceanglaítear faoin Treoir na pleananna bainistíochta a ullmhú de réir abhantrachta agus leagtar síos modh sonrach maidir leis na pleananna sin a leagan amach.

3.11 D'fhéadfadh dualgais a thagann i gceist faoi threoracha éagsúla eile a bheith tábhachtach freisin maidir le comhthéacs na pleanála spáis mara, an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, an Treoir maidir le Níotráití, an Treoir maidir le hUiscí Snámha, agus an Treoir maidir le Tuilte san áireamh.

## An Polasaí Náisiúnta agus an Creat Dlí

3.12 Rinneadh an Treoir MSP a thrasuí i ndlí na hÉireann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Creat le haghaidh Pleanáil Spáis Mhuirí)[5], arna síniú an 29 Meitheamh 2016. Cuirtear ar bun leis na rialacháin an bonn dlí agus an creat ginearálta faoinar féidir plean (nó pleananna) spáis mara a thabhairt chun cinn gach 10 mbliana. Faoi na Rialacháin, is é an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an t-údarás inniúil chun críche na Treorach agus, dá réir sin, chun críche an chéad phlean spáis mara de chuid na hÉireann a ullmhú.

3.13 Cuirtear sonraí bonnlíne ar fáil trí chlár náisiúnta na hÉireann maidir le mapáil ar réimsí mara, INFOMAR (Mapáil Shlánchóirithe maidir leis an bhForbairt Inmharthana ar Acmhainní Mara na hÉireann), atá ina bhonn treise faoin bpleanáil Spáis Mara. Tá sin luaite sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus luaitear freisin é ar cheann de na príomhbhearta atá le tabhairt i gcrích faoi HOOW. Cuirtear bonn daingean faoin bhforbairt agus faoin gcosaint ar fud earnálacha éagsúla mara, cúrsaí iompair, iascaigh, dobharshaothraithe, oidhreacht mara, ainmniúchán timpeallachta, ábhar cumascáin agus obair thaighde san áireamh, le mapaí cruinne de ghrinneall na farraige agus le sonraí cruinne. Léirítear le bearta taighde eacnamaíochta go bhfuil fiúntas leis an mbeartaíocht sin agus tairbhe as don stát a fhágann gur fiú an costas.

3.14 Le Cuid 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018[6], ar thosach feidhme a chur leis, déanfar na rialacháin thuas a aisghairm agus reachtaíocht phríomha nua a chur ina n-áit d'fhonn feidhm a bheith lena n-éilítear faoin Treoir MSP. Tabharfar isteach socruithe nua maidir leis an bpróiseas a ghabhann le plean a chur i dtoll a chéile, cúrsaí rialachais san

[4] Breis eolais faoin gCreat-Treoir Uisce http://www.housing.gov.ie/node/433
[5] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2016/si/352/made/en/pdf
[6] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/16/enacted/en/pdf

áireamh chomh maith le rannpháirtíocht an phobail, athbhreithniú agus páirt an Oireachtais, sa chaoi is a go gcinntítear go mbíonn an próiseas i ndáil le Creat Náisiúnta na hÉireann maidir le Pleanáil Mara i gcomhréir agus ag teacht go hiomlán leis na socruithe maidir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála sa chóras pleanála talún. Tugtar sonraí breise faoin reachtaíocht sin i gCuid 23 thíos.

3.15 Bhain céimeanna éagsúla leis an gcur i bhfeidhm in Éirinn ar a n-éilítear maidir leis an MSFD.

3.16 Leis an gcéad chéim, bhí gá le **Measúnacht Tosaigh** ar réimsí mara na hÉireann, deimhniú maidir le Dea-stádas Timpeallachta agus spriocanna agus táscairí timpeallachta a leagan síos. Leis an mbeart measúnachta sin, tugadh cuntas ar stádas reatha thimpeallacht mara na hÉireann de réir 11 táscaire maidir le stádas GES.

3.17 Leis an dara céim, rinneadh cláir monatóireachta a leagan síos agus a chur i bhfeidhm maidir leis an measúnacht leanúnach ar stádas timpeallachta na réimsí uisce mara ón dtiocfaidh na bunsonraí agus na bunfhoinsí faisnéise maidir le tuairiscí foirmeálta a thabhairt don AE.

3.18 Leis an tríú céim, rinneadh Clár Beartaíochta (POM) a chur i dtoll a chéile d'fhonn dul i ngleic le tosca a chuireann isteach ar dhea-stádas timpeallachta a bhaint amach. Is é príomhchuspóir atá le clár POM gníomhartha agus bearta a leagan síos a threiseoidh le spriocanna timpeallachta a shásamh a leagtar amach faoin Treoir sa chaoi is go mbaintear dea-stádas timpeallachta amach (nó go gcoinnítear an stádas sin).

3.19 Tá an obair maidir le coinníollacha MSFD ag dul ar aghaidh go neamhspleách an tráth céanna leis an bpróiseas MSP agus beifear ag glacadh leis sin mar cholún timpeallachta faoin gCreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara. Tugtar eolas níos mine maidir le cúrsaí MSFD i gCuid 15 thíos (Timpeallacht na Mara).

3.20 Go ginearálta, is iad na cuspóirí leis an g**Creat-Treoir Uisce** (1) meath réimsí uisce a sheachaint agus iad a chosaint, a fhorfheabhsú agus a athchóiriú d'fhonn iad a thabhairt ar stádas maith ar a dhonacht agus (2) comhlíontas a bhaint amach maidir leis na coinníollacha i leith limistéir ainmnithe faoi chosaint. Tá feidhm léi maidir le haibhneacha, locha, screabhuisce agus réimsí idiruisce. Éilítear faoin Treoir go ndéantar pleananna bainistíochta a ullmhú de réir limistéir abhantrachta agus leagtar amach go sonrach modh faoi leith maidir leis na pleananna sin a chur i dtoll a chéile.

3.21 Is pleananna d'fhonn feabhas a chur ar thimpeallacht uisce agus d'fhonn sin a chosaint atá sna Pleananna Bainistíochta Abhantraí. Déantar iad a ullmhú agus a leasú gach sé bliana. Bhain na pleananna RBMP tosaigh le tréimhse na mblianta 2010 go dtí 2015. D'fhoilsigh an Rialtas an dara sraith pleananna RBMP[7] ar an 17 Aibreán 2018 ina leagtar amach na bearta a dhéanfar chun caighdeán an uisce a fheabhsú agus a chosaint i rith na mblianta idir 2018 agus 2021.

[7] https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/rbmp_report_english_web_version_final_0.pdf

3.22 Beidh aird leis an gCreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara ar na bearta a luaitear sna Pleananna RBMP, go háirithe an chuid sin acu a bhaineann le réimsí uisce le cósta.

## Ceangal leis an bPleanáil Talún

3.23 Beidh Creat Náisiúnta na hÉireann maidir le Pleanáil Mara ina cáipéis comhthreomhar leis an gCreat Náisiúnta Pleanála[8] (NPF). Cáipéis náisiúnta atá sa Chreat NPF a bheidh ina threoir ardleibhéil maidir le pleanáil agus forbairt talún sa tír go ceann breis is 20 bliain sa chaoi is go dtarlaíonn, de réir mar a théann an daonra i méid, forás inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta.

3.24 Fágann an Creat NPF a thabhairt chun críche chomh maith leis an bPlean Forbartha Náisiúnta deich mbliana go mbeidh aon phlean amháin ann ar an leibhéal náisiúnta mar threoir maidir le forbairt straitéiseach agus infheistíocht san infreastruchtúr.

3.25 Leagtar síos freisin leis an gCreat NPF agus an Plean Náisiúnta Forbartha an comhthéacs maidir le Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta a thabhairt chun cinn ag gach ceann de thrí thionól réigiúnach na hÉireann ina dtugtar san áireamh Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach na n-údarás áitiúil agus ina ndéantar comhordú eatarthu ar bhealach a fhágann go dtagann na pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla le chéile.

3.26 Admhaítear sa Chreat NPF an tábhacht atá le slánchóiriú idir pleanáil talún agus pleanáil mara (Caibidil 7) i ndáil leis na haidhmeanna iomadúla atá leis an dá chineál araon agus na réimsí comhordúcháin agus gníomhaíochta a bhaineann leis an dá raon. Luaitear 6 cinn de chuspóirí pleanála náisiúnta faoin gCreat NPF a bhaineann go sonrach le hearnáil na mara.

3.27 Is den tábhacht go n-admhaítear ar an gcaoi chéanna faoin gCreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara an tábhacht atá le slánchóiriú agus comhordú a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil leis an réimeas pleanála talún. San am atá romhainn beidh sé chomh tábhachtach céanna go mbíonn pleananna talún náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ag teacht leis an gCreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara. Is iomaí gníomhaíocht nó úsáid a tharlaíonn ar talamh nó ar muir a bhféadann tionchar a bheith acu ar réimse na talún agus ar réimse na farraige araon. Ceanglaítear faoin Treoir MSP gur gá cásanna den sórt sin a thabhairt san áireamh.

## Measúnacht Timpeallachta

3.28 Beidh aird ar a n-éilítear maidir le measúnú ar an tionchar a bheadh ag pleananna agus cláir áirithe ar an timpeallacht faoi Threoir 2001/42/CE, ar a dtugtar go coitianta an Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA), i ndáil leis an obair ar an dréacht de phlean spáis mara.

3.29 Déantar Treoracha an AE maidir le hÉin agus le Gnáthóga a thrasuíomh i ndlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011). Éilítear faoi na rialacháin go ndéantar scagthástáil i leith measúnú oiriúnachta (AA) agus, sa chás gur gá sin, go ndéantar measúnú oiriúnachta.

8 http://npf.ie/wp-content/uploads/Project-Ireland-2040-NPF.pdf

3.30 Fostóidh DHPLG comhairleoirí seachtracha chun bearta measúnachta timpeallachta a dhéanamh agus foilseofar torthaí na mbeart sin in éineacht leis an dréacht den Chreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara.

## Comhthéacs an Rialúcháin Náisiúnta

3.31 Téann an fhreagracht as cúrsaí mara, lena n-áirítear ceadúnú agus córais ceada a thabhairt i bhfeidhm, ar fud ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla rialtais. Tugtar liosta den réimse leathan ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Rialtais agus comhlachtaí poiblí ar a leagtar feidhmeanna a bhaineann le limistéar na mara in Aguisín A.

3.32 Mar gheall ar an ngá le comhordú éifeachtúil ar fud na ranna Rialtais éagsúla, cuireadh meitheal idir-rannach **an Ghrúpa Comhordúcháin Mara** ar bun sa bhliain 2009. Tugtar liosta de bhaill an Ghrúpa in Aguisín B. Tagann an Grúpa, a thionólann Roinn an Taoisigh, faoi Chathaoirleacht an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bíonn cruinniú in aghaidh na míosa ag an nGrúpa ar a bhfreastalaíonn ionadaithe ó na ranna a bhfuil baint acu le ceisteanna mara chun plé agus comhordú a dhéanamh ar chúrsaí for-réiseacha a bhfuil gá le beartaíocht idir-rannach ina leith.

## An Creat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara a Aontú

3.33 Is é an dáta éifeachtach óna mbeidh de cheangal faoin dlí cloí leis na coinníollacha sa Chreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara an dáta ar a ndéantar a aontú agus glacadh leis, dáta a mheastar faoi láthair a thiocfaidh i ndeireadh na bliana 2020. Níl, mar a tharlaíonn, aon phlean ar bun ar gá cloí leis idir an dá linn. I ndáil le sraitheanna eile den phróiseas pleanála san am atá romhainn agus le hathbhreithniú ar phleananna, beidh an leagan reatha den Chreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara a bhíonn i bhfeidhm ag aon tráth faoi leith i bhfeidhm go dtí go nglactar le plean nua a thagann ina áit.

## Ceadanna agus Ceadúnú Mara

3.34 Ní thiocfaidh an Creat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara in ionad aon réimse rialúcháin reatha ná aon cheangal faoin reachtaíocht maidir le bearta éagsúla in earnáil na mara ná ní chuirfear ar ceal iad mar gheall ar an gCreat Náisiúnta. Is é an chaoi a mbeidh creat for-réiseach á chur ar fáil maidir le feidhmiú leanúnach an réimse rialúcháin sin.

3.35 Tiocfaidh de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí a dhéanann cinntí maidir le toiliú le forbairt agus beartaíocht mara cuspóirí na bpleananna, arna n-aontú, a thabhairt san áireamh. Níor chóir, ina ainneoin sin, moill a chur ar chinneadh i ndáil le hiarratas ar chead go dtí go n-aontaítear agus go nglactar le plean den chéad uair.

3.36 Pléifear le cásanna atá sa chóras cheana féin nó a chuirtear faoi bhráid lena meas sula nglactar leis an gcéad Chreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara sa bhliain 2020, de réir mar a bheartaítear, de réir na bpleananna earnála agus na gcoinníollacha rialúcháin atá i bhfeidhm faoi láthair.

## An Bille um Limistéar Muirí agus Imeall Trá (Leasú)

3.37 Mar a leagtar amach in 1.5 thuas, sonraítear in HOOW an gá le plean slánchóirithe mara a mbeidh córas ceadanna agus ceadúnaithe éifeachtach daingean ina bhonn treise faoi. Tá de rún leis an mBille um Limistéar Muirí agus Imeall Trá caomhchóiriú a thabhairt ar an bpróiseas ceada maidir le cúrsaí mara tríd an gcóras ceada imeall trá a thabhairt leis an gcóras pleanála agus soláthar a dhéanamh don aon Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta amháin i ndáil le tionscadail. Beidh soláthar á dhéanamh freisin do chóras comhleanúnach maidir le freastal d'fhorbairt agus bainistíocht a dhéanamh maidir le forbairt sa chrios EEZ agus ar an scairbh ilchríochach, réimeas cuimsitheach san áireamh den chéad uair maidir le rialúchán i leith Fhuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta.

3.38 Le linn na hoibre ar dhréachtadh na cáipéise seo, tugadh chun suntais cuid mhór ceisteanna atá anróiteach ó thaobh cúrsaí teicniúla agus crosta ó thaobh cúrsa dlí nach ndearnadh aon phlé orthu go dtí seo i gcomhthéacs na hÉireann. Tá tábhacht leis na ceisteanna seo i ndáil le réimse feidhmeanna ar fud an Rialtais a bhaineannle gnóthaí mara. Leanadh den fhorbairt i rith na mblianta 2017 agus 2018 trí chaidreamh a chothú leis an nGrúpa Comhordúcháin Mara, ceardlanna agus cruinnithe déthaobhacha le Ranna polasaí a bhaineann le hábhar agus le hOifig an Ard-Aighne. Táthar ag tnúth le comhairle dlí ó Oifig an Ard-Aighne go gairid a bheidh ina lón comhairle maidir le bailchríoch a chur ar an reachtaíocht leasaithe maidir le cead forbartha i réimsí muirí.

## Athrú Aeráide

3.39 Is san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015[9] atá bonn reachtaíochta leis an gcuspóir náisiúnta athraithe a leagtar amach sa seasamh náisiúnta polasaí. Tá ceangailte ar an Aire Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil, de réir mar a fhoráiltear in Acht na bliana 2015 ar mhaithe leis an gcuspóir náisiúnta athraithe a thabhairt i gcrích, sraith de Phleananna Náisiúnta Maolúcháin (NMP) agus de Chreata Náisiúnta Oiriúnaithe (NAF) as a chéile a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Rialtais. Foilsíodh an chéad Phlean NMP[10] i mí Iúil 2017 agus an chéad Chreat NAF[11] i mí Eanáir 2018.

3.40 Beidh an t-athrú aeráide á thabhairt san áireamh ar dhá bhealach maidir leis an bplean spáis mara a ullmhú; bealaí ina bhféadfadh bearta faoin bplean a bheith ina cuidiú le hathrú aeráide a mhaolú agus bealaí ina bhféadfadh gá a bheith le bearta faoin bplean a chóiriú i ndáil leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta sin ar an athrú aeráide.

## BREXIT agus Pleanáil Mara

3.41 Tá na comhlachtaí riaracháin maidir le pleanáil mara i Sasana, i dTuaisceart Éireann, in Albain agus sa Bhreatain Bheag ag dul chun cinn le pleananna a ullmhú dá limistéar féin le roinnt blianta anuas. Tá pleananna ar bun i Sasana maidir le sé cinn d'aon limistéar déag

9 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/act/46/enacted/en/pdf
10 https://www.dccae.gov.ie/documents/National%20Mitigation%20Plan%202017.pdf
11 https://www.dccae.gov.ie/documents/National%20Adaptation%20Framework.pdf



Leagtar síos dhá sprioc eacnamaíochta forghinearálta faoi HOOW – dúbailt a thabhairt ar luach shaibhreas na farraige go dtí 2.4% den OTI faoin mbliain 2030, ardú ar an láimhdeachas ó eacnamaíocht mara na hÉireann go mbíonn os cionn €6.4bn faoin mbliain 2020.

pleanála mara agus tá pleananna á n-ullmhú d'fhuílleach na limistéar. Tá aon phlean mara náisiúnta amháin ar bun in Albain ón mbliain 2015 i leith. Tá dréacht de phlean ullmhaithe agus foilsithe i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Bheag agus comhairliúchán poiblí ar siúl ina leith. Tá socruithe déanta, de réir fhorálacha Threoir 2014/89/AE MSP, chun a chinntiú go mbíonn Ballstáit an AE i gcomhairle lena chéile ionas go mbíonn na pleananna spáis mara comhleanúnach agus i gcomhord ar fud réigiúin mara.

3.42 Rinne comhlachtaí riaracháin na Ríochta Aontaithe cloí leis na socruithe sin le linn a gcuid pleananna a leagan amach agus leanfaidh na socruithe i bhfeidhm i rith phróiseas idirthréimhseach Brexit. Mar a chéile le gnéithe eile den chaidreamh idir an AE agus an Ríocht Aontaithe san am atá romhainn, ní féidir socrú críochnúil faoin gcaidreamh ionchais maidir le cúrsaí mara a dhéanamh go mbíonn an Ríocht Aontaithe ina Tríú Tír, eadhon, tar éis don Ríocht Aontaithe an AE a fhágáil ar an 29 Márta 2019.

3.43 Tá grúpa nua curtha ar bun de thoradh thionscnamh de chuid an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, mar gheall ar an ngá le caidreamh leanúnach ar fud na ndlínsí pleanála mara ar fad in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tagann oifigigh sinsearacha polasaí agus pleanála as na sé chomhlacht riaracháin maidir le pleanáil mara in Éirinn, Tuaisceart Éireann, Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus Oileán Mhanainn le chéile sa ghrúpa nua faoi dhó sa bhliain chun plé a dhéanamh ar na cora is deireanaí maidir le pleananna náisiúnta agus ceisteanna a bhaineann leis an bpleanáil a bheadh ina ábhar buartha nó spéise acu araon. Cé nach bhfuil ceangal de chineál ar bith idir an fóram sin agus na cainteanna maidir le Brexit, beidh sé ina bhuanchóras seasta maidir le caidreamh trasteorann.

## Ceisteanna maidir le Teorainneacha Idirnáisiúnta

3.44 Tá ceisteanna dlínse maidir le Loch Feabhail agus Loch Cairlinn gan réiteach go fóill. Ag eascairt ó chainteanna i rith na bliana 2011 idir an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Foreign Secretary na Breataine, d'aontaigh Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe féachaint le teacht ar réiteach ar na ceisteanna seo. Tionóladh sraith cruinnithe ar leibhéal na n-oifigeach ó sin i leith idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus an Foreign and Commonwealth Office. Tá ceisteanna casta le réiteach lena mbaineann réimse leathan eagraíochtaí agus comhlachtaí, an Crown Estate san áireamh, agus tá an dá Rialtas tugtha do theacht ar réiteach tairbheach chomh luath agus is féidir.

# 4.0 Príomhghníomhartha na nEarnálacha

4.1 Sna codanna seo a leanas, leagtar amach buneolas agus faisnéis maidir le gach ceann de na príomhearnálacha mara. Tiomsaítear le chéile, maidir le gach earnáil faoi seach, lón fianaise agus ceisteanna atá tagtha chun cinn bunaithe ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a cruinníodh go dtí seo, an comhthéacs náisiúnta agus an beartas náisiúnta, pleananna reatha a bhaineann le hábhar, agus plé le geallsealbhóirí. Déantar eolas ar gach earnáil a chur i láthair faoi na ceannteidil seo a leanas:

- **Fianaise Príomhthábhachta:** tugtar achoimre ar an bhfaisnéis is tábhachtaí i ndáil leis an earnáil, ábhar maidir leis an gcomhthéacs náisiúnta agus leis an mbeartas náisiúnta san áireamh chomh maith le pleananna, sonraí agus faisnéis a bhaineann le hábhar;
- **Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm:** leagtar amach na ceisteanna is mó faoi láthair agus an t-ábhar dúshláin a mheastar a bheidh le sárú maidir le spriocanna i leith na hearnála a thabhairt i gcrích;
- **Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile:** leagtar amach an ceangal atá idir an earnáil agus beartaíocht de chineálacha eile;
- **Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta:** déantar tionchar sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta na hearnála a mheas.

4.2 Sa chás go gcuirtear mapa ar fáil, tugtar sin ag bun na coda lena mbaineann sé.



RV Celtic Voyager le balla sa Dug i nGaillimh.

# 5.0 Dobharshaothrú

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

5.1 Is gné bhuntábhachtach de chúrsaí eacnamaíochta le cósta na hÉireann an dobharshaothrú agus tá sé ar bun in áiteanna éagsúla sa cheantar céanna ina bhfuil earnálacha eile mara, mar shampla calafoirt, caitheamh aimsire ar farraige agus turasóireacht. Tagann san áireamh le dobharshaothrú feirmeoireacht nó saothrú ar iasc, inveirteabraigh uisceacha, plandaí uisceacha nó cineál uisceach ar bith den bhia atá oiriúnach do chothú éisc. D'fhéadfadh go mbeadh gá le cead pleanála agus le cead sceite ón údarás áitiúil chomh maith i gcás dhobharshaothrú ar talamh. An Rannóg maidir le Dobharshaothrú agus Bainistíocht Imeall Trá sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a dhéanann an riarachán maidir le ceadúnais dobharshaothraithe. Déanann an Rannóg riarachán freisin maidir le ceadúnais coimhdeacha imeall trá a mbíonn gá leo maidir le beartaíocht dobharshaothraithe amach ón gcósta. Déantar gach iarratas ar cheadúnas dobharshaothraithe a mheas sa Roinn i gcomhréir leis an reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht Iascaigh (Leasú) 1997;
- An tAcht Imeall Trá 1933;
- Treoir 92/43/CCE maidir le Gnáthóga;
- Treoir 79/409/CCE maidir le hÉin;
- Na Treoracha Comhdhlúite maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta 2011/92/AE;
- An Treoir maidir le Rannpháirteachas an Phobail (Coinbhinsiún Aarhus).

5.2 Baineann dul i gcomhairle le réimse leathan saineolaithe eolaíochta agus teicniúla, agus le daoine/comhlachtaí a n-éilítear faoin reachtaíocht comhairle a dhéanamh leo, le próiseas na gceadúnas. Foráiltear faoin reachtaíocht freisin do thréimhse áirithe maidir le comhairliúchán poiblí. Ní mór don Roinn, anuas ar an reachtaíocht thuasluaite, cloí le réimse leathan coinníollacha rialúcháin agus le réimsí eile den reachtaíocht a thagann i gceist maidir le próiseas na gceadúnas.

5.3 Déantar measúnú maidir le hiarratais ar cheadúnais dobharshaothraithe trí phróiseas lena mbaineann céimeanna éagsúla, Measúnacht Oiriúnachta agus Tionchar Timpeallachta mar shampla de réir mar is cuí, chomh maith le comhairliúchán de réir reachtaíochta nó comhairliúchán poiblí agus monatóireacht ina dhiaidh sin maidir le comhlíontas agus eile de réir mar is gá.

5.4 Faoin bpróiseas ceadúnaithe, tugtar ceisteanna éagsúla san áireamh, mar shampla cúrsaí hidridinimiciúlachta, cur isteach ar an radharc, cur isteach ar láithreáin Natura 2000, úsáideoirí eile mara agus an stoc éisc de chineálacha dúchasacha.

5.5 Tá le sonrú ón mbeart suirbhéireachta is deireanaí de chuid BIM ar earnáil an dobharshaothraithe Suirbhé Dobharshaothraithe BIM[12] gur tháinig ardú go dtí 47,147 tonna d'earraí ag geata na feirme, dar luach €208.4 milliún ar tháirgeacht lucht Dobharshaothraithe na hÉireann sa bhliain 2017. Leathnaíodh ar an táirgiúlacht ó thaobh toirt iomlán (+ 7%), luach (+ 24%) agus luach an aonaid i gcomórtas leis an mbliain 2016. Cé go bhfuil réimsí áirithe, mar shampla saothrú diúilicíní ar rópaí, gan mórán athrú ón mbliain 2008 i leith, tháinig ardú níos mó ná 25%, maidir le toirt, ar tháirgeacht oisrí idir na blianta 2007 agus 2016 agus ardú 128%

[12] http:/ www.bim.ie/media/bim/content/publications/aquaculture/BIM-Annual-Aquaculture-Survey-2018.pdf



Tarlaíonn roinnt den dobharshaothrú ar talamh ach is i dtimpeallacht mara le himeall trá a tharlaíonn a mhórchuid.


in imeacht na ndeich mbliana sin ar an luach. Tháinig borradh de 60% freisin ar an táirgeacht maidir le feirmeoireacht bradán idir na blianta 2007 agus 2016 go raibh 16,300 tonna á gcur ar fáil. Is díol suntais an t-ardú luacha maidir leis an mbradán le hardú níos mó ná 100% go dtí beagnach €105 milliún sa bhliain 2016.

5.6 Bhí 1,913 duine fostaithe go díreach sa tionscail in 280 aonad príomhtháirgeachta sa bhliain 2017.

5.7 Is féidir an dobharshaothrú a rangú go ginearálta idir speicis den iasc eite, den iasc sliogáin agus den fheamainn agus ní mór ceadúnas dobharshaothraithe ina leith. Tarlaíonn roinnt den dobharshaothrú ar talamh ach is i dtimpeallacht mara le himeall trá a tharlaíonn a mhórchuid agus is le cósta an deiscirt, an iarthair agus an iarthuaiscirt is coitianta a dhéantar é. Is faoi úinéireacht poiblí beagnach gach réimse imeall trá in Éirinn agus, dá réir sin, ní mór ceadúnas dobharshaothraithe, maidir leis an obair féin, agus ceadúnas imeall trá ag gabháil leis, maidir leis an réimse imeall trá atá i gceist a áitiú, chun tabhairt faoi bheartaíocht dobharshaothraithe. Fiú amháin sa chás go mbeadh réimse imeall trá faoi úinéireacht phríobháideach, is gá ceadúnas dobharshaothraithe chun tabhairt faoin mbeartaíocht sin.

| Marine Aquaculture | 2012 | 2014 | 2016 | 2012-2014 (% change) | 2014-2016 (% change) |
|---|---|---|---|---|---|
| Turnover €000's3 | 130,300 | 116,299 | 167,990 | -11% | 44% |
| GVA €000's | 60,600 | 49,103 | 71,533 | -19% | 45% |
| Employment FTEs | 956 | 941 | 1,048 | -1.60% | 11% |
| Location of activity | Shellfish aquaculture activities are widely distributed across the coast of Ireland, with particular concentrations in Co. Donegal, Connemara, Co. Galway, West Cork, Co. Waterford, Co. Wexford, and Carlingford Lough, Co. Louth. Finfish aquaculture is mainly restricted to the Western seaboard in counties Donegal, Mayo, Galway, Kerry and Cork. | | | | |

**Tábla 1: Láimhdeachas, GVA, fostaíocht maidir le Dobharshaothrú Mara 2012, 2014 agus 2016 (Foinse: Ireland's Ocean Economy 2016, Vega/Hynes OÉ Gaillimh)**




**Fíor 1: An luach atá leis an mbeartaíocht dobharshaothraithe in Éirinn arna lua de réir contae (Foinse: Foras na Mara, BIM, EPA)**

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

5.8 Is obair chinniúnach a bheidh le déanamh i rith an tréimhse seo romhainn an phleanáil maidir le forás straitéiseach ar an tionscal. Ar leibhéal na hEorpa, cé go bhfuil titim ar an táirgeacht fhoriomlán le deich mbliana anuas, meastar go coitianta go dtiocfaidh ardú ar an táirgeacht dobharshaothraithe chun éileamh níos mó ar bhia mara a shásamh, lena n-áirítear éileamh tréan ar tháirgí bia mara atá difreálaithe agus a bhfuil deimhniú cáilíochta ag dul leo taobh istigh den AE, chomh maith leis an ngá an méid bia mara a iompórtáiltear a ísliú agus an brú ar an stoc éisc a mhaolú. Is féidir ról tábhachtach a bheith le pleanáil mara maidir le cur chuige bunaithe ar phlean i ndáil le forbairt straitéiseach an tionscail in Éirinn agus ar fud an AE.

5.9 I gcomhthéacs thionscal dobharshaothraithe a bhfuil borradh faoi agus iomaíocht níos géire maidir le spás, tá réimsí nua spáis á scrúdú agus á n-úsáid ar mhaithe leis an dobharshaothrú. Is féidir an t-aistriú seo amach go dtí réimsí nach measfaí a bheith oiriúnach roimhe seo mar gheall ar chúrsaí hidridinimiciúlachta mar gheall ar chora nua maidir le modhanna oibre agus teicneolaíocht an dobharshaothraithe. Fágann sin ábhar dúshláin ag údaráis rialála freisin maidir le próiseas na gceadúnas agus le measúnacht timpeallachta.

5.10 Beidh tionchar ag na torthaí ar an Athbhreithniú ar Phróiseas na gCeadúnas Dobharshaothraithe[13] 2017 ar chúrsaí ceadúnais maidir leis an dobharshaothrú nuair a chuirtear i bhfeidhm iad. Ba é an t-ábhar buartha ba mhó ba chúis leis an athbhreithniú a dhéanamh an riaráiste oibre maidir le hiarratais ar cheadúnas. Dá réir sin, is é glanadh na hoibre sin an príomhbheart oibre. Le torthaí na tuarascála a chur i bhfeidhm agus mar gheall ar an obair mhór atá déanta cheana féin, beidh cor nua sa rialáil ar an dobharshaothrú ionas gur féidir dea-chóras ceadúnais a fheidhmíonn go maith a chur ar bun. Cuideoidh na moltaí a chur i bhfeidhm freisin leis an gcothromaíocht chuí a thabhairt i gcrích idir riachtanais dhlisteanacha lucht an tionscail agus a mbíonn súil ag an bpobal leis maidir le caomhnú na timpeallachta.

[13] https:/ www.agriculture.gov.ie/media/migration/seafood/aquacultureforeshoremanagement/aquaculturelicensing/aquaculturelicencereview/ReviewoftheAquacultureLicensingProcess210617.pdf

5.11 Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag obair go gníomhach ar mhaithe le 300 cinneadh faoi cheadúnais a dhéanamh i rith na bliana 2018 agus 300 sa bhreis air sin a dhéanamh sa bhliain 2019. Beidh comhoibriú ó pháirtithe éagsúla, a mbeidh baint acu le próiseas na gceadúnas, de dhíth chun sin a bhaint amach. Sásófar ceann de na príomh-mholtaí a chuir an grúpa athbhreithnithe maidir le ceadúnais dobharshaothraithe chun cinn ach líon cinntí maidir le ceadúnais ar an leibhéal sin a thabhairt i gcrích. Cé go dtarlóidh i gcónaí go mbíonn iarratais ar cheadúnais ar gá obair a dhéanamh ina leith, fágfaidh 600 cinneadh a dhéanamh i rith na dtrí bliana seo go mbeidh an riaráiste oibre glanta.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

5.12 Is iomaí bealach ina mbíonn baint ag an dobharshaothrú mara le réimse gníomhartha agus earnálacha mara eile. Mar shampla, is féidir le hinfreastruchtúr dobharshaothraithe tionchar tairbheach a imirt ar iascaigh fiáine trína áiteanna sábháilte a chur ar fáil do speicis áirithe nó trí ábhar cothaithe a chur leis an éiceachóras. Ar an taobh eile den scéal, is féidir galar a scaipeadh go dtí an stoc fiáin (mar gheall ar iasc a éalaíonn) nó is féidir dochar a dhéanamh do chaighdeán an uisce. Ar an gcaoi chéanna, is féidir le dobharshaothrú tionchar chun dochair a imirt ar thurasóireacht trá mar gheall ar eotrófú ar uisce le cósta, ach tá deiseanna suntasacha freisin ann gníomhartha a bhaineann le dobharshaothrú a bheith ar chuid dá dtaithíonn an turasóir. Tá roinnt de Bhallstáit an AE gníomhach i mbun gnóthaí dobharshaothraithe agus monarchana gaoithe amach ón gcósta a chur chun cinn in éineacht.


5.13 Chomh maith leis an gcion tairbhe eacnamaíochta, bíonn "brabús sóisialta" den suntas as tionscal an dobharshaothraithe ag pobal áiteanna le cósta. Admhaítear gné an bhrabúis shóisialta den dobharshaothrú go forleathan, ni amháin i gcomhthéacs na hÉireann ach i gcomhthéacs níos ginearálta an AE.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

5.14 Cuirtear fostaíocht ar fáil go díreach sa tionscal féin leis an dobharshaothrú chomh maith lena bheith ina fhoinse mhórthábhachtach táirgí do thionscal an bhia mara agus ceangailte ar bhealaí áirithe le hearnáil na turasóireachta.

5.15 D'fhéadfadh géarú ar an mbrú ar thimpeallacht chasta an chósta a theacht de bharr éileamh breise ar tháirgeacht dobharshaothraithe. Bíonn castacht ag baint le hiarratais ar cheadúnais dobharshaothraithe ag brath ar chúrsaí hidridinimiciúlachta, ar ainmniúchán timpeallachta an ionaid agus ar fhorbairt bheartaithe eile san áit.

5.16 Bíonn cúrsaí timpeallachta, mar shampla cur isteach ar an radharc, cur isteach ar iascach dúchais agus ar láithreacha Natura ina ábhar buartha go minic ag an bpobal i gcoitinne agus déantar measúnacht ina leith tráth an iarratais.




## Aquaculture Sites






Coordinate System
WGS 1984 UTM Zone 29N
Projection
Transverse Mercator

- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly
- Local Authority Area

Aquaculture Site
- Finfish, Application
- Finfish, Licensed
- Seaweed, Application
- Seaweed, Licensed
- Shellfish, Application
- Shellfish, Licensed

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

Department of Agriculture, Food and the Marine, 2018
Map designed by ABPmer, 2018


# 6.0 Oidhreacht agus Acmhainní Cultúir

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

6.1 Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta freagrach as oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta na hÉireann a chosaint agus a chaomhnú.

6.2 Leagtar réimse leathan dualgais ar Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (NMS) i ndáil leis an oidhreacht seandálaíochta mara, lena n-áirítear oiread na hacmhainne cultúir faoi uisce a thomhas, taighde, suirbhéireacht faoi uisce, tochailt agus, i gcomhthéacs an Phlean MSP, rialú a dhéanamh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2014) ar ghníomhartha maidir leis an timpeallacht faoi uisce.

6.3 Tá tábhacht leis an bhfarraige amach ó chósta na hÉireann maidir le cothú dhaoine ar an oileán seo ó tháinig soithí thar sáile ón mBreatain agus ó mhór-roinn na hEorpa den chéad uair beagnach 10,000 bliain ó shin. Bhí árthaigh de chineálacha éagsúla ó thaobh cruth agus méid in úsáid ag dul ar fud an chósta agus ar aibhneacha mar bhealaí isteach faoin tír de réir mar a bhí áiteanna cónaithe á dtógáil, acmhainní á saothrú agus trádáil á chur ar bun. Ba mhinic troid agus aighneas mar gheall ar réimsí talún, smacht ar na hacmhainní agus ar na bealaí uisce. Nuair atá oidhreacht na mara chomh fada seasmhach sin in Éirinn, ní haon ionadh an líon mór longa titithe a bhfuil taifead orthu thart leis an gcósta agus cé go bhfuil tuairisc ar níos mó ná 18,000 uair ar tharla bád a bhriseadh mar gheall ar obair atá ar bun ag an tSeirbhís NMS, meastar go bhféadfadh figiúr chomh hard le 30,000 a bheith níos gaire d'fhírinne an cháis. Tá réimse iléagsúil de chineálacha árthaigh i gceist, crainn snámha, curacha, longa d'aicmí éagsúla ó ré na meánaoise, soithí iascaireachta agus tráchtála, longa gail, fomhuireáin, longa cogaíochta agus línéir paisinéirí san áireamh chomh maith le tuairim is 1,800 long briste a bhaineann leis an gcéad chogadh domhanda nó leis an dara cogadh domhanda.




**Fíor 2: Pictiúr den scáileán i ndáil le deis Breathnóir Long Briste Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta**

6.4 Ar na láithreáin eile agus na réimsí timpeallachta a bhfuil suntas leo ó thaobh an chultúir, tá réimsí taobh tíre atá faoi uisce, cuanta, céibheanna, áiteacha teacht i dtír, gaistí éisc, greillí ceilpe, láithreacha droichid, crannóga agus muilte taoide ar léiriú iad ar an saibhreas a bhaineann le hoidhreacht cultúir faoi uisce na hÉireann i gcomhthéacs an taobh tíre ina bhfuil siad ar fáil. Tá fianaise ar ghnéithe den oidhreacht faoi uisce seo le fáil in uiscí ainmnithe na hÉireann, le cósta na hÉireann (is faide ná 7,000km), in aibhneacha, i dtimpeallacht bogaigh, i gcriosanna idirthaoideacha agus faoi réimsí talún a ndearnadh iad a aisghabháil agus atá suite mar a mbíodh grinneall na farraige tráth. Acmhainn chríochta an oidhreacht chultúir faoi uisce agus ní féidir gnéithe de a athnuachan. Tá brú nádúrtha agus brú ó bheartaíocht an duine ina bhaol maidir lena chaomhnú, mar shampla leathnú ar an bhforbairt mara, bagairt ó thóraíocht taisce, tarrtháil neamhrialaithe nó creimeadh níos géire ar na ceantair le cósta mar gheall ar an athrú aeráide.

6.5 Tá an tSeirbhís NMS freagrach as Taifid Láithreán agus Séadchomharthaí (SMR) a choinneáil. Bíonn mionsonraí faoi na séadchomharthaí agus faoi na háiteanna (láithreáin) ar fad in Éirinn ar fáil le Taifead SMR agus tá breis is 150,800 taifead sa bhunachar sonraí, níos mó ná 138,800 a bhaineann le séadchomharthaí seandálaíochta. Tá cuid mhór séadchomharthaí suite i gcriosanna cósta, idirthaoideacha, inbhir nó fothaoidmheara ní cóngarach do na criosanna sin. Is féidir teacht ar eolas maidir leis na séadchomharthaí le Breathnóir na Timpeallachta Staire[14] seirbhís mapála digiteach ar líne lenar féidir na bunachair sonraí maidir le Taifid Láithreán agus Séadchomharthaí (SMR) na Seirbhíse NMS agus agus an Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) a thapú. Tagann gach séadchomhartha atá ar taifead faoi chosaint na reachtaíochta de réir Alt 14 Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2014.




**Fíor 3: Pictiúr den scáileán i ndáil le Breathnóir na Timpeallachta Staire ina bhfeictear láithreacha Dhúnta Ceann Tíre ar Rinn Duáin, Co. Loch Garman**

[14] http://webgis.archaeology.ie/historicenvironment/

6.6 Is gné bhunúsach d'oidhreacht foirgníochta na hÉireann na bailte móra agus na bailte beaga le réimsí uisce, cuid mhór acu atá suite go breá le gnéithe nádúrtha cósta nó abhann. Tá mórchuid na mbailte móra stairiúla agus na gcalafort suite leis an gcósta thoir, leis an gcósta thoir theas agus leis an gcósta theas a d'fhág bealach straitéiseach anonn agus anall don Eoraip agus amach ar an Atlantach agus ar bhealaí móra trádála an domhain ar feadh na gcéadta bliain. D'fhág cúrsaí tráchtála ar muir agus cúrsaí tionsclaíochta lorg ar na háiteanna sin nuair a bhí earraí agus bunábhar á iompórtáil agus á easpórtáil tríothu. Bhí roinnt acu ar na calafoirt dheireanacha a chonaic Éireannaigh agus iad ag dul ar imirce go dtí tíortha ina raibh deiseanna níos fearr acu. Tá tréithe faoi leith ag baint le cuid mhór de na bailte móra sin mar gheall ar ghnéithe cosanta a thógáil iontu, buntáiste a bhaint as suíomh drámatúil agus as pointí faire a bhí le feiceáil ó bhéal an chuain agus inniúlacht innealtóireachta a léiriú maidir le caladh nó céibheanna a thógáil iontu.

6.7 Is de shaintréithe chuma oileánda na hÉireann na bailte agus na calafoirt seo leis an gcósta agus tá na hacmhainní oidhreachta atá ar fáil iontu go fóill, os cionn uisce agus faoi uisce, le háireamh ar an timpeallacht stairiúil lena bhfuil dlúthcheangal ag an bpobal leis an gcósta chomh maith le leas straitéiseach a bheith leis maidir le turasóireacht cultúir a thabhairt chun cinn, mar atá déanta i ndáil le Slí an Atlantaigh Fhiáin. Is deis na bailte seo don fhorbairt eacnamaíochta, don fhairsingiú agus d'fhorbairt cultúir nuair a dhéantar cóiriú agus athúsáid a mheas go cúramach i gcomhthéacs buntréithe, seanchuma agus iomláine foirgníochta na ngnéithe seo a choinneáil agus a thabhairt slán.

## *Reachtaíocht – Oidhreacht Seandálaíochta agus Foirgníochta*

6.8 Tá reachtaíocht ar bun maidir le cosaint do longa briste agus d'iarsmaí seandálaíochta in uiscí teorann na hÉireann, sa chrios idirthaoideach agus in uiscebhealaí intíre. Alt 3 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1987 a phríomh-mhír reachtaíochta maidir le cosaint do longa briste a tógadh breis agus 100 bliain ó shin agus iarsmaí seandálaíochta faoi uisce gan bheann ar an aois. Is féidir cosaint a chur ar fáil faoin Acht freisin i gcás long a tógadh níos lú ná 100 bliain ó shin agus a briseadh ó shin nó iarsma seandálaíochta nó ionad ina bhféadfadh long briste nó iarsma seandálaíochta den sórt sin a bheith. Is féidir Ordú Oidhreachta Fomhuirí (UHO) a eisiúint maidir leis an mbád briste nó leis an iarsma má mheastar go bhfuil dóthain tábhachta leis ó thaobh cúrsaí staire, seandálaíochta nó ealaíne agus gur fiú cosaint dá leithéid é. Sa bhliain 1995, tugadh cosaint faoi na forálacha sin den Acht dá bhfuil fágtha den RMS Lusitania, a cuireadh go grinneall le toirpéid as fomhuiréan U-20 de chuid na Gearmáine sa bhliain 1915 amach ó chósta Chorcaí, cé nach raibh 100 bliain caite ó tógadh an long ag an am sin.

6.9 Mar a luaitear thuas, déantar foráil le hAchtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2014 freisin do shéadchomharthaí agus do láithreacha seandálaíochta a chosaint agus don rialáil ar obair seandálaíochta. Déantar gach séadchomhartha seandálaíochta dá bhfuil ar aithne a lua i dTaifead reachtúil na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (RMP) agus ní mór d'aon duine a bheartaíonn obair a dhéanamh ar láthair shéadchomhartha taifeadta nó i ndáil le séadchomhartha taifeadta fógra dhá mhí a thabhairt i scríbhinn don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

6.10 Is féidir cuntas achoimre mar seo a leanas a thabhairt ar na ceisteanna maidir leis an oidhreacht cultúir faoi uisce:

- Athrú aeráide, tionchar ar an gcósta agus ar réimsí faoi uisce;
- Creimeadh an chósta;
- An oidhreacht foirgníochta le cósta a chaomhnú;
- Monatóireacht ar an oidhreacht cultúir faoi uisce atá ceangailte le straitéisí bainistíochta faoi leith;
- Teacht ar fhianaise maidir leis an ionad ina bhfuil cuid mhór longa briste (18,000);
- Tarrtháil mara agus an bhagairt a ghabhann le soithí tarrthála sainspeisialta atá i mbun oibre in uiscí teorann na hÉireann agus i réimsí uisce in aice láimhe;
- Tionchar na trálaeireachta ar láithreacha inar tharla longbhriseadh;
- Gníomhartha gan cheadúnas agus tóraíocht taisce ar láithreacha longa briste agus an acmhainn forfheidhmiúcháin.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

6.11 Tá i ndán go bhféadfadh gníomhaíocht agus forbairt de chineálacha éagsúla i dtimpeallacht na mara cur isteach ar ghnéithe den oidhreacht cultúir faoi uisce a bhfuil eolas cinnte fúthu nó atá gan aimsiú go fóill, longa briste san áireamh. Is léiriú ar an ngá an seans go dtarlódh cur isteach den sórt sin a thabhairt san áireamh an ról a leagtar ar an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoin reachtaíocht mar dhuine nach mór comhairle a ghlacadh leis nó léi faoi achtanna éagsúla, ina measc na hAchtanna Imeall Trá 1933–2011, an tAcht um Dhumpáil ar Farraige 1996 & 2004 agus na rialacháin fá Dhumpáil ar Farraige 2012 a ghabhann leis, achtanna iascaigh éagsúla a bhaineann le dobharshaothrú, an tAcht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile 1960 (arna leasú 1990). Sin anuas ar an Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus na Rialacháin maidir le Pleanáil agus Forbairt a ghabhann leis an Acht sin. Tá i ndán go bhféadfadh forbraíocht, más tionscadal mór infreastruchtúir atá i gceist nó obair níos lú ar an leibhéal áitiúil, cur isteach ar ghnéithe den oidhreacht cultúir faoin uisce.

6.12 Déanann an tSeirbhís NMS (thar ceann an Aire), mar chomhairlí faoin reachtaíocht, iarratais a mheas i ndáil leis an tionchar a d'fhéadfadh a theacht ó fhorbairt agus, de réir mar a oireann, cuirtear moltaí ar aghaidh chuig an údarás pleanála cuí á iarraidh go gcuirtear bearta maolúcháin seandálaíochta de choinníoll le haon chead pleanála, ceadúnas imeall trá, cead dumpáil ar farraige, etc. a thugtar ionas go gcinntítear an oidhreacht cultúir faoi uisce a chosaint.

6.13 Braitheann na bearta maolúcháin a mholtar maidir le cúrsaí seandálaíochta ar scála agus ar thionchar na forbartha agus ar acmhainn seandálaíochta na háite. D'fhéadfadh nithe mar seo a leanas a bheith san áireamh le bearta eile: measúnacht boird roimh an bhforbairt; suirbhéireacht seandálaíochta le tumadóireacht; suirbhéireacht geoifisice; suirbhéireacht siúlóide san uisce agus brathadóireacht miotail; measúnacht seandálaíochta faoi uisce; tástáil seandálaíochta roimh an bhforbairt.

6.14 D'fhéadfadh go gceanglófaí freisin go ndéanfaí tochailt seandálaíochta nó monatóireacht seandálaíochta le linn na hoibre beartaithe nuair is eol ábhar seandálaíochta a bheith ar fáil nó gur dócha go mbeidh ábhar seandálaíochta ar fáil nó nuair a thagtar ar ábhar nua. Anuas air sin, tá réimsí tíre le bealaí abhann, le hinbhir agus leis an gcósta a bhfuil aisghabháil á dhéanamh orthu leis na cianta. Tá i ndán go bhfuil iarsmaí iontu sin de shoithí a cailleadh, a tréigeadh nó a briseadh ar sheanghrinneall na farraige, le seanchóstaí nó ar bhealaí eile uisce sula ndearnadh an obair aisghabhála.


## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

### *Turasóireacht Oidhreachta agus Sainiúlacht Cultúir a Fhorbairt*

6.15 Is féidir áiteanna inar tharla longbhriseadh a úsáid chun fiúntas na hoidhreachta cultúir faoin uisce a chur chun cinn, ann féin nó mar ghné den turasóireacht oidhreachta, mar shampla tumadóireacht ar longa briste, bealaí le cósta agus turais oidhreachta mara, etc. Tagann sin go maith le haidhmeanna an Rialtais, le tionscnaimh áitiúla agus poiblí agus le cláir éagsúla (i.e. Slí an Atlantaigh Fhiáin, Sean-Oirthear na hÉireann, slite oidhreachta áitiúla, turasóireacht le cósta, turasóireacht tumadóireachta, etc.); is féidir tábhacht a bheith leis an oidhreacht mara freisin maidir le sainiúlacht cultúir agus branda turasóireachta a chruthú do réigiúin le cósta an tráth céanna a gcuirtear trasna gur gá an ghné sin den oidhreacht cultúir a chosaint agus a chaomhnú.

### *Athrú Aeráide*

6.16 Tá an t-athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar an oidhreacht mara agus ar an oidhreacht le cósta. Ag teacht le cinneadh an Rialtais i mí Márta 2018, tá Plean Cóiriúcháin Earnála mar gheall ar an Athrú Aeráide á ullmhú ag an Roinn maidir leis an Oidhreacht Foirgníochta agus an Oidhreacht Seandálaíochta. Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Cóirúcháin (NAF) an comhthéacs ina gcinnteofar gur féidir le hearnálacha, an Oidhreacht Foirgníochta agus an Oidhreacht Seandálaíochta mar shampla, tabhairt faoi na príomhréimsí baoil agus an bhagairt is mó ón athrú aeráide a mheas. Fágfaidh sin gur féidir bearta maidir le seasamh in aghaidh na haeráide a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbíonn ceisteanna maidir le cóiriú i leith na haeráide ina ghnáthchuid den cheapadh beartais ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta; déanfar na polasaithe maidir le bearta cóiriúcháin atá i gceist ag an Roinn a leagan síos go sonrach chun críche (a) a thabhairt gur féidir dul in oiriúint do thorthaí an athrú aeráide i ndáil leis an oidhreacht foirgníochta agus leis an oidhreacht seandálaíochta agus (b) a thabhairt gur féidir an aidhm náisiúnta athraithe a thabhairt i gcrích.




## Cultural Heritage

Kilometres
0 25 50 100 150

Coordinate System
WGS 1984 UTM Zone 29N
Projection
Transverse Mercator

- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Local Authority Area
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly
- UNESCO Site
- Shipwreck

1 - Burren and Cliffs of Moher Geopark
2 - Skellig Michael World Heritage Site
3 - The Copper Coast Geopark
4 - Dublin - City of Literature
5 - Dublin Bay Biosphere

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, 2018;
UNESCO, 2016
Map designed by ABPmer, 2018

# 7.0 Cúrsaí Cosanta agus an tSlándáil Náisiúnta

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

7.1 Cuireann Óglaigh na hÉireann réimse leathan seirbhísí mara ar fáil ag teacht leis an bpríomhról slándála atá ar an eagraíocht. Déantar an tráth céanna réimse iléagsúil oibre ar réimsí uisce na hÉireann (agus níos faide ó bhaile) nach mbaineann le cúrsaí slándála, mar shampla cuidiú le hiarrachtaí an AE lucht imirce a thabhairt slán.

7.2 Faoin Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí 2006, bunaíodh an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) mar údarás inniúil i ndáil le forfheidhmiú éifeachtach críochnúil ar an reachtaíocht maidir le hiascaigh mhara a chosaint agus saothrú inmharthana a chinntiú ar na hacmhainní éisc mara as an bhfarraige timpeall na hÉireann.

7.3 Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse idir SFPA agus an Roinn Cosanta (DoD) i ndáil le soláthar d'fhorfheidhmiú éifeachtach ar an dlí maidir le hiascaigh mhara trí chúnamh taca arna chur ar fáil ag Óglaigh na hÉireann.

7.4 Aontaítear an Plean Rialála Bliantúil idir an SFPA agus an Roinn Cosanta. Leagtar amach sa plean sin an straitéis maidir le spriocanna rialála na bliana i ndáil leis an iascach mara a bhaint amach.

### *An tSeirbhís Chabhlaigh*

7.5 Is í an tSeirbhís Chabhlaigh príomhghníomhaireacht an Stáit ar an bhfarraige. Déantar cabhlach lena mbaineann ocht gcinn de longa a choinneáil ag iosta Inis Sionnach i gContae Chorcaí. Is í an phríomhobair a leagtar ar an tSeirbhís Chabhlaigh ó lá go lá seirbhís cosanta iascaigh a chur ar fáil i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus lena leagtar de dhualgas ar an Stát ina ballstát de chuid an AE di. Bíonn dualgais éagsúla á gcomhlíonadh leis na soithí go léir ó thaobh cúraimí ginearálta faireacháin agus slándála agus monatóireacht maidir le truailliúchán a dhéanamh, cúnamh a thabhairt maidir le cuardach agus tarrtháil ar muir agus dualgais eile a chomhlíonadh le linn a bheith ar patról, anuas ar an obair maidir leis an iascach a chosaint.

7.6 Tá luach is mó ná €250 milliún leis an gclár infheistíocht maidir le longa nua ón mbliain 2010 i leith agus trí cinn d'árthaigh nua ag an tSeirbhís Chabhlaigh dá bharr go dtí seo:

- LÉ Samuel Beckett a coimisiúnaíodh i mí Bealtaine 2014,
- LÉ James Joyce a coimisiúnaíodh i mí Meán Fómhair 2015,
- LÉ William Butler Yeats a coimisiúnaíodh i mí Deireadh Fómhair 2016.

Táthar ag tnúth leis an gceathrú long, ar a dtabharfar an LÉ George Bernard Shaw, an dara leath den bhliain 2018.

7.7 Tá an tSeirbhís Chabhlaigh freagrach freisin as Airmheán Monatóireachta Iascaigh (FMC) an Stáit a rith. Déantar comhordú ar ghnáthshaothar laethúil na Seirbhíse Cabhlaigh agus an Aerchóir maidir le cosaint iascaigh san Airmheán atá lonnaithe i gCeanncheathrú an Chabhlaigh in Inis Sionnach.

### *An tAerchór*

7.8 Oibríonn an tAerchór amach as Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill, Contae Bhaile Átha Cliath. Taobh istigh den Aerchór féin, is é príomh-mhisean a bhíonn le Scuadrún 101 cúnamh taca a thabhairt don tSeirbhís Chabhlaigh i dtimpeallacht na mara. Cuirtear inniúlacht faireacháin ón aer ar fáil le Scuaidreán 101 faoi láthair le dhá Aerárthach Patróil

Mara de chineál Airbus CN235-100 Míleata. Is iondúil gur obair i ndáil le misin chosanta maidir leis an iascach intíre a leagtar ar na hAerárthaigh Patróil Mara bunaithe ar spriocanna maidir le dícheall agus le toradh saothair atá aontaithe idir SFPA agus an Roinn Cosanta.

7.9 Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh an Rialtas an Páipéar Bán maidir le cúrsaí Cosanta ina ndéantar soláthar, chomh maith le rudaí eile, d'Aerárthaigh Patróil Mara nua a chur in áit na gcinn reatha. Meastar go gcosnóidh na hAerárthaigh Patróil Mara nua isteach is amach le €100m. Foilsíodh Gairm ar Thograí maidir leis na haerárthaigh sin a athrú i mí Bealtaine 2018.

7.10 Déanann an tSeirbhís Chabhlaigh agus an tAerchór patróil ar fud réimse EEZ na hÉireann ar fad agus, ó am go chéile, faoi mar a aontaítear sa phlean rialála bliantúil, déantar patról taobh amuigh de na limistéir sin chn réimsí iascaigh faoi leith a chosaint de réir na ndualgas idirnáisiúnta maidir le réimsí i lár an Atlantaigh a thagann faoi scáth Choimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh [NEAFC].

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

7.11 Tá tábhacht straitéiseach don tSeirbhís Chabhlaigh agus d'Éirinn le Bunáit an Chabhlaigh in Inis Sionnaigh mar gheall ar an áit ina bhfuil sí suite. Ag teacht leis an gclár infheistíochta leanúnach i longa nua, beidh gá le leathnú ar Bhunáit an Chabhlaigh maidir le beartlann breise a chur ar fáil agus duga tirim a fhorbairt.

7.12 Cé gur deacair go fóill an tionchar iomlán a mheas ar chúrsaí maidir leis an iascach a chosaint mar gheall ar shocrú na Ríochta Aontaithe an AE a fhágáil, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar an tSeirbhís Chabhlaigh agus ar an Aerchór i gcomhthéacs slándáil mhuirí agus cosaint iascaigh. Tiocfaidh eolas ar a bhféadfadh a bheith i gceist maidir le cosaint iascaigh agus monatóireacht ar fud uiscí na hÉireann chun cinn le linn na hidirbheartaíochta atá ar siúl faoi láthair.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

7.13 Is bagairt dáiríre an bhagairt d'acmhainní eacnamaíochta na hÉireann a eascraíonn ó iascaireacht mhídhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe nó ó bheartaíocht mhídhleathach eile. Tá tábhacht straitéiseach leis an tSeirbhís Chabhlaigh agus leis an Aerchór don Stát maidir le leas na hÉireann ar muir a chosaint. Áirítear ar leasa den chineál sin:

- Réimsí iascaigh na hÉireann agus láithreáin caomhantais náisiúnta;
- Gléasra maidir le fuinneamh a fháil agus fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a tháirgeadh;
- Láithreáin agus infreastruchtúr maidir le hola agus gás a fháil;
- Bealaí iompair ar farraige; agus
- Cáblaí faoi uisce agus bealaí píobáin.

7.14 Mar gheall ar theicneolaíocht maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt, tiocfaidh béim níos mó ar chórais fuinneamh atá bunaithe ar réimsí mara san am atá romhainn. Ní mór monatóireacht a dhéanamh maidir leis an bhforbairt infreastruchtúir san am atá romhainn is gá chun ola nó gás a chur ar fáil nó fuinneamh a



Trá Salthill,
Co. na Gaillimhe

cheapadh ó fhoinsí inathnuaite na gaoithe, na dtonn agus na taoide. Cé nach meastar bagairt róghéar don infreastruchtúr atá ar fáil faoi láthair, ní mór athbhreithniú leanúnach a dhéanamh maidir leis an ábhar dúshláin ó thaobh cúrsaí slándála a d'fhéadfadh a theacht i gceist le hathrú ar an mbagairt a bhraitear.

7.15 Meastar faoi HOOW go dtarlóidh méadú mór maidir le gníomhaíocht bunaithe ar an bhfarraige san am atá le theacht. Dá réir sin, ní mór smaoineamh i gcás aon fhorbairt a dhéantar san am atá romhainn ar chalafoirt mhóra na tíre, lena n-áirítear Gaillimh agus Dún Dealgan, ar bhearta cosanta faoi leith a chur ar fáil le húsáid ag an tSeirbhís Chabhlaigh/ Seirbhís Chúltaca an Chabhlaigh. Chuirfeadh an cumas fanacht cóngarach don réimse oibriúcháin ar feadh tréimhsí fada an tráth céanna ar féidir breosla agus soláthar eile a thabhairt ar bord le hacmhainn na Seirbhíse Cabhlaigh maidir le cúrsaí muirí.

7.16 De réir mar a bhíonn béim ar fhorás maidir le gníomhaíocht ar muir, bearta eacnamaíochta agus caitheamh aimsire, is den ríthábhacht go gcoinnítear Raonta Gunadóireachta an Chabhlaigh ionas go gcinntítear go mbíonn an Eagraíocht ullamh chun oibríochta i gcónaí sa chás go mbeadh cúnamh á iarraidh. Áirítear ar na raonta sin:

- D1 Baile Ghormáin
- D13 Ceann Dhún dTéide
- D14 Siar as Baile Chaisleáin Bhéarra.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

7.17 Ní mór aird ar riachtanais faoi leith na Seirbhíse Cabhlaigh agus sin a thabhairt san áireamh maidir le haon fhorbairt a bheadh á dhéanamh i gCuan Chorcaí. Ba chóir don tSeirbhís Chabhlaigh chomh maith féachaint le polasaí inmharthanacht a leagan amach ar aon dul lena bhfuil i réim maidir le Cuan Chorcaí Íochtarach.

# 8.0 Fuinneamh – Peitriliam

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

8.1 Ó cuireadh tús le bearta taiscéalaíochta amach ó chósta na hÉireann, aimsíodh ceithre cinn de réimsí gáis a bhí ar leibhéal tráchtála: Cionn tSáile, Baile Choitín, Na Seacht gCeanna agus gáscheantar na Coiribe - is isteach ar mhargadh na hÉireann a tugadh an gás ar fad a cuireadh ar fáil. Níor aimsíodh réimse ola go fóill a bheadh ar leibhéal tráchtála.

8.2 Bhí na hiarrachtaí taiscéalaíochta ba luaithe a rinneadh amach ó chósta na hÉireann bunaithe ar an tuairim go raibh geolaíocht peitriliam an limistéir sin ar aon dul lena raibh ar fáil sa Mhuir Thuaidh. D'fhuaraigh suim sna hiarrachtaí druileála nuair nach raibh aon dea-thoradh orthu idir na blianta 1970 agus 1990. Ina ainneoin sin, tá athrú mór le blianta beaga anuas ar dhearcadh lucht an tionscail ar a bhféadfadh a bheith i gceist amach ó chósta na hÉireann. Cé go bhféadfadh tairbhe a bheith go fóill as an gcomparáid leis an Muir Thuaidh, tá ábhar dóchais de chineálacha eile tagtha chun cinn.

8.3 Mar gheall ar thoradh sásúil ar bhearta taiscéalaíochta amach ó chósta na hAfraice, Mheiriceá Theas agus Cheanada leis an Atlantach, tá spéis á chur as an nua ina bhféadfadh a bheith ar fáil le himeall Réimse Atlantach na hÉireann agus tá lón nua sonraí agus anailíse á chur ar fáil maidir le spriocréimsí nua. Tá lucht taiscéalaíochta dírithe faoi láthair ar cheisteanna maidir le ola agus gás a aimsiú i réimsí na hÉireann mar a fuarthas i réimsí Thalamh an Éisc agus Labradar.

8.4 Is léir ó gháscheantar na Coiribe an tionchar a fhéadann soláthar dúchais a bheith aige ar chúrsaí. Rinneadh iompórtáil ar 90% de d'iomlán riachtanais fuinnimh na hÉireann sa bhliain 2015 agus íslíodh sin go dtí 70% sa bhliain 2016, feabhas suntasach maidir le cinnteacht an tsoláthair. Tá Éire sa chás anois go mbíonn beagnach 60% den riachtanas maidir le gás nádúrtha ar fáil ón táirgeacht dúchais.

8.5 Os a choinne sin, meastar go dtiocfaidh deireadh leis an táirgeacht i ngáscheantair Chionn tSáile (Cionn tSáile, Baile Choitín, na Seacht gCeanna) faoin mbliain 2021 agus beidh an soláthar as gáscheantar na Coiribe faoi bhun 40% den bhuaicleibhéal táirgeachta tosaigh faoin mbliain 2025/26. Leis an laghdú ar an soláthar as gáscheantar na Coiribe agus as gáscheantar na hInse, beidh idirnascaire phointe iontrála Moffat leis an Ríocht Aontaithe ar an bpointe soláthair is mó arís ón mbliain 2018/19 ar aghaidh.

8.6 Ó tharlaíonn Brexit, beidh Éire agus an tAontas Eorpach ag brath níos mó ar an iompórtáil agus an cás níos géire mar gheall ar bhrath ar fhoinsí fuinnimh taobh amuigh den AE (An Ríocht Aontaithe, an Iorua, an Rúis, an Meán-Oirthear etc.). Tháinig géarú maidir lena oiread a bhíonn tíortha AE28 ag brath ar an iompórtáil maidir le peitriliam agus fotháirgí (ola agus fotháirgí ola) ó 74% sa bhliain 1995 go dtí 89% sa bhliain 2015; agus tháinig ardú ó 43% go dtí 69% maidir le gás an tráth céanna.



Leagtar síos dhá sprioc eacnamaíochta forghinearálta faoi HOOW - dúbailt a thabhairt ar luach shaibhreas na farraige go dtí 2.4% den OTI faoin mbliain 2030, ardú ar an láimhdeachas ó eacnamaíocht mara na hÉireann go mbíonn os cionn €6.4bn faoin mbliain 2020.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

8.7 Ní mór an creat beartais agus rialúcháin a choinneáil ar bum mar bhonn treise faoi bheartaíocht taiscéalaíochta agus táirgeachta. Áirítear leis sin caidreamh ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta níos forleithne ná sin chomh maith le reachtaíocht a thabhairt chun tosaigh, nuair is cuí, maidir le cúrsaí sábháilteachta, cosaint na timpeallachta agus téarmaí fioscacha.

8.8 Bainfidh leis an rialúchán ar an earnáil idirbheartaíocht ar chláir oibre agus a n-aontú le gach comhlacht ag a mbíonn ceadúnas taiscéalaíochta agus monatóireacht leanúnach ar a leagtar de dhualgas ar shealbhóir ceadúnais a thabhairt i gcrích. Leanfar den bhainistíocht ar ról forghinearálta an Stáit maidir le táirgeacht gáis as gáscheantar Chionn tSáile agus as gáscheantar na Coiribe.

8.9 Tiocfaidh beartaíocht amach ón gcósta faoi réir ag measúnacht timpeallachta a dhéanamh ionas go gcinntítear nach mbíonn cur isteach suntasach ar an timpeallacht ag aon fhorbairt a bheartaítear amach ón gcósta. Tiocfaidh aon iarratas maidir le tobar a dhruileáil faoi réir ag measúnacht maidir le cúrsaí teicniúla, sábháilteachta, timpeallachta agus airgid.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile


8.10 Tá i ndán go dtabharfaí buntáistí suntasacha fadmharthanacha i gcrích don Stát agus do mhuintir na hÉireann ar feadh blianta fada le forbairt ar acmhainní ola agus gáis na Éireann; go háirithe i ndáil le forbairt eacnamaíochta go náisiúnta agus go háitiúil, eolas teicneolaíochta, cinnteacht breise maidir leis an soláthar, táirgeadh seachas iompórtáil agus gnóthachtáil fhioscach.

8.11 Tá réimse leathan de chásanna ina bhféadfadh sinéirge nó trasnaíl oibriúcháin de chineálacha eile a bheith idir taiscéalaíocht nó táirgeacht peitriliam agus earnálacha eile. D'fhéadfadh sinéirge a bheith i gceist le tionscal an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta, mar gheall ar chalafoirt agus cuanta a úsáid maidir le cúrsaí iompair agus aistrithe, seirbhísí slabhraí soláthair agus saineolas innealtóireachta agus eile a chur ar fáil. Tá réimsí foráis ag teacht chun cinn leis na deiseanna sin agus d'fhéadfaí deiseanna nua fostaíochta agus infheistíochta a spreagadh. Ó tharla gur amach ón gcósta a dhéantar an obair, d'fhéadfadh ceangal a theacht i gceist freisin le beartaíocht eile, mar shampla iascaireacht, cúrsaí loingis agus caitheamh aimsire.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta


8.12 Sa Pháipéar Bán maidir le cúrsaí Fuinnimh a foilsíodh ag deireadh na bliana 2015, leagtar amach treochlár maidir le hearnáil an fhuinnimh go dtí an bhliain 2030. Dírítear ar na bealaí inar féidir le hÉirinn a chinntiú go mbíonn soláthar fuinnimh incheannaithe ar fáil ar bhonn iomaíochta ag an saoránach agus ag gnólachtaí le haird ar aidhmeanna na hEorpa agus ar chuspóirí Idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide. Admhaítear sa Pháipéar Bán go mbeidh tábhacht i gcónaí le hola agus le gás nádúrtha maidir leis an soláthar fuinnimh in Éirinn le linn athrú go dtí córas atá éadrom ó thaobh carbóin. Go ceann an ghearrthéarma agus an mheántéarma, beidh an meascán maidir le foinsí nach athnuaite ag athrú ó bhreoslaí atá níos troime ó thaobh carbóin, mar shampla móin agus gual, go dtí breosla de chineálacha atá níos ísle ó thaobh carbóin, mar shampla gás nádúrtha. Bheadh tábhacht i gcónaí leis an ngás nádúrtha le linn an athrú fuinnimh; ar dtús, chun solúbthacht agus táimhe a chinntiú i ndáil leis an gcóras le linn breis cumhachta ó fhoinsí inathnuaite a thabhairt i gceist san earnáil agus, ar an dara dul síos, le cur in ionad bhreosla lena mbaineann astaíocht charbóin níos troime maidir le cúrsaí teasa agus iompair. Thiocfadh laghdú ar an méid ola a úsáidtear de réir mar a bheadh breosla ó fhoinsí is éadroime maidir le carbón á úsáid, ach tá deacracht le malairt ola a úsáid mar bhreosla in earnálacha faoi leith, mar shampla, maidir le heitleoireacht, iompar ar muir agus peitricheimiceáin. Le himeacht aimsire, beidh fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite ag teacht in ionad na húsáide as breosla iontaise.

8.13 Thug an Roinn DCCAE i gcomhar leis an tSeirbhís NPWS faoin gclár ObSERVE i rith na mblianta 2015-18. Is clár suntasach sin maidir le sonraí a chruinniú d'fhonn sonraí bonnlíne nua maidir le cúrsaí timpeallachta a thiomsú agus bearnaí sna sonraí a bhíodh ar fáil maidir le speicis agus láithreáin mara atá faoi chosaint in imchuacha tábhachtacha amach ón gcósta a thabhairt isteach. Clár faoi leith is ea an clár ObSERVE i gcás na hÉireann mar gheall ar an gcur chuige forbheartach maidir le tuiscint ghlé a chinntiú ar an áit a thaithíonn ainmhithe, an scaipeadh atá orthu agus an dlús taobh istigh de limistéar sainiúil amach ón gcósta, agus sin bunaithe ar na sonraí a thiomsaítear. Is é bunchuspóir atá leis na bearta suirbhéireachta seo sonraí a bhailiú maidir le hionad, scaipeadh, dlús agus flúirse na speiceas atá faoi chosaint taobh istigh den limistéar ainmnithe amach ón gcósta. Beidh leas as na sonraí mar lón eolais níos fearr ag lucht rialála agus ag geallsealbhóirí ionas gur féidir, le linn an ghnóthachtáil is fearr a bhaint as acmhainní nádúrtha na hÉireann, a chinntiú go gcosnaítear na speicis neamhchoitianta agus na speicis atá faoi bhagairt. Foilseofar na tuarascálacha deiridh agus na sonraí agus beidh siad ar fáil ag na geallsealbhóirí ar fad ar suim leo iad i rith na bliana 2018.



## Energy - Oil and Gas







Petroleum Affairs Division (Department of Communications, Climate Action & Environment), 2017
Map designed by ABPmer, 2018

# 9.0 Fuinneamh – Foinsí Inathnuaite

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

9.1 Tá buntábhacht maidir le dea-riocht eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann le soláthar fuinnimh atá slán, inmharthana, inchostais. Tá roinnt de na hacmhainní fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite is fearr ar domhan ag Éirinn amach ón gcósta. Tá cineálacha éagsúla teicneolaíochta a thagann i gceist le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta, mar shampla fuinneamh gaoithe (seasta agus ar snámh), fuinneamh tonnta agus fuinneamh taoide, arb é atá i gceist leo uilig leas a bhaint as gluaiseacht na gaoithe nó as gluaiseacht uisce ar mhaithe le gineadóireacht fuinnimh. I ndáil leis na cineálacha sin, tá gineadóireacht fuinnimh ó ghaoth amach ón gcósta tugtha chun cinn gur féidir a chur ar bhonn tráchtála agus tá teicneolaíocht gaoithe ar snámh, teicneolaíocht toinne agus teicneolaíocht taoide ar leibhéal turgnamhaíochta.

9.2 Leagtar amach sa Phlean Forbartha maidir le Fuinneamh ó Fhoinsí Inathnuaite amach ón gCósta (OREDP) 2014 polasaí an Rialtais maidir le forbairt inmharthana ar na hacmhainní flúirseacha amach ó chósta na hÉireann maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite. Meastar go bhféadfaí forbairt inmharthana maidir le 4,500 MW fuinnimh ón ngaoth amach ón gcósta agus 1,500MW fuinnimh ó thonnta agus ón taoide a dhéanamh i réimsí farraige na hÉireann. Sonraítear bearta polasaí agus bearta bunriachtanacha eile sa Phlean OREDP a bhfuil tábhacht mhór leo maidir le forbairt na hearnála. An Grúpa Stiúrtha maidir le Fuinneamh ó Fhoinsí Inathnuaite amach ón gCósta (ORESG) a dhéanann monatóireacht ar an dul chun cinn. Tá an Grúpa Oibre freagrach as cur i bhfeidhm an Phlean maidir le trí cinn de shruthanna beartaíochta: Cruthú Postanna; Infreastruchtúr; agus an Timpeallacht.

9.3 Déantar an dul chun cinn go dtí seo a mheas in athbhreithniú eadramhach ar an bPlean OREDP[15] a d'fhoilsigh an Roinn DCCAE le gairid agus leagtar amach 26 moladh maidir leis an gcur i bhfeidhm leanúnach ar mhaithe le cuspóirí an Phlean OREDP a thabhairt i gcrích amach go dtí an bhliain 2020. Beidh athbhreithniú iomlán ar an bPlean OREDP á thabhairt chun críche sa bhliain 2020.

9.4 Leagtar amach sa Pháipéar Bán maidir le Cúrsaí Fuinnimh[16] (2015) an aisling fhadtéarmach maidir le straitéis a bheidh ina lón eolais maidir le beartas fuinnimh na hÉireann go dtí an bhliain 2030. Tá ísliú 80-95% faoin mbliain 2050 i gcomórtas le leibhéil na bliana 1990 i gceist maidir le astaíocht gháis cheaptha teasa ón gcóras fuinnimh.

9.5 Leagtar síos faoi Threoir na bliana 2009 on AE maidir le Fuinneamh ó Fhoinsí Inathnuaite sprioc atá ceangailteach ar Éirinn faoin dlí lenar gá 16% den riachtanas fuinnimh a shaothrú ó fhoinsí inathnuaite faoin mbliain 2020. De réir shonraí eadramhacha de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann bhí 10.6% de sprioc na hÉireann bainte amach faoi dheireadh na bliana 2017. Maidir le gineadóireacht leictreachais, is ó fhoinsí inathnuaite a tháinig 30% dár éilíodh i rith na bliana 2017 agus is ó fhoinsí gaoithe ar an talamh tirim a tháinig mórchuid mhór na gineadóireachta.

9.6 Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le hearnáil fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite gaoithe ar an talamh tirim a thabhairt chun cinn in Éirinn, lena n-áirítear greille a oibríonn go slán sábháilte le 65% ó fhoinsí inathnuaite, níor tháinig sin chun cinn gan ábhar suntasach dúshláin a bheith le sárú, cuid mhór de ag baint le srianta spáis agus timpeallachta,

15 https://www.dccae.gov.ie/documents/OREDP%20Interim%20Review%2020180514.pdf
16 https://www.dccae.gov.ie/documents/Energy%20White%20Paper%20-%20Dec%202015.pdf

glacadh an phobail leis an mbeartaíocht agus ceisteann maidir le húsáid talún. Beidh sé deacair dá réir sin an dualgas maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a shásamh faoin mbliain 2020 agus beidh an méid fuinnimh a d'fhéadfaí a ghineadh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta cinniúnach maidir leis an ábhar dúshláin a bhíonn romhainn san am atá le theacht a shárú.

9.7 I ndáil lena gcuirfidh Éire de sprioc roimpi maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite tar éis na bliana 2020, beidh aird ar chion tairbhe na tíre seo i ndáil leis an sprioc cheangailteach 32% faoin mbliain 2030 i gcás an AE ar fad faoin bPacáiste maidir le Fuinneamh Glan. Tá d'aidhm ag an rialtas breis éagsúlachta a thabhairt i gcrích maidir le gineadóireacht fuinnimh sa tír. Cé go mbeidh leas as gineadóireacht ón ngaoth ar an talamh tirim agus as gineadóireacht ón ngrian maidir le spriocanna an AE a shásamh ón mbliain 2020 amach, beidh buntábhacht le forbairt ar an acmhainn amach ón gcósta maidir lena leagtar de dhualgas ar an tír i ndáil le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite faoin mbliain 2030 a chomhlíonadh.

9.8 Tá an ghineadóireacht ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta forbartha go maith ar fud iarthar na hEorpa faoin tráth seo agus níos mó ná 90% den ghineadóireacht den sórt sin ar fud an domhain ar fad ar siúl sa Mhuir Thuaidh. De réir mar atá forbairt ar an teicneolaíocht agus feabhas ar an dóigh go bhfuil an bheartaíocht inseasta ó thaobh cúrsaí airgid, is mó is féidir suim lucht infheistíochta a mhealladh. Tá suas le 5% den éileamh bliantúil sa Ríocht Aontaithe á shásamh faoin tráth seo ó fhoinsí gaoithe amach ón gcósta. Eagraíodh ceantanna gan fóirdheontas den chéad uair maidir le tionscadail amach ón gcósta sa Ghearmáin agus san Ísiltír i rith na bliana 2017 agus tháinig tionscadal 900MW agus tionscadal 700MW faoi seach dá mbarr.

9.9 Aon fheirm gaoithe seasta amháin a bhfuil gineadóireacht leictreachais ar siúl léi go fóill in uiscí amach ó chósta na hÉireann. Sé cinn de thuirbíní atá feistithe in íochtar a bhaineann leis an monarcha sin atá suite ar Bhanc an Inbhir Mhóir timpeall is 10 gciliméadar amach ó chósta Chill Mhantáin. Is i uisce atá tanaí go maith amháin is féidir tuirbíní atá feistithe in íochtar a shuíomh.

9.10 Níl gineadóireacht leictreachais ón ngaoth le gléasra atá ar snámh curtha ar bhonn tráchtála go fóill. Bíonn i gceist leis sin an tuirbín gaoithe a bheith suite ar dhéanmhas atá ar snámh agus sin daingnithe le cábla nó cáblaí ceangailte go grinneall na farraige. Tá i ndán go bhféadfaí monarchana gaoithe ar snámh a chur níos faide amach ar an domhain agus bheadh, dá réir sin, deis iad a fhorbairt amach ó chósta an deiscirt agus ó chósta an iarthair. Tá tionscadail phíolótacha ar siúl ar fud na hEorpa.

9.11 Rinne an Roinn DCCAE cistí caipitil €17.7 milliún faoi OREDP a chur i leith thaighde agus fhorbairt ar an teicneolaíocht maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta idir na blianta 2014 agus 2017 agus tá €4.5 milliún eile ceadaithe don bhliain 2018. Tá an chistíocht ón Rialtas ina bhonn taca faoi dhúthracht na hÉireann maidir le háiseanna tástála de scoth an domhain agus infreastruchtúr eile a chur ar fáil, lena n-áirítear Saoráid Tástála Náisiúnta Lir maidir le cúrsaí mara i gCorcaigh, an láthair tástála ceathrú méide maidir le Fuinneamh ó Fhoinsí Inathnuaite ar Muir i gCuan na Gaillimhe agus Láthair Tástála lánmhéide an Atlantaigh maidir le Fuinneamh Mara (AMETS), amach ó chósta Mhaigh Eo. Cuidítear freisin leis an gCiste Forbartha Fréamhshamhaltáin, faoi stiúir an SEAI, agus cuirtear cabhair deontais ar fáil chun cuidiú leis an lucht forbartha an gléasra maidir le fuinneamh mara a thabhairt ó chéim na fréamhshamhla go mbíonn ar leibhéal iomlán tráchtála.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

9.12 Téann an fhorbairt ar earnáil fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta in Éirinn trasna réimsí éagsúla, maidir le cead, ceadúnais agus infreastruchtúr, margaí fuinnimh agus comhoibriú idirnáisiúnta maidir le fuinneamh inathnuaite. Beidh réimse de chomhlachtaí Stáit agus de ghníomhaireachtaí lena dtiocfaidh an fhorbairt inmharthanach maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta i gceist. Ní mór suim dhlisteanach an phobail i gcosaint thimpeallacht na mara a thabhairt san áireamh freisin chomh maith le dualgais de chuid an AE agus dualgais idirnáisiúnta eile ina leith sin.

9.13 Tá deich gcinn de bhearta polasaí agus de bhunbhearta a bhfuil tábhacht leo maidir le forbairt ar an earnáil seo a luaitear san OREDP. Tá an tábhacht céanna i gcónaí leo agus tá siad á gcur chun cinn ag ORESG, mar seo a leanas:

- Córas daingean rialachais a chur ar bun maidir leis an OREDP;
- Cur leis an gcúnamh ón Státchiste maidir le bearta taighde ar chúrsaí farraige a thabhairt chun cinn agus le torthaí an tsaothair sin a chur i láthair;
- Dleacht bunúis maidir le cúnamh margaidh a thabhairt isteach i ndáil le fuinneamh ó fhoinsí mara;
- Margaí easpórtála a chothú maidir le leictreachas ó fhoinsí inathnuaite;
- An slabhra soláthair maidir le tionscal an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt in Éirinn;
- A chur in iúl go bhfuil fonn ar mhuintir na hÉireann gnó a dhéanamh;
- Deiseanna maidir le comharobair idirnáisiúnta a scrúdú;
- Bunchóras nua pleanála agus ceadúcháin a thabhairt chun cinn maidir le réimse na mara;
- Monatóireacht ar chúrsaí timpeallachta; agus
- Forbairt chuí ar ghnéithe bonneagair a chinntiú.

9.14 Is í an aisling go fadtéarmach go gcuirfí claochlú ar earnáil an fhuinnimh go n-athraítear ó chóras atá bunaithe ar bhreosla iontaise go córas atá glan agus éadrom ó thaobh carbóin. Tá tábhacht mhór le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta maidir leis an athrú sin. Beidh, ina dhiaidh sin féin, ar na príomhaidhmeanna go gcinntítear próiseas caidrimh soicheallach agus cothú na comhthola ar fud an phobal na tíre ar fad agus le pobal na háite.

9.15 Admhaíonn an Rialtas gur gá comhordú ar an gcúnamh taca ar fud an rialtais, ó thráth taighde agus forbartha, go bhforbraítear slabhra soláthair agus go gcuirtear an córas i bhfeidhm ar bhonn tráchtála, má táthar lena bhfuil d'araíocht ag baint le hearnáil an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta a thabhairt i gcrích. Ní mór bainistíocht chúramach, de réir na ndualgas a leagtar ar an tír faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta agus de réir an tsárchleachtais, a dhéanamh maidir leis an toradh a bheadh ag fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta ar chúrsaí timpeallachta agus eile.

9.16 Anuas ar an méid sin, tá tábhacht faoi leith le réimeas docht ceadúnúcháin, infheistíocht agus forbairt i leith an ghreille leictreachais agus le hinfheistíocht i saoráidí calafoirt. Tá tograí á ndréachtú maidir le leasú ar an reachtaíocht in Acht Imeall Trá na bliana 1933 agus d'fhonn réiteach ar an easpa maidir le córas rialúcháin lena ndéanfaí rialáil maidir le forbairt níos faide amach ná mar a shíneann teorainneacha imeall trá (12 míle farraige) a

bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta. Déanfar foráil leis an mBille um Limistéar Muirí agus Imeall Trá (Leasú) do chóras comhleanúnach lena ndéanfar forbairt a chothú agus a bhainistiú sa limistéar eacnamaíoch eisiach (EEZ) agus ar an scairbh ilchríochach, réimeas cuimsitheach san áireamh den chéad uair riamh maidir le cúrsaí rialála i ndáil le Fuinneamh ó Fhoinsí Inathnuaite amach ón gCósta. Tá tábhacht leis sin mar bhonn daingean i ndáil le hinfheistíocht in earnáil an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta.

9.17 Beidh gá le hinfheistíocht sa ghreille leictreachais d'fhonn treisiú leis an ngreille intíre sa chaoi is go gcinntítear go bhfuil an córas cumhachta in ann chuig cuid mhór gineadóireachta ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta a bhféadfadh athraitheas mór a bheith i gceist léi.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

9.18 Chomh maith le maolú ar thionchar an athrú aeráide agus buntáiste maidir le cinnteacht soláthair, d'fhéadfadh buntáistí socheacnamaíochta i gcomharsanachtaí imeallacha le cósta a bheith as fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta. Áirítear orthu sin, deiseanna fostaíochta agus ioncaim, teicneolaíocht inaistrithe agus forbairt scileanna.

9.19 D'fhéadfadh réimse leathan tionchair chun sochair agus chun dochair maidir le gníomhaíocht eile ar muir agus earnálacha mara eile a bheith ag tionscadal fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta. Mar shampla, d'fhéadfadh tionscadal maidir le fuinneamh ón ngaoth amach ón gcósta a bheith in iomaíocht ó thaobh spáis le lucht úsáide seanbhunaithe na farraige, mar shampla, lucht iascaigh, lucht loingis nó daoine a dhéanann seoltóireacht ar mhaithe le pléisiúr. Os a choinne sin, is iomaí deis sinéirge ann chomh maith, mar shampla, beartaíocht dobharshaothraithe a bheith ar siúl san aon ionad amháin le tionscadal fuinnimh ón ngaoth amach ón gcósta; an deis a bhainfeadh le hardán ola agus gáis a úsáid maidir le fuinneamh ón ngaoth amach ón gcósta; leas as calafoirt i ndáil leis an bhforbairt is gá maidir le gineadóireacht ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta agus gnéithe bonneagair maidir leis an ngreille; caomhnú na bithéagsúlachta trí réimsí ina lonnaítear forbairt maidir le fuinneamh ón ngaoth amach ón gcósta a bheith ina gcriosanna nach ndéantar iasc a thógáil iontu.

9.20 D'fhonn forbairt inmharthana a chinntiú, is den tábhacht go ndéantar bainistíocht éifeachtach chríochnúil ar an deis forbartha ar bhealach comheagraithe trí an bpróiseas pleanála mara.

9.21 Beidh tábhacht mhór leis na calafoirt freisin maidir leis an mbealach a réiteach don fhorbairt riachtanach maidir le gineadóireacht ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta agus gnéithe bonneagair a bhaineann leis an ngreille agus beidh gá le hinfheistíocht ionas gur féidir innealra, trealamh agus cáblaí a láimhseáil agus freastal don tráchtáil loingis le linn chéimeanna na tógála, an oibriúcháin agus na cothabhála de thionscadail.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

9.22 Tá i ndán gur féidir buntáiste mhór maidir le cúrsaí timpeallachta a thabhairt i gcrích le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta trí astaíocht ar ghás ceaptha teasa ó tháirgeacht fuinnimh a mhaolú. Trína theacht in ionad ghineadóireacht ó bhreosla iontaise, bíonn tionchar chun sochair ag teicneolaíocht amach ón gcósta ar chaighdeán an aeir ó tharla gur lú an sceitheadh a tharlaíonn maidir le hastaíocht ar ábhar dochrach nó tocsaineach sa timpeallacht.




Beidh tairbhe as pleanáil mara maidir le bainistíocht chríochnúil ar bheartaíocht mara agus úsáid níos inbhuanaithe as acmhainní mara.

9.23 Braithfidh cineál na mbuntáistí agus an tionchair a eascraíonn ón bhforbairt ar fhuinneamh ó fhoinsí inathnuaite ar chineál na teicneolaíochta, ar an scála, an struchtúr agus an suíomh tíreolaíochta. D'fhéadfadh tionchar chun dochair a bheith ag forbairt a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite ar iasc agus ar mhamaigh, mar gheall ar thorann le linn obair thógála ar an gcéad dul síos, agus d'fhéadfadh go gcuirfí lucht iascaireachta go malairt áite agus go mbeadh tionchar díreach nó indíreach ar dhaoine eile den lucht úsáide i réimse mara. D'fhéadfadh tuirbíní gaoithe speicis áirithe den éanlaith a chur go malairt ionaid agus go mbeidís ina mbac ar imirce nó ina n-ábhar baoil ag éin mar gheall ar imbhualadh.

9.24 Ó tharla gur i mbéal forbartha atá an teicneolaíocht maidir le fuinneamh taoide agus fuinneamh toinne, ní heol dáiríre an leibhéal baoil agus an suntas ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta a bheadh i gceist ach leanfar den mhonatóireacht ina leith sin ag na hionaid tástála.

9.25 Tá sraith de cháipéisí treorach curtha le chéile ag ORESG d'fhonn cuidiú le lucht forbraíochta agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Oiriúnachta á ullmhú acu. Tá cáipéisí treorach ar fáil chomh maith mar chabhair ag an lucht forbraíochta maidir leis na sonraí éiceolaíochta a theastaíonn chun Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) nó Measúnacht Oiriúnachta (AA) a chur ar fáil. Is féidir na cáipéisí sin a bhreathnú ar láithreán gréasáin DCCAE[17].

[17] https://www.dccae.gov.ie/en-ie/energy/topics/Renewable-Energy/electricity/offshore/offshore-renewable-energy-development-plan-/Pages/Guidance-Documents-for-Developers0517-9406.aspx


Marine
Renewable Energy
Kilometres
0 15 30 60 90
Coordinate System
WGS 1984 UTM Zone 29N
Projection
Transverse Mercator
Marine Spatial Plan Assessment Area
12 nm Territorial Sea Limit
Northern Ireland Boundary
Currently Designated Continental Shelf Boundary
Local Authority Area
Eastern and Midland Regional Assembly
Northern and Western Regional Assembly
Southern Regional Assembly
Wave Energy Test Sites
Offshore Wind Farms
Authorised
Planned
Production
Arklow Bank Wind Park Connection Cable
1. Atlantic Marine Energy Wave Test Site
2. Galway Bay Wave Test Site
3. WestWave Wave Test Site
Marine Institute
Foras na Mara
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government
Marine Institute, 2018; EMODnet, 2018
Map designed by ABPmer, 2018

# 10.0 Fuinneamh – Córais Tarchuradóireachta

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

### *Leictreachas*

10.1 Fágann suíomh na hÉireann ar imeall na hEorpa go bhfuil, ar bhealach nádúrtha, an tír scoite amach ó ghreille forleathan leictreachais na hEorpa. Mar gheall air sin, agus ar laghad an mhargaidh, tá baol ann maidir le cinnteacht an tsoláthair agus maolú ar an iomaíocht. Tá tús curtha le bearta chun dul i ngleic leis an scoiteacht sin trí infreastruchtúr idircheangail a chur ar fáil trína gceanglaítear Éire le margaí trasteorann níos fairsinge agus trína dtugtar buntáistí faoi leith i gcrích don tomhaltóir in Éirinn mar gheall ar chostas fuinnimh níos ísle. Tá idirnascaire leictreachais thar farraige idir Éire agus an Ríocht Aontaithe faoi láthair (an tIdirnascaire Siar-Soir idir Éire agus an Bhreatain Bheag). Tá idircheangal breise thar farraige á bheartú leis an Ríocht Aontaithe agus leis an bhFrainc.

10.2 Leagtar amach a bhfuil de pholasaí ag an Rialtas maidir le hidircheangal idir Éire agus tíortha eile maidir le cúrsaí leictreachais sa Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le hIdirnascadh Leictreachais[18] na bliana 2018. Tá forbairt sa ráiteas beartais sin ar ghnéithe éagsúla den tráchtaireacht agus de na geallúintí i bPáipéar Bán an Rialtais maidir le cúrsaí Fuinnimh. Ar cheann de an gnéithe bunriachtanacha a shonraítear sa Pháipéar Bán tá an gá le hinfreastruchtúr oiriúnach fuinnimh, lena n-áirítear craobhchórais fuinnimh agus idirnascadh le córais fuinnimh thíortha eile.

10.3 Is é dearcadh an Aontais Eorpaigh gur gné ghéar-riachtanach den bhonneagar atá san idirnascadh. Is é an dara colún sa Straitéis maidir le hAontas Fuinnimh[19] ag an AE go ndéanfaí Margadh Inmheánach Fuinnimh atá slánchóirithe go hiomlán a thabhairt i bhfeidhm le hidirnascairí a d'fhágfadh go bhféadfadh fuinneamh sreabhadh gan bhac ar fud an AE. Tá de pholasaí go sainráite dá bhrí sin ag an AE treisiú le hidirnascadh leictreachais idir na Ballstáit agus déantar éascaíocht maidir le tionscadail idirnasctha faoi phróiseas an AE maidir le Tionscadail Leasa Choitinn (PCI)[20]. Is tionscadail bonneagair príomhthábhachta trína gceanglaítear na córais fuinnimh i dtíortha de chuid an AE na tionscadail PCI. Tá de rún go ndéanfaidís tairbhe maidir le haidhmeanna an AE i ndáil le cúrsaí fuinnimh agus cúrsaí aeráide a thabhairt i gcrích: foinsí fuinnimh incheannaithe, slán, inmharthana a bheith ar fáil ag an uile shaoránach, agus dícharbónú fadtéarmach ar chúrsaí eacnamaíochta i gcomhréir le Comhaontú Phárais[21]. Eascraíonn cur chuige an AE maidir le hidirnascadh freisin ón mbéim bhuan ar dhlúthpháirtíocht idir Ballstáit.

10.4 Chuir an Coimisiún Eorpach roimhe sa Straitéis Eorpach um Shlándáil Fuinnimh[22] sa bhliain 2014 oibriú in éineacht leis na Ballstáit ionas go bhféadfaí cur i bhfeidhm luath-thráthúil a chinntiú ar thionscadail PCI agus ar bhearta eile d'fhonn an sprioc a shásamh maidir le 10% ar a laghad den acmhainn gineadóireachta leictreachais ar fud na mBallstát ar fad a bheith idirnasctha faoin mbliain 2020 agus 15% ar a laghad faoin mbliain 2030. 7.4% leibhéal na hÉireann maidir le hidirnascadh faoi láthair de réir thuairisc an Choimisiúin Eorpaigh[23] .

18 https://www.dccae.gov.ie/en-ie/energy/publications/Documents/19/National%20Policy%20Statement%20on%20Electricity%20Interconnection.pdf
19 https://ec.europa.eu/energy/en/topics/energy-strategy-and-energy-union/building-energy-union
20 https://ec.europa.eu/energy/en/topics/infrastructure/projects-common-interest
21 https://ec.europa.eu/clima/policies/international/negotiations/paris_en
22 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52014DC0330&from=EN
23 https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/energy-union-factsheet-ireland_en.pdf

### *Gás*

10.5 Is gné thábhachtach an gás nádúrtha i gcónaí den réimse fuinnimh in Éirinn. Is é an breosla is coitianta é maidir le gineadóireacht leictreachais (48% sa bhliain 2016). Tagann an gás nádúrtha a úsáidtear in Éirinn ón táirgeacht dúchais agus ó iompórtáil. Áirítear ar na hacmhainní dúchais gáscheantar Chionn tSáile agus gáscheantar na Coiribe. Déantar fuílleach an gháis nádúrtha a úsáidtear in Éirinn a iompórtáil ón Ríocht Aontaithe. Tá Éire, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór idircheangailte go fisiciúil le dhá phíobán idirnascaireachta faoi Mhuir Meann atá faoi úinéireacht agus faoi stiúir Líonraí Gáis Éireann (GNI) agus GNI (UK), fochuideachta de chuid GNI. Tá suim leanúnach ag gach taobh na socruithe a choinneáil ar bun ionas go gcuirtear soláthar fuinnimh atá slán iontaofa ar fáil don tomhaltóir ar chostas iomaíochta.

10.6 Gás nádúrtha arna iompórtáil as an Ríocht Aontaithe atá i gceist le céatadán suntasach den ollsoláthar iomlán gáis in Éirinn. Sa bhliain 2015, sula raibh gáscheantar na Coiribe i gceist, bhí gás iompórtáilte ón mBreatain i gceist le 97% den éileamh a shásamh. Sa bhliain 2016, sásaíodh níos mó ná 55% den éileamh ar ghás in Éirinn le táirgeacht gáis na tíre seo féin agus rinneadh fuílleach an gháis nádúrtha a iompórtáil as an Ríocht Aontaithe trí na hidirnascairí. Beidh ísliú ar an soláthar ó gháscheantar na Coiribe i rith na mblianta seo romhainn agus 84% de bhuaicleibhéal éilimh na hÉireann ar ghás nádúrtha i rith an lae le sásamh trína iompórtáil as an Ríocht Aontaithe faoin mbliain 2024/2025. Is léir uaidh sin go mbeifear ag brath i gcónaí go ceann an mheántéarma ar ghás a iompórtáiltear as an Ríocht Aontaithe. Beidh an dá idirnascaire faoi thoinn, dá réir sin, ina ngnéithe buntábhachtacha de bhonnchóras tarchuradóireacht fuinnimh na hÉireann a fhad a fheictear dúinn go fóill.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

### *Leictreachas*

10.7 Ó tá polasaí náisiúnta na hÉireann faoi idirnascadh maidir le cúrsaí leictreachais leagtha amach faoin tráth seo, tá Coimisiún Rialála na bhFóntas i mbun teacht ar chur chuige maidir le cúrsaí rialála i ndáil le hiarratais idirnascaire a úsáid. Ag eascairt as sraith de pháipéir agus de bhearta comhairliúcháin a seoladh sa bhliain 2016, seoladh le gairid beart comhairliúcháin maidir leis na critéir measúnachta atá beartaithe i ndáil le hiarratais maidir le hidirnascadh leictreachais. Ní mór socrú maidir leis na modhanna rialála cuí i ndáil le tionscadail indirnascairí sular féidir cinneadh críochnúil a dhéanamh maidir leis an infheistíocht.

10.8 Sa chás go dtabharfaí tionscadal maidir le hidirnascaire thar farraige chomh fada le céim na tógála, ní mór sa chás sin gach dualgas náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le timpeallacht na mara a chosaint a shásamh agus gach dualgas de chuid an AE. Ní mór línte tarchuradóireachta leictreachais a shuíomh agus a chur suas ar bhealach a thagann leis an gcreat pleanála níos ginearálta agus de réir na dtreoirlínte agus na bprionsabal pleanála a bhaineann le hábhar. Mar shampla, ní mór ceadúnas imeall trá ón Roinn DHPLG sular féidir línte tarchuradóireachta a leagan i réimse imeall trá.

10.9 Fágfaidh dhá thogra reatha maidir le hidirnascairí leictreachais a chur ar fáil – Idirnascaire Ceilteach idir Éire agus an Fhrainc agus Idirnascaire Glas idir Éire agus an Bhreatain Bheag – má dhéantar a gcur ar fáil, go mbeidh ceangal tábhachtach leictreachais le tíortha in aice láimhe. Tá buntáistí éagsúla le ceangal dá shórt, an toradh chun sochair maidir le cinnteacht an tsoláthair leictreachais in Éirinn ar cheann acu. Is den tábhacht go ndéantar tionscadail barrthábhachta maidir le cúrsaí bonneagair, mar shampla idirnascairí leictreachais, a chur ar fáil agus go dtugtar na buntáistí dá réir, atá ar leas an phobail, i gcrích.

### *Gás*

10.10 Ní mheastar go mbeidh aon phíobáin idirnascaireachta idirnáisiúnta eile á dtógáil. Ní "idirnascairí" na píobáin sruthanna soláthair faoi thoinn lena gceanglaítear saoráidí táirgeachta le críochphoirt sruthanna dáiliúcháin ar an talamh mar shampla Coirib - Béal an Átha Buí nó Ceantar Chionn tSáile - An Inse (mar a mbeidh deireadh leis an táirgeacht luath sa bhliain 2020) ó tharla nach bhfuil ceangal á dhéanamh leo idir córais náisiúnta faoi leith. Déanfar píobáin sruthanna soláthair as aon fhoinse eile a aimsítear amach ón gcósta a fhorbairt i gcomhréir leis an réimeas reachtaíochta agus rialúcháin a bhíonn i bhfeidhm, an Plean maidir le Spás Mara san áireamh ar a thabhairt i gcrích.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

10.11 Tá tábhacht chinniúnach maidir le bonn a chur faoin bhforbairt eacnamaíochta le córas atá slán, éifeachtach, daingean. Treiseofar leis an ngreille náisiúnta leictreachais mar gheall ar idirnascairí trasna farraige a bheith ar fáil sa chaoi is gur féidir sruthanna a sheoladh go lasta éifeachtach idir margaí éagsúla leictreachais agus ar fud an ghreille. Fágann na hidirnascairí go bhfuil acmhainn bhreise tarchuradóireachta ar fáil lenar féidir freastal ar gach leibhéal den éileamh breise a mheastar a thiocfaidh chun cinn go ceann na mblianta fada.

10.12 Agus línte tarchuradóireachta á gcur amach ón gcósta, ní mór a bheith san airdeall sa chaoi is gur beag cur isteach a tharlaíonn maidir lena maireann san fharraige, bealaí loingis agus beartaíocht de chineálacha eile, mar shampla iascaireacht.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

### *Leictreachas*

10.13 Sa chás go leantar ar aghaidh leis na hidirnascairí atá beartaithe, tá i ndán go gcuirfear ceangal iontaofa ardleibhéil leictreachais ar fáil idir Éire agus an Fhrainc agus idir Éire agus an Ríocht Aontaithe a mbeidh tairbhe mhór astu ag muintir na hÉireann. Ní amháin go dtiocfadh breis iomaíochta agus, mar a mheastar, praghsanna níos ísle in Éirinn de bharr cheangal le margadh leictreachais an AE agus na Ríochta Aontaithe, threiseofaí freisin leis an gcinnteacht soláthair agus réiteofaí an bealach do táirgeacht breise maidir le leictreachas ó fhoinsí inathnuaite anseo mar gheall ar cheangal leis na margaí sin ina margaí easpórtála.

10.14 Tá measúnacht dhian ghéar á dhéanamh ar na tograí atá beartaithe maidir leis an tionchar sóisialta ionas gur féidir a theacht roimh aon tionchar sóisialta chun dochair a d'eascródh ó fhorbairt na dtograí agus sin a sheachaint. Tá tuarascáil bonnlíne ardleibhéil maidir le measúnacht ar an tionchar sóisialta ullmhaithe cheana féin i ndáil leis an tionscadal Ceilteach agus scrúdú déanta ar cheisteanna maidir le suíomh tíreolaíochta, an timpeallacht, an pobal, comharsanachtaí agus taitneamhacht na n-áiteanna a bhfuil rún an líne tarchuradóireachta a thabhairt i dtír. Tá sonraí faoin taighde a rinneadh maidir le bealaí farraige foilsithe i ndáil leis an dá thionscadal mar chuid de na bearta staidéir ar chúrsaí féidearthachta a ghabhann leo.

## *Gás*

10.15 Is breosla glan atá sa ghás nádúrtha ó thaobh chaighdeán an aeir ó tharla gur beag ar fad an astaíocht cáithníní a ghabhann leis. Meastar go dtarraingíonn astaíocht cáithníní luathbhás níos mó ná 1,500 duine in Éirinn in aghaidh na bliana. Is lú go mór an t-ábhar $CO_2$ in aghaidh an aonaid fuinnimh sa ghás nádúrtha ná mar atá sa ghual nó san ola.

10.16 Tá beartas fuinnimh fadtéarmach na hÉireann dírithe ar an athrú go dtí córas fuinnimh atá éadrom ó thaobh carbóin a thabhairt i gcrích ar bhealach atá slán agus éifeachtach ó thaobh costais. Is é an Páipéar Bán maidir le Cúrsaí Fuinnimh 2015 an ráiteas is deireanaí ina leith. Is é atá á fheiceáil faoi sin go dtarlóidh go gearrthéarmach agus go meántéarmach athrú, maidir leis an sciar den mheascán fuinnimh nach dtagann ó fhoinsí inathnuaite, ó chineálacha breosla atá trom ó thaobh carbóin go dtí breoslaí, mar shampla gás nádúrtha, is éadroime ó thaobh carbóin agus foinsí inathnuaite. Luaitear sa Pháipéar Bán gur den bhunriachtanas maidir le feidhmiú ceart an mhargaidh craobhchóras gáis nádúrtha a bheith ar fáil. Tá barrthábhacht dá bharr sin le forbairt, cothabháil agus forfheabhsú ar na córais gáis ionas go gcinntítear an córas fuinnimh a bheith sábháilte, slán agus in ann chuig an éileamh breise de réir mar a thagann feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta. Admhaítear go mbeidh gá le gnéithe éagsúla bonneagair ar fud earnálacha an iompair, an teasa agus an leictreachais i dtaca leis an athrú fuinnimh sin agus gur gá anailís dhian chun measúnú a dhéanamh ar an infreastruchtúr nua fuinnimh. Mar a luaitear thuas, tiocfaidh aon phíobáin soláthair faoi thoinn a thógtar san am atá romhainn faoi réir ag gach réimeas reachtaíochta agus rialúcháin cuí, an NMPF san áireamh ar sin a thabhairt chun cinn.

# 11.0 Fuinneamh – Ceapadh agus Stóráil Carbóin

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

11.1 Ar fud an domhain, tá Ceapadh agus Stóráil Carbóin (CCS), slabhra teicneolaíochta, ar an tríú colún, chomh maith le fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, maidir le laghdú ar astaíocht $CO_2$ san atmaisféar. Oibríonn sé trí $CO_2$ a dhealú ón ngás a sceitear, roimh nó tar éis dó, as stáisiúin gineadóireachta nó mar gheall ar phróisis tionsclaíochta eile agus a insteall i dtaiscumair geolaíochta faoin talamh d'fhonn a stóráil go buan i gcarraig phóiriúil. Faoi réir ag cúrsaí tráchtála agus teicniúla, d'fhéadfadh CCS tairbhe a dhéanamh maidir le dícharbónú ar earnáil an leictreachais an tráth céanna a gceadófaí leibhéal oiriúnach den ghineadóireacht theirmeach mar chothromú maidir le gineadóireacht eatramhach ó fhoinsí inathnuaite.

11.2 D'fhéadfaí freisin CCS a chur i bhfeidhm maidir le próisis tionsclaíochta a dtarlaíonn cuid mhór astaíocht $CO_2$ ag pointí foinse ina leith, mar shampla déantúsaíocht suiminte agus, ar a chur i bhfeidhm in éineacht le bithfhuinneamh, tá i ndán go bhféadfaí astaíocht $CO_2$ oidhreachta a bhaint as an atmaisféar. Is féidir, trí CCS a chur i bhfeidhm i ndáil le gineadóireacht hidrigine as hidreacarbóin, breosla saor ó astaíocht a chruthú maidir le tionsclaíocht, cúrsaí iompair agus teas, rud a bhféadfadh ísliú mór a theacht dá bharr ar an astaíocht ó earnálacha ar dheacair dícharbónú a thabhairt i gcrích ina leith ar aon bhealach eile.

11.3 Amach ón gcósta atá gach rogha maidir le stóráil geolaíochta atá faoi mheas in Éirinn faoi láthair. Sonraítear in Assessment of the Potential for Geological Storage of Carbon Dioxide for the Island of Ireland[24] a ullmhaíodh don SEAI agus do chomhlachtaí eile sa bhliain 2008 an acmhainn ionchais stórála a bhaineann leis an ngáscheantar ídithe amach ó Chionn tSáile in imchuach na Mara Ceiltí agus rinneadh tolladh praiticiúil 330 milliún tonna $CO_2$ a ríomh ina leith. Meastar, de réir teoirice, go mbeadh acmhainn stórála i gceist leis na himchuacha Peirmeacha Triasacha i Muir Meann a bhfuil a gcuid tréithe geolaíochta ar aon dul le ceantar gáis agus ola Oirthear Mhuir Meann (An Ríocht Aontaithe). De réir thorthaí an Irish Sea Carbon Capture and Storage Project[25] a rinneadh i gcomhar idir Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus an British Geological Survey (2012-2014), tá castacht struchtúir i gceist leis na himchuacha sin agus na réimsí stórála chomh cúng agus nach stuama ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta iad a úsáid. Ina ainneoin sin, tá acmhainn stórála le fáil i Muir Meann agus in imchuacha Méiseasócha ar scairbh an iarthair.

11.4 De réir bheart staidéir eacnamaíochta arna dhéanamh ag Element Energy (2013), tá an costas infreastruchtúir CCS i Muir Meann agus sa Mhuir Cheilteach ag teacht leis na meastacháin costais san Eoraip.

---

[24] https://www.seai.ie/resources/publications/Assessment-of-the-Potential-for-Geological-Storage-of-CO2-for-the-Island-of-Ireland.pdf

[25] https://www.gsi.ie/en-ie/programmes-and-projects/geoenergy/activities/Pages/Carbon-Capture-and-Storage.aspx

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

11.5 De réir bheart staidéir arna dhéanamh ag Acadamh Innealtóireachta na hÉireann (2016), is féidir, leis an teicneolaíochta a bhíonn ar fáil, forbairt CCS a dhéanamh in Éirinn faoin mbliain 2030 ach beidh gá le hobair mhór maidir le córais airgeadais, rialála agus dlí ina leith. Tá sin ag teacht leis an tuairim atá curtha in iúl ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh go bhfuil gá le comharthaí tréana maidir le cúrsaí polasaí chun an infheistíocht atá de dhíth a spreagadh ainneoin a bhfuil d'acmhainn ag baint le CCS agus a bhféadfadh a theacht i gcrích mar gheall ar dhul chun cinn maidir le cúrsaí teicneolaíochta.

11.6 Le Treoir 2009/31/CE an AE[26] tá creatchóras dlí ar bun maidir le stóráil $CO_2$ ar bhealach atá sábháilte ó thaobh na timpeallachta. Tá Éire ar cheann de na tíortha a bhfuil srianta sealadacha curtha i bhfeidhm acu maidir le stóráil $CO_2$. Déantar Treoir 2009/31/CE a thrasuí i ndlí na hÉireann le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Stóráil Geolaíochta ar Dhé-ocsaíd Carbóin) 2011[27] (I.R. Uimh. 575 de 2011) lena gcuirtear cosc ar $CO_2$ a stóráil, más mó an toirt ná 100,000 tonna, i gcríoch an Stáit, sa limistéar eacnamaíoch eisiach nó ar an scairbh ilchríochach.

11.7 Luaitear beart de chuid an Roinn DCCAE sa Phlean Náisiúnta Maolúcháin a foilsíodh i mí Iúil 2017 maidir le scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí taiscumair oiriúnacha a úsáid maidir le stóráil $CO_2$.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

11.8 Leasaíodh Prótacal Londain sa bhliain 2006 ionas go ndéantar rialú maidir le ceapadh $CO_2$. Is isteach i bhfoirmíocht geolaíochta faoi ghrinneall na farraige amháin (agus ní isteach san fharraige féin) is féidir smaoineamh ar shruthanna $CO_2$ a dhiúscairt. $CO_2$ a chaithfidh a bheith i mórchuid mhór ábhar an tsrutha agus ní féidir ábhar dramhaíola eile a chur le sruth ar mhaithe lena dhiúscairt. Rinneadh leasú eile sa bhliain 2009 ionas go gcuirtear ar chumas Pháirtithe sruthanna dé-ocsaíd charbóin a easpórtáil ar mhaithe lena gceapadh i bhfoirmíochtaí geolaíochta faoi ghrinneall na farraige taobh amuigh dá dteorainneacha féin.

11.9 Rinneadh Coinbhinsiún OSPAR a leasú sa bhliain 2007 ionas go gceadaítear dé-ocsaíd charbóin a stóráil i bhfoirmíocht geolaíochta faoi ghrinneall na farraige ar choinníoll go bhfuil i gceist an $CO_2$ a choinneáil go buan agus nach dtiocfaidh aon toradh dochrach dá bharr maidir le timpeallacht na mara, sláinte an duine ná úsáideoir eile. Cuirtear cosc faoi Choinbhinsiún OSPAR ar shruthanna dé-ocsaíd charbóin a chur i gcolún uisce nó ar ghrinneall na farraige.

11.10 D'fhéadfadh idirghabháil tarlú le hearnáil an pheitriliam mar gheall ar athúsáid a bhaint as taiscumair ídithe agus gnéithe eile den infreastruchtúr a ghabhann leo chun $CO_2$ a stóráil.

[26] https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2009:140:0114:0135:EN:PDF
[27] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2011/si/575/made/en/pdf

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

11.11 De réir na hanailíse a rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (Energy Technology Perspectives 2017), bheadh le tuiscint gur gné bhuntábhachtach an CCS den réimse cineálacha éagsúla teicneolaíochta a theastaíonn chun ísliú suntasach ar an astaíocht ar fud an domhain a thabhairt i gcrích agus na spriocanna a leagtar síos i gComhaontú Pháras a shásamh.

11.12 Tá seo ag teacht leis an obair a rinne Meitheal Samhaltúcháin agus Polasaí Fuinnimh MaREI i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, a bhfuil cnámhscéalta samhalta tugtha chun cinn acu ar mhaithe le cíoradh a dhéanamh ar a mbeadh i ndán d'Éirinn le cásanna ionchais éagsúla maidir le cúrsaí fuinnimh, ar an gcomhthéacs a bhaineann le bearta maolúcháin maidir le cúrsaí aeráide agus cinnteacht an tsoláthair fuinnimh. Tugtar ollathrú ríshuntasach ar an gcóras fuinnimh i gceist ar gheall ar chásanna lenar gá laghdú ollmhór maidir le hastaíocht faoin mbliain 2050 le haird ar chomhaontú Pháras, agus ní mór plé breise ar an gcás sin. Go ginearálta, tá á mholadh go mbeadh fuinneamh ó fhoinsí gaoithe amach ón gcósta agus ón ngás nádúrtha chun tosaigh maidir le gineadóireacht amach go dtí an bhliain 2030 agus go mbeadh gás-CCS, bithfhuinneamh agus bithfhuinneamh-CCS chun tosaigh ina dhiaidh sin.

# 12.0 Fuinneamh – Stóráil Gáis amach ón gCósta

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

12.1 Stóráil Gáis a thugtar ar bheartaíocht a fhágann gur féidir gás a stóráil ar feadh tréimhsí nuair nach mbíonn an t-éileamh chomh mór sin air (e.g. séasúr an tsamhraidh) i dtaiscumair mhórscála agus an gás sin a thapú nuair is mó an t-éileamh air arís (i.e. i rith an gheimhridh). Déantar stóráil gáis i ngáscheantair ídithe tríd an ngás a instealladh sa taiscumar. D'fhonn brú a choinneáil ar bun sa taiscumar, coinnítear méid áirithe gáis ann ('cúlstór gáis'). Coinníonn an gás sin an brú sna gásréimsí ionas gur féidir gás a sheoladh as an ngáscheantar i rith an gheimhridh nuair a bhíonn gás á tharraing chun éileamh an gheimhridh a shásamh. Ó tharla gur féidir gás nádúrtha a stóráil ar feadh tréimhsí éigríochta, is ar bhonn tráchtála a shocraíonn oibritheoir stórála gás a instealladh nó a tharraingt amach. Níl oiread sin acmhainn stórála gáis in Éirinn ainneoin an ról a d'fhéadfadh a bheith leis maidir le cinnteacht an tsoláthair agus solúbthacht maidir le gineadóireacht leictreachais. Bíonn an bonn tráchtála faoi stóráil gáis ag brath ar an éagsúlacht praghsanna idir gás an tsamhraidh agus gás an gheimhridh.

12.2 Tá tosca éagsúla a thagann i gceist leis sin, ina measc-

- Craobhchóras slánchóirithe phíobáin gáis na hEorpa a fhágann nach bhfuil oiread gá le hacmhainn stórála;
- Solúbthacht breise maidir le conarthaí iompórtáil trí phíobáin, lena n-áirítear conarthaí leis an Rúis, leis an Iorua agus leis an Ailgéir, a fhágann gur féidir leis an lucht ceannacháin brath ar sholúbthacht soláthair faoin gconradh seachas ar acmhainn stórála a chur in áirithe;
- Breis iompórtála maidir le LNG a thabhairt isteach don Eoraip, rud a fhágann iomarcachas maidir le cumas athghásúcháin.

12.3 Bhí an chéad shaoráid stórála maidir le gás nádúrtha amach ón gcósta, agus an t-aon cheann go dtí seo, á oibriú ag Kinsale Energy i ngáscheantar ídithe Iardheisceart Chionn tSáile. Rinneadh gáscheantar Iardheisceart Chionn tSáile a chóiriú ina shaoráid stórála maidir le gás nádúrtha ina raibh d'acmhainn 230 milliún méadar ciúbach a stóráil. Shocraigh Kinsale Energy sa bhliain 2016 áfach an tsaoráid a dhúnadh agus tarraingíodh an chuid deiridh den ghás stóráilte as an taiscumar i mí Márta 2017.

12.4 Is togra tráchtála an tionscadal SNLG maidir le críochphort Gás Nádúrtha Leachtaithe (LNG) a thógáil cóngarach do Bhéal Átha Longfoirt, Contae Chiarraí, ceangal leis an gcóras tarchuradóireachta gáis san áireamh. D'fhágfadh saoráid LNG go mbeadh cinnteacht breise maidir leis an soláthar in Éirinn ó thaobh éagsúlacht a thabhairt i gceist maidir le foinsí sholáthar gáis na hÉireann chomh maith le ceangal a nascadh leis an margadh LNG idirnáisiúnta.

12.5 Tá an togra SLNG ar liosta reatha an AE de Thionscadail Leasa Choitinn (PCI). Is togra tráchtála príobháideach atá sa tionscadal a bhfuil stádas PCI á chur ina leith ó cuireadh an chéad liosta ar fáil sa bhliain 2013. Seasann Éire le lua an tionscadail ar liosta na hEorpa de Thionscadail Leasa Choitinn ó tharla go gcuirfeadh sé leis an gcinnteacht soláthair in Éirinn. Ina ainneoin sin, tá forbairt an togra SLNG ag brath ar shocruithe infheistíochta a dhéanann lucht seolta an tionscadail san am atá romhainn.

12.6 Bhíodh an t-aon saoráid stórála gáis in Éirinn á rith ag Kinsale Energy. Éiríodh as an tsaoráid sin a úsáid i mí Aibreán 2017. Bhíodh sé á oibriú i gcomhar le táirgeacht gáis ar bhonn tráchtála faoi réir ag an Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí eile 1960.

12.7 Rinneadh toiliú an Aire Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil leis an tsaoráid stórála ag Kinsale Energy a thabhairt trí aguisín a chur leis an léas peitriliam idir an chuideachta agus an tAire a bhí i bhfeidhm maidir le táirgeacht gáis ón ngáscheantar.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

12.8 Níl creatchóras rialúcháin ar bun in Éirinn faoi láthair faoina dtabharfaí ceadúnas maidir le saoráid stórála gáis nádúrtha neamhspleách. Tá an Roinn DCCAE i mbun reachtaíocht a thabhairt chun cinn lena ndéanfar foráil do ghás nádúrtha a stóráil amach ón gcósta mar bheartaíocht neamhspleách. Tá gá leis sin chun cinnteacht a chur ar fáil do sholáthraithe ionchais bonneagair agus chun a chinntiú go mbítear in acmhainn na saoráidí bonneagair a chur ar fáil sa mhargadh a d'fhéadfadh leas suntasach a dhéanamh maidir le cinnteacht faoin soláthar gáis in Éirinn.

12.9 Tabharfar HOOW san áireamh leis an gcreat reachtaíochta i ndáil, mar shampla, leis an ngá atá le réimeas rialúcháin docht, seasmhach, críochnúil ionas go dtarraingítear infheistíocht, go léirítear cobhsaíocht agus go gcinntítear cosaint ag timpeallacht na mara.

12.10 Ní mór an creatchóras a bheith ag teacht freisin le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) agus aird a thabhairt ar na cearta éagsúla a cheadaítear faoi airteagal 56 agus airteagal 77 faoi seach den Choinbhinsiún i ndáil le crios EEZ agus leis an scairbh ilchríochach.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnála Eile

12.11 Tá réimse leathan deiseanna sinéirge agus idirbheartaíocht oibriúcháin idir stóráil gáis agus earnálacha eile. Áirítear ar na réimsí sinéirge úsáid leanúnach as calafoirt agus cuanta maidir le hobair soláthair agus iompair, deiseanna monarchana fuinnimh gaoithe a lonnú ar an aon láthair, seirbhísí maidir leis an slabhra soláthair, agus an seans go bhfeidhmeodh monarchana ar aon dul le sceir shaorga maidir le cosaint bhreise a chur ar fáil do ghnéithe den bhithéagsúlacht.

12.12 Ar na bearta idirghabhála a d'fhéadfadh a bheith dochrach, tá beartaíocht eile a chur ar mhalairt láithreach nó ar ceal, mar shampla, iascaireacht, cúrsaí loingis nó beartaíocht caitheamh aimsire, cur isteach ar a maireann san fharraige, go háirithe le linn bearta seismeach (i rith chéim na taiscéalaíochta seachas céim na stórála) agus iomaíocht ghinearálta maidir le spás.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

12.13 Tá ceangal dlúth idir cúrsaí inmharthanachta san am atá le theacht agus cinnteacht fuinnimh. Tá buntábhacht ag Éirinn agus ag an Aontas Eorpach le cinnteacht maidir leis an soláthar fuinnimh. Ar cheann de na bealaí inar féidir cur leis an gcinnteacht maidir leis an soláthar, má mheastar gur gá é, tá stóráil gáis ar bhonn tráchtála mar bheart lena maolófaí aon chur isteach ar an gcinnteacht soláthair.

12.14 Tá staidéar á dhéanamh ag Líonra Gáis Éireann agus ag EirGrid, faoi mhaoirseacht Choimisiún Rialála na bhFóntas (CRU) agus an Roinn DCCAE, ar bhuanseasmhacht na hÉireann in aghaidh chur isteach fadtéarmach ar an soláthar gáis. Tugtar san áireamh staidéar maidir le gá le stóráil gáis agus cúrsaí LNG. Beidh toradh an staidéir sin ina lón eolais maidir le bearta polasaí a cheapadh d'fhonn cur le seasmhacht sholáthar gáis agus leictreachais na hÉireann.

12.15 Mar a leagtar amach thuas, tá i ndán go bhféadfadh ionaid agus gníomhaíocht maidir le stóráil gáis tionchar chun dochair a imirt ar chúrsaí éiceolaíochta agus ní mór tionchar dá shórt a thabhairt chun suntais, a scrúdú agus a mhaolú mar chuid de chéim na pleanála chun cinn agus de chéim na bainistíochta forbartha ar an bpleanáil mara.

# 13.0 Cúrsaí Iascaigh

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

### *Earnáil an Bhia Mara*

13.1 Iascach agus loingseoireacht na cineálacha beartaíochta is faide atá ar bun ag an duine i réimsí farraige na hÉireann. Tá roinnt de na hacmhainní is iomadúla agus is luachmhaire san Eoraip maidir le hiascaireacht farraige ar fáil le cósta na hÉireann, cois cladaigh agus amach ón gcósta. Sa bhliain 2017, b'ionann an deis iomlán iascaireachta (i.e. speicis a thagann san áireamh leis an nGabháil Iomlán Incheadaithe (TAC)) maidir le stoc a bhfuil teacht ag cabhlach iascaigh na hÉireann air agus 1.3 milliún tonna éisc, le luach measta ar a thabhairt i dtí cothrom le €1.44 billiún. B'ionann sciar iomlán na hÉireann den TAC sa bhliain 2017 agus 234,493 tonna dar luach €226m. Ar na réimsí stoic ba thábhachtaí i gcás na hÉireann ó thaobh luacha, bhí an ronnach agus Nephrops (an cloicheán). Bhí luach iomlán €401m leis an mbia mara a tugadh i dtír sna príomhchalafoirt iascaireachta i rith na bliana 2017, rud a fhágann go bhfuil tionscail an bhia mara ina acmhainn nádúrtha príomhthábhachta agus go mbaintear tairbhe mhór as maidir le heacnamaíocht na tíre, go háirithe i gceantair cósta. Sáraíodh luach €1 billiún maidir le luach trádála an bhia mara den chéad uair riamh anuraidh.

| | Value of Landings €M | | | | Volume of Landings Tonnes | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Port | Irish | Non-Irish | Total | Share of Non-Irish | Irish | Non-Irish | Total | Share of Non-Irish |
| Killybegs | 105 | 20 | 125 | 16% | 149,800 | 42,400 | 192,200 | 22% |
| Castletownbere | 31 | 77 | 108 | 72% | 9,000 | 21,500 | 30,500 | 70% |
| Dingle | 7 | 13 | 20 | 67% | 4,700 | 3,500 | 8,200 | 42% |
| Dunmore East | 15 | 1 | 16 | 5% | 7,500 | 200 | 7,700 | 3% |
| Ros A Mhil | 11 | 1 | 12 | 7% | 2,600 | 100 | 2,700 | 4% |
| Howth | 11 | 0.3 | 11.3 | 3% | 4,100 | 100 | 4,200 | 2% |
| Kilmore Quay | 11 | 0 | 11 | 0% | 4,300 | 0 | 4,300 | 0% |
| Greencastle | 9 | 0.4 | 9.4 | 4% | 3,700 | 100 | 3,800 | 3% |
| Union Hall | 8 | 1 | 9 | 13% | 2,000 | 400 | 2,400 | 17% |
| Clogherhead | 8 | 0 | 8 | 0% | 1,500 | 0 | 1,500 | 0% |
| Other Ports | 67 | 4 | 71 | 5% | 54,800 | 1,700 | 56,500 | 3% |
| **Total** | **283** | **118** | **401** | **29%** | **244,000** | **70,000** | **314,000** | **22%** |

**Tábla 2: Gach ar cuireadh i dtír i gCalafoirt na hÉireann as Soithí Éireannacha agus Soithí Neamh-Éireannacha 2017 (Foinse: BIM Gnó an Bhia Mara 2017)**

13.2 Is foinse thábhachtach earnáil an iascaigh maidir le gnóthaí eacnamaíochta, go háirithe i gceantair iargúlta le cósta. Tá níos mó ná 14,000 duine fostaithe go díreach nó go hindíreach san earnáil, cuid mhór acu a mhaireann agus a oibríonn i gcomharsanachtaí tuaithe leis an gcósta. Is díol suntais freisin a mhéid a bhaineann an tionscail le stair shóisialta agus chultúir na hÉireann.

13.3 Tháinig ardú 12% go dtí €609m i rith na bliana 2017 ar luach an bhia mara a cuireadh i dtír agus a saothraíodh in Éirinn (dobharshaothrú san áireamh) agus tháinig méadú 11% ar an toirt go dtí 361,000. Ardú tréan maidir le toirt agus le praghas i gcás Bradán Orgánach ba chúis leis an ngnóthachtáil sin chomh maith le hardú ar an méid de speicis pheiligeacha, an Ronnach, an Bolmán agus an Faoitín Gorm san áireamh, a cuireadh i dtír i gcalafoirt na hÉireann.

13.4 Tá sé cinn d'Ionaid Iascaigh Cuain a thagann faoin úinéireacht agus faoi bhainistíocht na Roinne DAFM go díreach. Déantar na hionaid, atá suite i mBaile Chaisleáin Bhéarra, i nDún Mór Thoir, i mBeann Éadair, sna Cealla Beaga, i Ros an Mhíl agus sa Daingean a bhainistiú agus a oibriú i gcomhréir le hAcht na nIonad Iascaigh Cuain 1968 faoina gceanglaítear ar an Aire gach ceann de na cuanta a bhainistiú, a rialú, a oibriú agus a fhorbairt. Leagtar cúram sonrach ar an Aire chomh maith maidir le hobair chothabhála, deisiúcháin, feabhsúcháin, leathnúcháin agus nuachóiriúcháin i ndáil leis na cuanta sin, foirgníocht agus bealaí bóthair san áireamh.

13.5 Dhá phríomhchatagóir a bhaineann leis an iascach tráchtála, mar atá (1) iascach cois cladaigh, (2) iascach amach ón gcósta.

## *Iascach Cois Cladaigh*

13.6 Cé nach bhfuil aon sainmhíniú beacht amháin in úsáid go hidirnáisiúnta maidir le 'hiascach cois cladaigh' nó 'iascach ar mhionscála gar don chósta', is é an riail láimhe a chuirtear i bhfeidhm san AE go mbíonn níos lú ná 12m faid sna soithí agus nach mbíonn trealamh á tharraingt i ndiaidh an bháid. I gcomhthéacs na hÉireann, fágann slat tomhais den sórt sin nach dtugtar san áireamh trálaeir bheaga ná báid dreideála sliogéisc, cineálacha a bhfuil tábhacht leo maidir le hiascach cois cladaigh in Éirinn. Is iondúil báid iascaireachta cois cladaigh á n-oibriú i bhfoisceacht sé mhíle farraige den chósta. Leagtar amach sa tábla thíos cineálacha na soitheach i gcabhlach iascaireachta cois cladaigh na hÉireann agus na réigiúin lena mbaineann siad.

| Vessel Size | Number | Region | No. vessels |
|---|---|---|---|
| <10m | 1,398 | North (Donegal) | 300 |
| 10-12m | 225 | North West (Sligo, Mayo) | 212 |
| Total <12m | 1,623 | West (Galway, Clare) | 322 |
| Total Irish Fishing Fleet | 1,991 | South West (Kerry, Cork) | 478 |
| | | South East (Wicklow, Wexford, Waterford) | 190 |
| | | North East (Dublin, Louth, Meath) | 121 |
| | | Total | 1623 |

**Tábla 3: Cineálacha na mBád Iascaigh sa Chabhlach Iascaireachta Cois Cladaigh – Aibreán 2018 /Scaipeadh Tíreolaíochta na mbád iascaireacht <12m sa chabhlach cois cladaigh**

13.7 Tá 77 soitheach eile faoi láthair, ina bhfuil fad idir 12-15m, a bhíonn in úsáid maidir le hiascaireacht cois cladaigh. Meastar go bhfuil idir 2,500 – 3,000 post ceangailte le hearnáil na hiascaireachta cois cladaigh, cuid mhór acu i gceantair tuaithe nach mórán deiseanna eile fostaíochta a bheadh ar fáil iontu.

13.8 Seo a leanas an spriocstoc maidir le hiascach cois cladaigh in Éirinn:

- Iasc sliogáin a thógtar le potaí (gliomach, portán) nó le dreidireacht (ruacan, cuachma)
- Turbard nó iasc baoite, cráifisc (le heangacha)
- Deis theoranta ar stoc cuóta de chineálacha éagsúla (e.g. ronnach agus scadán).

13.9 Déantar bainistíocht ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an stoc de chineálacha áirithe éisc cois cladaigh (e.g. an chuachma, an ruacan), is é sin le rá nach dtagann siad faoi scáth chóras cuóta an Chomhbheartais Iascaigh. Oibríonn an Roinn DAFM go dlúth le Foras na Mara agus le Bord Iascaigh Mhara (BIM) ina leith sin. Tugtar sonraí in Atlas Mara na hÉireann[28] ar an mbeartaíocht iascaireachta i réimsí uisce cois cladaigh (suas le 10 míle amach ón gcósta).

13.10 Tagann ionadaithe lucht an iascaigh cois cladaigh le chéile ar an leibhéal náisiúnta trí Fhóram Náisiúnta an Iascaigh Cois Cladaigh (NIFF), fóram comhairle maidir le réimsí leasa na n-iascairí cois cladaigh agus ghealsealbhóirí eile. Tá sé cinn d'Fhóraim Réigiúnacha an Iascaigh Cois Cladaigh (RIFF) a chuireann le hobair an Fhóraim Náisiúnta.

### *Iascach amach ón gCósta*

13.11 Déantar an bhainistíocht maidir le stoc na bpríomhchineálacha éisc a ndéantar iascaireacht tráchtála orthu amach ón gcósta faoin gComhbheartas Iascaigh (CFP). Tá an fharraige timpeall na hÉireann ar na réimsí uisce is torthúla de chuid an AE agus ar an gcuid is íogaire ó thaobh cúrsaí bitheolaíochta de. Tagann an chuid is mó den acmhainn iascaigh sa limistéar sin faoi scáth an Chomhbheartais Iascaigh. Most of the fisheries resource within this area comes under the remit of the CFP. B'ionann sciar iomlán na hÉireann den Ghabháil Iomlán Incheadaithe sa bhliain 2017 agus 234,493 tonna dar luach €226m. Baineann na figiúirí sin le stoc i gcrios EEZ na hÉireann chomh maith le réimsí eile de limistéir uisce idirnáisiúnta a mbíonn isteach is amach iontu ag báid na hÉireann.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

### *Ginearálta*

13.12 Fágann socrú na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil i mí Márta 2019 ábhar dúshláin roimh earnáil an bhia mara. Tá cead isteach ar réimsí iascaireachta agus cuótaí ar chuid de na ceisteanna , maidir le cúrsaí iascaireachta amháin, a bhféadfadh deacracht a bheith ag baint leo. Tá i ndán go bhfágfadh aon athrú ar an gcóras atá i réim faoi láthair nach leanfadh an córas socair atá ar bun faoin gComhbheartas Iascaigh faoi láthair, faoina bhfuil earnáil na hiascaireachta féin ag feidhmiú le cinnteacht áirithe le dhá scór bliain anuas. Chomh maith leis na ceisteanna sin, tá cuid mhór ábhar dúshláin eile a bhaineann le cúrsaí eacnamaíochta go ginearálta: cén tionchar a bheidh ag Brexit ar an tráchtáil, ar na bealaí chun an mhargaidh, ar na slabhraí soláthair agus ar chúrsaí iompair. Tá na ceisteanna sin pléite ag an Roinn DAFM le réimse leathan geallsealbhóirí agus leis na gníomhaireachtaí mara d'fhonn a chinntiú, de réir mar a thagann athrú ar an gcás, go mbíonn earnáil an bhia mara ar an eolas, go mbíonn comhairle ar fáil agus go mbítear i riocht dul in oiriúint do chásanna nua.

[28] https://www.marine.ie/Home/site-area/data-services/interactive-maps/irelands-marine-atlas

## Iascach amach ón gCósta

13.13 De réir rialacháin an AE, beidh aon bherataíocht a d'fhéadfadh cur isteach ar iascaireacht a dhéanann Ballstát faoi réir ag comhaontú an Bhallstáit nó na mBallstát a bhaineann le hábhar nó beidh dlite socrú ina leith de réir nós imeachta chomhchinnteoireachta Chomhairle an AE agus Pharlaimint na hEorpa maidir le togra de chuid Choimisiún an AE.

### *Cois Cladaigh*

13.14 Tá an t-uisce sna réimsí cois cladaigh a choinneáil ar ardchaighdeán buntábhachtach i gcónaí maidir le tionscal a bheadh bisiúil fiúntach. D'fhéadfadh beartaíocht in earnálacha eile, mar shampla uisce de thailte feirmeoireachta a théann le sruth agus uisce a sceitear as monarchana cóireáil uisce cur isteach ar an mbithéagsúlacht, ar an stoc éisc agus ar shábháilteacht bia mara. Rinneadh rialacháin mar gheall ar an mbagairt óna leithéid sin agus féachtar le tionchar chun dochair ar éiceachórais áitiúla a sheachaint. Leagtar síos caighdeáin i dtreoracha éagsúla, mar shampla an Treoir maidir le Uiscí Iasc Sliogáin (2006/113/CE), an Treoir Níotráití (91/676/CCE) agus an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (91/271/CCE).

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

13.15 Tá iléagsúlacht mhór ag baint le hearnáil an iascaigh agus réimse fairsing spáis. Is earnáil í, dá réir sin, a dtarlaíonn idirghabháil idir í agus cuid mhór cineálacha beartaíochta eile ar muir agus earnála eile. Áirítear ar shamplaí dá leithéid na calafoirt agus na cuanta ar mór an tábhacht atá leo sa slabhra fiúntais agus sa slabhra soláthair, fóillíocht agus caitheamh aimsire ar muir ar minic iad ar siúl ar aon láthair leis an iascaireacht agus bealaí loingis a d'fhéadfadh a bheith ag dul trí réimsí iascaireachta.

### *Iascach Cois Cladaigh*

13.16 Bíonn gá le bealaí éagsúla isteach ar réimsí iascaireachta don iascach cois cladaigh mar gheall ar an éagsúlacht a bhaineann leis an stoc ar a ndéantar iascaireacht, idir cineálacha a mharaítear ó cheann ceann na bliana, cineálacha a mbíonn séasúr ag baint leo agus cineálacha nach bhfaightear ach ó am go chéile. Ba cheart aird, maidir haon fhorbairt in earnáil ar bith eile, ar an ngá a bhíonn ag na báid seo le bealach a dhéanamh.

13.17 Cé gur ceist mhórthábhachta an t-am ar fad an bhainistíocht ar an stoc agus cúrsaí inmharthanachta a bhfuil an tionscal i ngleic léi ó thaobh cúram maidir lena mbaintear as réimsí áirithe iascaigh, ní mór aird a bheith, maidir le haon athrú/forbairt ag geallsealbhóirí eile a bhféadfadh cur isteach ar an stoc a theacht dá bharr, ar an tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar na cúinsí is fearr maidir le stoc maith éisc a choinneáil ar bun.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

13.18 Ar an tionchar chun dochair a d'fhéadfadh a theacht mar gheall ar bheartaíocht iascaireachta, tá cur isteach ar chúrsaí éiceolaíochta, ísliú stoic, bruscar mara nó truailliú de chineál eile ar an bhfarraige, agus seachghabháil.

13.19 Tá cineálacha áirithe iascaireachta a d'fhéadfadh cur isteach ar an iasc peiligeach agus ar an iasc le grinneall, go háirithe cineálacha a mbíonn ráta íseal foráis i gceist leo, ar shubstráití boga nó sceireacha coiréil uisce fuar, agus tá réimsí faoi leith a bhfuil dochar mór déanta iontu ag an iascaireacht. Is ábhar imní freisin leibhéal na seachghabhála ar éin, siorcanna agus ainmhithe mara i réimsí iascaigh áirithe.

13.20 Ina ainneoin sin, admhaítear go ginearálta in earnáil an iascaigh in Éirinn gur le húsáid níos inmharthana as acmhainní nádúrtha a chruthaítear earnáil bia mara níos seasmhaí. Tá feabhas ginearálta ag teacht maidir le líon an éisc ó rinneadh an Comhbheartas Iascaigh a leasú agus tá bainistíocht níos inmharthana ar siúl maidir le líon an éisc ó socraíodh Uastáirgeacht Inbhuanaithe (MSY) maidir le speicis tráchtála.

13.21 Le deich mbliana anuas, tá obair mhór déanta ag Bord Iascaigh Mhara (BIM), Údarás Forbartha Bia Mara na hÉireann, chun inmharthanacht a chinntiú maidir le réimsí iascaigh, dobharshaothrú agus gnólachtaí próiseála na hÉireann.

## *Iascach amach ón gCósta*


13.22 Faoi Airteagal 11 den Chomhbheartas Iascaigh, tá de chumhacht ag na Ballstáit bearta caomhantais, nach bhfuil ina gcur isteach ar bháid iascaigh as Ballstáit eile, a thabhairt i bhfeidhm maidir le réimsí uisce a thagann faoina ndlínse d'fhonn a leagtar de dhualgas orthu faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, Treoir na nÉan agus Treoir na nGnáthóg a chomhlíonadh. Sa chás go mbeadh feidhm le haon bheart i ndáil le réimse iascaigh ina bhfuil leas bainistíochta go díreach ag Ballstát eile, ní mór na bearta sin a aontú leis an mBallstát eile sin. Sa chás nach féidir sin, bheadh gá le próiseas comhchinnteoireachta iomlán, leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa, chun na bearta a thabhairt i bhfeidhm.

13.23 Éilítear ar Bhallstáit, Éire ina measc, faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, dea-stádas timpeallachta (GES) maidir leis an timpeallacht mara a thabhairt i gcrích faoin mbliain 2020. I gcás stoc éisc de chineálacha tráchtála, ciallaíonn sin go gcaitheann líon na gcineálacha éisc agus sliogéisc ar fad a ndéantar iascaireacht orthu ar bhonn tráchtála a bheith de réir na dteorainneacha atá sábháilte ó thaobh na bitheolaíochta agus an dáileadh aoise agus méide a bheith i gcomhréir leis an gcineál a thabharfadh le fios go raibh stoc maith ar fáil.


## *Iascach Cois Cladaigh*

13.24 Mar a luaitear thuas, tá caighdeán an uisce a choinneáil go maith ar cheann de na bunriachtanais maidir le héiceachóras iléagsúil bríomhar a choinneáil faoi chosaint.

13.25 Tharla borradh mór faoin iascaireacht ar chineálacha áirithe stoic (e.g. sceana mara) le blianta beaga anuas agus tá cineálacha eile faoi bhrú fadtéarmach. Bainistíocht a dhéanamh ar na réimsí iascaigh ar bhealach atá inmharthana ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus cúrsaí timpeallachta araon, an chuspóir.



**Fíor 4: Calafoirt na hÉireann maille le hIomlán ar Cuireadh i dTír 2016**





Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

Marine Irish Digital Atlas, 2014
Map designed by ABPmer, 2018




**Commercial Fisheries - Inshore**

Kilometres
0 15 30 60 90



Coordinate System
WGS 1984 UTM Zone 29N
Projection
Transverse Mercator

- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Local Authority Area
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly
- Fishing Port
- Periwinkle Harvesting Collecting

Bottom Trawl Fishing
- Mixed Demersal
- Nephrops
- Queen Scallop

Dredge Fishing
- Clams, Cockles
- Mussels
- Native Oyster
- Scallop

Nets Fishing
- Bait
- Crayfish
- Pelagic
- Demersal

Pot Fishing
- Crab and Lobster
- Nephrops
- Shrimp
- Whelk


- Midwater Trawl Fishing
- Line Fishing

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund


Marine Institute, 2014 (Data relate to activity up to 2013)
Marine Irish Digital Atlas, 2014
Map designed by ABPmer, 2018



## Commercial Fisheries Offshore - Gear Type

Kilometres

0 25 50 100 150



**Coordinate System**
WGS 1984 UTM Zone 29N
**Projection**
Transverse Mercator

- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Local Authority Area
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly

Fishing Gear (All Nationalities)

- Beam trawls
- Bottom trawls
- Dredges
- Lines
- Nets
- Pelagic trawls
- Pots
- Seines
- Other

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

Atlas of Commercial Fisheries Around Ireland, 2nd Edition, Marine Institute, 2014
(Data relate to the period 2008-2012)
Map designed by ABPmer, 2018

# 14.0 Cumascán Mara

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

14.1 Dríodar gainimh agus gairbhéil le grinneall na farraige atá sa chumascán mara. Dreidireacht ar an deascán sil-leagtha is iondúla a bhíonn i gceist le cumascán mara a tharraingt. Baintear úsáid as gaineamh agus as gairbhéal ó ghrinneall na farraige san obair thógála ar fhoirgnimh, ar bhóithre, ar dhroichid agus ar ghnéithe eile infreastruchtúir.

14.2 Go dtí seo is ó fhoinsí talún a tharraingítear an t-ábhar cumascáin ar fad a úsáidtear ar bhonn tráchtála ar mhargadh na hÉireann. A oiread agus a tharla cumascán mara a tharraingt ar chor ar bith, is ar mhaithe le bearta tairbheacha amháin a ceadaíodh a dhéanamh, mar shampla cothú trá, cosaint cósta, aisghabháil agus aislíonadh. D'fhéadfadh, ina dhiaidh sin, mar gheall ar an bhforás a mheastar a thiocfaidh ar chúrsaí tógála agus an t-éileamh a bheadh ar ábhar cumascáin dá bharr, gur mó den chumascán mara a bheadh á tharraingt ó ghrinneall na farraige san am atá romhainn.

14.3 Sa saothar taighde IMAGIN[29] a rinne Ionad Acmhainní Cósta agus Mara i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus Foras na Mara sa bhliain 2008, thángthas ar an gcomhairle go bhfuil limistéir áirithe i Muir Meann a bhféadfaí cumascán a tharraingt astu agus go bhféadfadh leas a bheith as ábhar cumascáin mara maidir le bainistíocht inmharthana i ndáil leis an éileamh ar ábhar cumascáin in Éirinn agus leis an úsáid as. Measadh idir 5 agus 7 mbilliún m3 ar fáil sa limistéar a raibh staidéar á dhéanamh air.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm


14.4 Tá moltaí á gcur chun cinn, de thoradh ar thionscadal IMAGIN, creatbheartas straitéiseach a leagan amach maidir le córas riaracháin agus rialála faoin bhféadfaí bainistíocht ar mhaithe le hinmharthanacht a dhéanamh ar an dreidireacht maidir le hábhar cumascáin i Muir Meann. Is é comhairle lucht an tionscadail:

- Polasaí soiléir náisiúnta a leagan amach maidir le forbairt agus úsáid inmharthanach as ábhar cumascáin mara in Éirinn a chur chun cinn;
- Aon bhunachar sonraí amháin de na hacmhainní cumascáin a bhfuil eolas orthu a chur le chéile ionas go mbíonn fairsinge na hacmhainne ar eolas agus, nuair is cuí sin, gur féidir an acmhainn a chaomhnú maidir lena tarraingt amach; agus
- Gur cheart an polasaí agus an creat reachtaíochta náisiúnta maidir leis an earnáil a bheith ag teacht leis na prionsabail a bhaineann leis an bpleanáil spáis mara.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

14.5 Bheadh aird ar an gceangal idir an earnáil agus úsáid nó gníomhaíocht de chineálacha eile agus creat straitéise á leagan amach maidir le hábhar cumascáin mara a tharraingt ó ghrinneall na farraige. D'fhágfadh limistéir a shonrú ina bhféadfadh acmhainní a bheith ar fáil bunús le measúnacht mhion ar an gceangal a bheadh le gníomhaíocht eile atá ar siúl sna limistéir sin nó atá beartaithe iontu.

[29] Sutton G, O'Mahony C, McMahon T, Ó Cinnéide M & Nixon E (2008). Policy Report - Issues and Recommendations for the Development and Regulation of Marine Aggregate Extraction in the Irish Sea. Marine Environment & Health Series, Uimh. 32, 2008



**Fíor 5: Fo-roinn de réimse taighde IMAGIN lena léirítear samplaí de: (i) limistéir a shonraítear mar fhoinsí ionchais; agus, (ii) limistéir a shonraítear mar fhoinsí ionchais agus bearta idirghabhála a tharlódh.**


## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

14.6 Thángthas ar an gcomhairle maidir le beart taighde IMAGIN go bhféadfadh buntáistí suntasacha, ó thaobh maolú ar an gcostas comhshaoil, a theacht ó thosú ar an rogha maidir le hábhar cumascáin a sholáthar ó fhoinsí mara i gcomórtas le foinsí talún mar a shaothraítear faoi láthair.

14.7 De réir thorthaí na taighde, tá an astaíocht $CO_2$ a bhaineann le hábhar cumascáin a tharraingt le modhanna dreidireachta faoin bhfarraige níos ísle ná 50% de na leibhéil a bhaineann lena tharraingt as poll gainimh nó gairbhéil.


14.8 Arna bhunú ar na foinsí cumascáin ar talamh agus faoin bhfarraige a shonraítear mar chuid den tionscadal taighde, agus ar an soláthar ábhar cumascáin do mhargadh Bhaile Átha Cliath a thabhairt san áireamh, bheadh níos lú ná 25% den iompar bóthair a bhaineann le roghanna soláthair ó fhoinsí ar talamh i gceist le hábhar cumascáin mara.

14.9 Bhainfeadh an tionchar ar an timpeallacht a ghabhfadh le hábhar cumascáin mara a tharraingt le tionchar fisiciúil agus éiceolaíochta ar na córais mara go gearrthéarmach, go meántéarmach agus go fadtéarmach. D'áireofaí orthu sin tionchar maidir le haistriú dríodair agus próisis eile le cósta, speicis bheantacha agus gnáthóga, caighdeán an uisce agus limistéir iascaigh tráchtála, lena n-áirítear tionchar ar réimsí sceathraí agus iasclainne. Is den bhunriachtanas, maidir leis an tionchar díreach agus an tionchar carnach ar an timpeallacht, go mbeadh sonraí bonnlíne ar fáil agus go gcuirtear clár monatóireachta sainiúil ar bun atá cóirithe go sonrach maidir le tréithe spásúlachta agus ama na háite óna dtarlaíonn an tarraingt.



## Aggregate Resource in the Irish Sea

Kilometres
0 7.5 15 30 45



**Coordinate System**
WGS 1984 UTM Zone 29N
**Projection**
Transverse Mercator

- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Local Authority Area
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly
- Irish Sea Marine Aggregate Resource Area

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

IMAGIN, 2008 (Marine Institute 2018)
Map designed by ABPmer, 2018

# 15.0 Timpeallacht Mara

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

### *Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD)*

15.1 Aontaíodh an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD) sa bhliain 2008 (Treoir 2008/56/CE). Leagtar síos creatchóras leis an Treoir faoin bhfuil de dhualgas ar Bhallstáit an AE straitéisí mara a chur i dtoll a chéile agus é d'aidhm leo dea-stádas timpeallachta (GES) a bhaint amach nó a choinneáil ar bun maidir le timpeallacht na mara faoin mbliain 2020. Próiseas lena mbaineann céimeanna éagsúla agus sraitheanna éagsúla atá i gceist agus cuirfear tús le Sraith II tar éis don chéad sraith a theacht chun críche sa bhliain 2020.

15.2 Tugtar de shainmhíniú ar Dhea-Stádas Timpeallachta (GES) gur ionann é agus dea-stádas comhshaoil uiscí muirí sa chás go gcuirtear ar fáil leo sin aigéin agus farraigí atá iléagsúil dinimiciúil ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta agus glan, sláintiúil, torthúil ó thaobh a riocht intreach féin agus go mbíonn an úsáid as timpeallacht na mara ar leibhéal ar den inmharthanacht é ionas go gcaomhnaítear an fiúntas ionchais as úsáid agus as gníomhaíocht do ghlúnta na linne seo agus do ghlúnta na linne atá i ndán.

### *Dea-stádas Timpeallachta*

15.3 Dea-Stádas Timpeallachta a dheimhniú tríd an timpeallacht mara a mheas i gcomhréir leis an tsraith critéar a leagtar amach (cé nach go lánchuimsitheach é) in Iarscríbhinn I leis an Treoir. Is coitianta tagairt dóibh seo mar Tháscairí MSFD agus déantar iad a leagan amach sa tábla thíos:

| Descriptor No. | Topic | MSFD characteristics of GES |
|---|---|---|
| 1 | Biological Diversity | Biological diversity is maintained. The quality and occurrence of habitats and the distribution and abundance of species are in line with prevailing physiographic, geographic and climatic conditions. |
| 2 | Non-indigenous Species | Non-indigenous species introduced by human activities are at levels that do not adversely alter the ecosystems. |
| 3 | Commercial Fish & Shellfish | Populations of all commercially exploited fish and shellfish are within safe biological limits, exhibiting a population age and size distribution that is indicative of a healthy stock. |
| 4 | Food Webs | All elements of the marine food webs, to the extent that they are known, occur at normal abundance and diversity and levels capable of ensuring the long-term abundance of the species and the retention of their full reproductive capacity. |

| Descriptor No. | Topic | MSFD characteristics of GES |
|---|---|---|
| 5 | Eutrophication | Human-induced eutrophication is minimised, especially adverse effects thereof, such as losses in biodiversity, ecosystem degradation, harmful algae blooms and oxygen deficiency in bottom waters. |
| 6 | Sea-floor Integrity | Sea-floor integrity is at a level that ensures that the structure and functions of the ecosystems are safeguarded and benthic ecosystems, in particular, are not adversely affected. |
| 7 | Hydrographical Conditions | Permanent alteration of hydrographical conditions does not adversely affect marine ecosystems. |
| 8 | Contaminants | Concentrations of contaminants are at levels not giving rise to pollution effects. |
| 9 | Contaminants in Seafood | Contaminants in fish and other seafood for human consumption do not exceed levels established by Community legislation or other relevant standards. |
| 10 | Marine Litter | Properties and quantities of marine litter do not cause harm to the coastal and marine environment. |
| 11 | Energy (incl. Underwater Noise) | Introduction of energy, including underwater noise, is at levels that do not adversely affect the marine environment. |

**Tábla 4: Tuairiscí MSFD Measúnacht Tosaigh, an Clár Monatóireachta agus an Clár Beartaíochta**

15.4 Éilítear mar gheall ar MSFD ar Bhallstáit Measúnacht Tosaigh (IA) a dhéanamh ar na réimsí uisce mara d'fhonn a dheimhniú cibé an bhfuil Dea-stádas Timpeallachta i gceist leo nó nach bhfuil. Leagtar síos dá réir sin spriocanna agus táscairí éagsúla timpeallachta maidir leis an limistéar mara. Cuireadh Measúnacht Tosaigh[30] na hÉireann faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Aibreán 2013. Tá dlite ar an tír athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an measúnacht tosaigh don chéad chéim eile de chur i bhfeidhm MSFD.

15.5 I mí Aibreán 2015, chuir Éire an chéad Clár Monatóireachta[31] (MP) foirmeálta MSFD faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ina leagtar amach go foirmeálta na spriocanna agus na táscairí i ndáil le Dea-Stádas Timpeallachta a bhaint amach.

30 https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/migrated-files/en/Publications/Environment/Water/FileDownLoad%2C34366%2Cen.pdf

31 https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/migrated-files/en/Publications/Environment/Water/FileDownLoad%2C43582%2Cen.pdf

15.6 Tá Clár Beartaíochta[32] (POM) leagtha amach d'fhonn tabhairt faoi thosca is cúis le cur isteach ar Dhea-Stádas Timpeallachta a bhaint amach. Cuireadh chuig an dréacht den Chlár Beartaíochta a ullmhú le modh oibre idir-rannach agus ilghníomhaireachtaí faoi stiúir na Roinne DHPLG. Cuireadh sin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Iúil 2016.

15.7 Rinneadh soláthar do rannpháirtíocht an phobail agus na ngeallsealbhóirí san fhorbairt ar an Measúnacht Tosaigh, ar an gClár Monatóireachta agus ar an gClár Beartaíochta. Rinneadh aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid a thabhairt faoi mheas agus tháinig na leaganacha críochnúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh faoina anáil ábhar na n-aighneachtaí sin. Tá modhanna á gcur ar bun go fóill lena gcinnteofar comhairliúchán leanúnach agus modh aiseolais do na geallshealbhóirí tábhachtacha agus d'eagraíochtaí neamhrialtais.

## *Coinbhinsiún OSPAR*

15.8 Ó tharla gur timpeallacht trasteorann ó chineál na réimsí farraige, agus go dtéann speicis agus sruthanna ó dhlínse go dlínse gan bhac, éilítear comhoibriú dlúth idir na Ballstáit agus i leith Choinbhinsiúin Réigiúnacha Farraige de leithéid Choinbhinsiún OSPAR le Dea-stádas Timpeallachta a thabhairt i gcrích.

15.9 Le Coinbhinsiún OSPAR um Chosaint Mhuirthimpeallacht Atlantaigh Thoir-Thuaidh (www.ospar.org) rinneadh comhdhlúthú agus leasú maidir le Coinbhinsiún Oslo 1972 agus Coinbhinsiún Pháras 1974. Rinneadh leasú agus forfheabhsú ar an gCoinbhinsiún OSPAR féin sa bhliain 1992. Is iad rialtais na dtíortha seo a leanas, mar aon leis an AE, na Páirtithe Conartha: an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Íoslainn, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe.

15.10 Is iad na príomhréimsí oibre a thagann faoi scáth an Choinbhinsiúin:

- Substaintí Guaiseacha agus Eotrófú;
- Tionsclaíocht amach ón gCósta;
- Substaintí Raidghníomhacha;
- Bithéagsúlacht agus Éiceachórais;
- Tionchar Bheartaíocht an Duine ar an Timpeallacht (bruscar mara, torann agus fuinneamh san áireamh);
- Ceisteanna Trasearnála.

## *Freagracht as cur i bhfeidhm MSFD agus OSPAR*

15.11 Is í an Roinn DHPLG a dhéanann ceannródaíocht in Éirinn maidir leis an bhforfheidhmiúchán a bhaineann le MSFD agus le Coinbhinsiún OSPAR. Mar gheall ar cheisteanna maidir le réimsí mara a bheith trasearnálach ó nádúr, tá dlúthbhaint ag Ranna agus ag gníomhaireachtaí eile leis an bpróiseas, ina measc na Ranna DAFM, DTTAS, DCHG, DCCAE, Foras na Mara agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chomh maith le réimse leathan gníomhaireachtaí agus geallsealbhóirí eile.

[32] https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/public-consultation/files/outcome/msfd_poms_summary_report.pdf

## *Dlínse Timpeallachta Mara*

15.12 Tá feidhm le MSFD agus le Coinbhinsiún OSPAR i ndáil leis an réimse uiscí mara a bhfuil cearta dlínse á bhfeidhmiú ina leith ag Ballstát i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Tugtar san áireamh le huiscí mara, de réir shainmhíniú MSFD, grinneall na farraige agus an fho-ithir faoin gcolún uisce.

## *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dliteanas Comhshaoil) (Leasú) 2015*

15.13 Leis na rialacháin[33] (I.R. Uimh. 293 de 2015), leathnaítear an scóip a bhaineann leis na rialacháin reatha faoi dhliteanas comhshaoil ionas go dtugtar san áireamh dliteanas maidir le dochar don timpeallacht taobh istigh den limistéar a thagann faoi scáth MSFD.

## *Bruscar Mara*

15.14 Tá de shainmhíniú ar bhruscar mara[34] gur ionann é agus ábhar soladach ar bith a ndearnadh a dhiúscairt d'aon ghnó, nó a chailleadh de thimpiste, ar thrá, le cladach nó ar an bhfarraige, lena n-áirítear ábhar a tarraingíodh isteach i dtimpeallacht na mara ó réimsí talún mar gheall ar aibhneacha, ar dhraenáil nó ar chórais séarachais, nó ar an ngaoth. Tugtar san áireamh aon ábhar soladach de thoradh déantúsaíochta nó próiseála atá marthanach.

15.15 Tá bruscar plaistigh ar cheann de na deacrachtaí is casta a chuirtear romhainn sa lá atá inniu ann. Bíonn sin le fáil i ngach gné den timpeallacht, locha, aibhneacha, tránna agus ar fud na farraige. Mar gheall ar shnámhacht, is furasta a scuabadh le sruth, a fhuadach le gaoth amach ar an toinn agus a scaipeadh sa sruth. Is féidir freisin é a dumpáil nó a chailleadh as soithí ar an bhfarraige. Ó tharla nach dtarlaíonn díghrádú bitheolaíochta air, maireann sé sa timpeallacht go hainsealach agus tarlaíonn a bhriseadh ina phíosaí níos mine de réir mar a imrítear creimeadh air.

15.16 Bíonn earraí móra, mar shampla eangacha iascaireachta nó gabhdáin tráchtála, micreacháithníní (is lú ná 5mm sa trastomhas) agus nanacháithníní (is lú ná 0.05mm sa trastomhas) sa bhruscar plaistigh san fharraige.

15.17 Cé go meastar gur le creimeadh ar earraí móra plaistigh a tharlaíonn an chuid is mó den mhionbhruscar plaistigh san fharraige, tá micrea-ábhar plaistigh á chur isteach i dtimpeallacht na mara ar bhealaí eile freisin, mar shampla micreashnáithníní a thagann d'éadach saorga le linn níochána agus nurdail (millíní ríbheaga plaistigh a úsáidtear mar amhábhar agus earraí á dtáirgeadh) a théann le sruth.

## *Micreachoirníní*

15.18 Tá oiread áirithe den mhionbhruscar plaistigh ar muir a thagann ó mhicreachoirníní plaistigh a úsáidtear maidir le hábhar cosmaidí, earraí glantacháin agus ábhar scrábhach le haghaidh glantacháin agus sciúrtha a tháirgeadh. Ní furasta micreachoirníní a cheapadh de leataobh le linn na cóireála ar dhramhuisce agus téann siad le sruth dá réir sin isteach i dtimpeallacht na mara leis an bhfuíolluisce a sceitear agus le sloda ó mhonarchana cóireála fuíolluisce a scaradh ar thalamh feirmeoireachta.

33 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/si/293/made/en/pdf
34 https://www.ospar.org/work-areas/eiha/marine-litter

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

### *An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD)*

15.19 Is é atá de chuspóir leis an Treoir MSFD uiscí mara na hEorpa a chosaint trí chur chuig an mbainistíocht ar bheartaíocht uile an duine i réimsí mara, nó ar bheartaíocht de chuid an duine a chuireann isteach ar réimsí mara, ar bhonn an éiceachórais. Tá de rún a chinntiú go gcoinnítear an brú a bheadh ó bheartaíocht de na cineálacha sin, ar a n-áireamh le chéile, faoi bhun na leibhéil a thagann le dea-stádas timpeallachta a bhaint amach agus nach gcuirtear as d'acmhainn na n-éiceachóras mara dul in oiriúint d'athruithe a tharraingíonn an duine, an tráth céanna a bhfágtar gur féidir le glúnta na linne seo agus leis na glúnta atá le theacht timpeallacht na mara a úsáid.

15.20 Cuirtear ar fáil dá réir sin leis an Treoir MSFD na critéir tagarmharcála maidir leis an tionchar a imrítear ar an timpeallacht mar gheall ar bhearta éagsúla i dtimpeallacht na mara a mheas. Luaitear mar chuid den Treoir MFSD spriocanna seanbhunaithe agus caighdeáin timpeallachta as foinsí éagsúla, lena n-áirítear:

- Treoracha eile (mar shampla an Chreat-Treoir Uisce);
- comhaontuithe idirnáisiúnta mar shampla Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Bithéagsúlacht, nó Spriocanna Forbartha Inmharthana na Náisiún Aontaithe (e.g spriocanna maidir le limistéar mara faoi chosaint); agus
- na Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha, mar shampla OSPAR (e.g. leibhéil sábháilte ó thaobh na timpeallachta a leagan síos i ndáil le hábhar éilliúcháin, ábhar radaighníomhach etc.)

### *Limistéar Muirí faoi Chosaint (MPA)*

15.21 Éilítear faoi Airteagal 13.4 sa Treoir MSFD go gcuirtear sraith chomhleanúnach ionadaíochta de bhearta cosanta spáis ar bun, lena n-áirítear Limistéir Mhuirí faoi Chosaint (MPA) a chur ar bun nuair is cuí sin d'fhonn dea-stádas timpeallachta an limistéir mara náisiúnta agus an limistéir mara i bpáirt a thabhairt i gcrích agus a choinneáil i réim.

15.22 Is féidir Limistéar MPA a chur ar bun i gcruthanna éagsúla, cruth ina measc lena dtabharfaí limistéar SPA nó SAC atá ar bun cheana féin faoi Threoir na nÉan nó Threoir na nGnáthóg isteach faoina scáth agus bearta ar bun chun srianadh a chur le gníomhartha áirithe de chuid an duine d'fhonn speicis agus gnáthóga a bheadh i mbaol a chosaint. Beidh limistéir MPA i gceist chomh maith a chuirtear ar bun faoi Airteagal 11 den Chreatbheartas Iascaigh faoinar féidir limistéar a ainmniú agus cosc nó srian a chur ar chineálacha áirithe iascaireachta ann nó ar gach cineál iascaireachta d'fhonn stoc tráchtála éisc a chosaint.

15.23 D'fhéadfadh cineálacha nua de limistéir faoi chosaint a bheith i gceist le limistéar MPA freisin nó speiceas nó éiceachóras a theacht faoina scáth nach sonraítear faoi Threoir na nÉan ná faoi Threoir na nGnáthóg ach a bhfuil feidhm ina leith leis an Treoir MSFD. Ina leithéid sin de Limistéar MPA d'fhéadfadh srianadh nó teorannú a bheith i gceist ar ghníomhaíocht áirithe de chuid an duine ó thráth go chéile nó ar feadh an ama.

15.24 Chomh maith le bearta chun an timpeallacht a chosaint, d'fhéadfadh bearta a bheith i gceist le Limistéar MPA d'fhonn beartaíocht shóisialta, cultúir nó eacnamaíochta de chuid na háite a chosaint a meastar tábhacht a bheith leo (mar shampla iascaireacht thraidisiúnta, dobharshaothrú nó modhanna bainte feamainne).

15.25 Cé gur féidir éagsúlacht mhór a bheith idir limistéir MPA ó thaobh a gcineál agus an chuspóir atá leo, baineann le gach limistéar acu gur bearta cosanta spáis atá i gceist leo.

15.26 Tá reachtaíocht á hullmhú lena dtabharfar de chumhacht don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil cinéalacha éagsúla Limistéar MPA a ainmniú in áiteanna sonraithe agus bearta a chur ar bun maidir lena gcosaint, cionta agus píonóis ina leith sin san áireamh.

15.27 Cuirfidh an tAire tús go gairid le próiseas chun na limistéir MPA breise is gá a shonrú go foirmeálta ionas go gcaomhnaítear éiceachórais agus timpeallacht mara na hÉireann. Meastar gur próiseas atriallach a bheidh ansin lenar féidir cora nua agus athrú ar chúrsaí a thabhairt san áireamh.

## *Bruscar Mara*

15.28 Leis an Straitéis Eorpach maidir le Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach[35] leagtar síos an bhunsraith maidir le córas eacnamaíochta nua i ndáil le hábhar plaistigh agus aird iomlán le linn na dearthóireachta agus na táirgeachta ar phlaisteach agus ar earraí plaistigh ar na riachtanais maidir le hathúsáid, deisiú agus athchúrsáil chomh maith le féachaint le hábhar de chineálacha is inmharthana a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach leis an obair ullmhúcháin ar bheart reachtaíochta maidir le plaisteach aonúsáide.

15.29 Tá roinnt de na bearta a chuirtear chun cinn faoin straitéis dírithe ar na cúiseanna le bruscar mara a bhaineann go sonrach le hearnáil na mara:

- D'fhonn laghdú maidir lena sceitear de dhramhaíl as longa, tá togra reachtaíochta á chur i láthair ag an gCoimisiún maidir le saoráidí gabhála sna calafoirt lena mbaineann bearta chun a chinntiú go dtugtar i dtír an dramhaíl a chruthaítear nó a bhailítear ar muir agus go ndéantar bainistíocht chuí ina leith;
- Tá de rún ag an gCoimisiún bearta sonracha a thabhairt chun cinn ionas gur lú trealamh iascaireachta a chailltear nó a fhágtar ar muir agus tá scrúdú á dhéanamh maidir le seifteanna éagsúla ar a n-áirítear scéimeanna éarlaise, scéimeanna maidir le Freagracht Fadréime an agus spriocanna athchúrsála;
- Beidh fiosrú breise á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin maidir lena gcuireann lucht dobharshaothraithe le bruscar mara agus scrúdú á dhéanamh ar sheifteanna éagsúla chun an méid plaistigh a thagann ón dobharshaothrú a laghdú oiread agus is féidir.

15.30 Tá bearta á dtabhairt chun cinn freisin le Plean Gníomhaíochta Réigiúnach OSPAR[36] chun laghdú ar an méid bruscair a théann i bhfarraige agus bearta á dtabhairt chun cinn a chuirfidh le bearta an AE maidir le laghdú ar oiread an bhruscair sin. Tá gníomhartha áirithe acu sin a bhfuil páirt ag Éirinn san obair cheannródaíochta ina leith.

[35] http://ec.europa.eu/environment/circular-economy/pdf/plastics-strategy-brochure.pdf
[36] https://www.ospar.org/work-areas/eiha/marine-litter/regional-action-plan

### *Reachtaíocht maidir le Micreachoirníní*

15.31 Ar leibhéal an AE, is é seasamh foirmeálta na hÉireann ón mbliain 2015 i leith go mbeadh cosc ar mhicreachoirníní ar fud an AE ar an gcur chuige ba héifeachtúla agus ba chóra maidir le cothromaíocht deiseanna ar fud na mBallstát ar fad. Tá de rún ag an Rialtas ina dhiaidh sin féin, agus tnúth le beart a dhéanfar ar leibhéal an AE, reachtaíocht a thabhairt isteach lena gcuirfear cosc ar earraí a dhéanamh, a dhíol, a chur ar díol, a sholáthar, a iompórtáil nó a easpórtáil ina bhfuil micreachoirníní plaistigh arb é is dócha go rinseálfaí isteach i gcóras fuíolluisce iad. Tá Éire den tuairim i gcónaí gurbh éifeachtúla cosc ar fud an AE ar fad agus leantar den seasamh maidir le reachtaíocht den chineál céanna a thabhairt i bhfeidhm ar leibhéal an AE a luaithe is féidir sin.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

### *An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD)*

15.32 Baineann MSFD leis an lucht úsáide ar fad i dtimpeallacht na mara chomh maith leo siúd atá i mbun beartaíochta ar an talamh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar thimpeallacht na mara.

### *Bruscar Mara*

15.33 Chomh maith le dochar a dhéanamh don timpeallacht, tarraingíonn bruscar mara dochar socheacnamaíochta maidir le hearnálacha eile, mar shampla turasóireacht, iascaireacht agus cúrsaí loingis.

15.34 D'fhéadfadh ábhar micreaphlaistigh a itheann iascáin agus ainmhithe eile farraige a theacht isteach sa slabhra bia agus cur isteach ar iontaoibh an tomhaltóra as feabhas bhia mara.

15.35 Ba cheart an bheartaíocht ar fad a bhaineann le réimse mara a dhéanamh ar bhelach lena maolaítear an dóigh go gcruthófaí bruscar mara. Ní mór aird faoi leith i ndáil le haon ghníomhaíocht mara ar bhainistíocht dramhaíola, ar nithe a ligean i dtimpeallacht na mara a sheachaint, ar athúsáid ábhair agus ar bhreis athchúrsála.


## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

### *An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD)*

15.36 Leagtar síos targarmharcanna agus critéir leis an Treoir MSFD ar féidir cúrsaí inmharthanachta maidir le beartaíocht mara a mheas dá réir.

### *Bruscar Mara*

15.37 Níl tuairisc chruinn chuimsitheach fós ar an scála atá leis an bhfadhb maidir le bruscar mara ná ar an dochar a dhéanann sé don timpeallacht ach is ríléir ón taighde atá ar siúl gur fadhb an-mhór atá inti. Tá níos mó fianaise ag teacht chun cinn ar an dochar atá á dhéanamh d'éiceachórais mara agus ar an tionchar chun dochair ar ainmhithe mara agus go bhféadfadh tionchar chun dochair a bheith ar shláinte an duine chomh maith.


Broadscale Habitats
Infralittoral seabed
Circalittoral seabed
Deep circalittoral seabed
High energy infralittoral seabed
High energy circalittoral seabed
High energy deep circalittoral seabed
Moderate energy infralittoral seabed
Moderate energy circalittoral seabed
Moderate energy deep circalittoral seabed
Low energy infralittoral seabed
Low energy circalittoral seabed
Low energy deep circalittoral seabed
Benthic Habitats
Kilometres
0 25 50 100 150
Coordinate System
WGS 1984 UTM Zone 29N
Projection
Transverse Mercator
Marine Spatial Plan Assessment Area
12 nm Territorial Sea Limit
Northern Ireland Boundary
Currently Designated Continental Shelf Boundary
Eastern and Midland Regional Assembly
Northern and Western Regional Assembly
Southern Regional Assembly
Local Authority Area
Broadscale Habitats
Abyssal
Circalittoral coarse sediment
Circalittoral mixed sediment
Circalittoral mud
Circalittoral rock and biogenic reef
Circalittoral sand
Infralittoral coarse sediment
Infralittoral mixed sediment
Infralittoral mud
Infralittoral rock and biogenic reef
Infralittoral sand
Lower bathyal rock and biogenic reef
Lower bathyal sediment
Lower bathyal sediment or Lower bathyal rock and biogenic reef
Offshore circalittoral coarse sediment
Offshore circalittoral mixed sediment
Offshore circalittoral mud
Offshore circalittoral rock and biogenic reef
Offshore circalittoral sand
Upper bathyal rock and biogenic reef
Upper bathyal sediment
Upper bathyal sediment or Upper bathyal rock and biogenic reef
Marine Institute
Foras na Mara
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government
EMODnet, 2016
Map designed by ABPmer, 2018

# 16.0 Caomhnú an Dúlra

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

16.1 Is ar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) a thagann faoi choimirce na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta atá an fhreagracht as gnáthóga nádúrtha agus speicis a chaomhnú agus a chosaint agus as an iléagsúlacht bitheolaíochta in Éirinn a chosaint; tá de fhreagracht ar an tSeirbhís freisin ábhar comhairle maidir le caomhnú an dúlra a chur ar fáil d'Údaráis Ceadúnais i ndáil leis na cúraimí sin.

16.2 Tá réimse leathan éagsúil de speicis agus de ghnáthóga ar fud uisce mara na hÉireann (amach ón gcósta, cois cladaigh agus leis an gcósta. Tagann uisce te aneas i gcumar le huisce fuar aduaidh ionas go dtarlaíonn ardleibhéal torthúlachta agus timpeallach ina bhfuil flúirse bia. Maireann réimse iléagsúil ainmhithe agus plandaí i gceantair farraige na hÉireann, planctón, coiréal uisce fuar, iasc, éin farraige, an deilf agus an míol mór ina measc.

16.3 Tá éagsúlacht bhreá de ghnáthóga fisiciúla, agus de na speicis a thaithíonn iad, ar fud limistéar mara na tíre, ranging sceireacha agus oitreacha gainimh ar an tanaí agus cainneoin, tuláin grinnill, umair agus sceireacha choiréal uisce fuar ar an domhain.

16.4 Baineann isteach is amach le 60 speiceas d'éin chónaithe agus d'éin imirce leas as an bhfarraige thart timpeall na hÉireann. Tá 24 cineál acu sin a dtabharfaí "éan farraige" orthu (e.g. an gheabhróg, an puifín, an fhoracha, an faoileán agus an gainéad) agus bheadh lapairí agus lachain farraige le háireamh ar an bhfuílleach. Bíonn níos mó ná 500,000 péirí pórúcháin d'éin farraige thart ar oileán na hÉireann gach bliain.

16.5 Tá níos mó ná 400 speiceas éisc agus ceifealapóid (e.g. octopuses, squid, and cuttlefish) á gcothú in uisce mara na hÉireann ina bhfuil roinnt limistéar sceathraí agus iasclainne a bhfuil tábhacht mhór leo maidir le speicis éisc thráchtála. Tá na cineálacha deiridh sin tábhachtach ar aon chuma mar ghnéithe d'éiceachórais farraige chomh maith le hardfhiúntas a bheith leo maidir le hacmhainní iascaireachta.

16.6 Tá 18 speiceas éagsúil, speicis chónaí nó speicis chuairte, den mhíol mór (e.g. míol mór eiteach, míol mór dronnach nó an dromeiteach beag) agus den deilf (e.g. deilf choiteann, deilf bholgshrónach, deilf stríocach agus deilf shleasgheal) á gcothú i limistéar mara na hÉireann chomh maith le líon mór den liamhán gréine agus líon beag den turtar droimleathair.

16.7 Tá córas in Éirinn de láithreáin chosanta mara[37] arna n-ainmniú faoi Threoracha Dúlra na hEorpa (i.e. Treoir na nGnáthóg agus Treoir na nÉan. Féach https://www.npws.ie/marine maidir le sonraí breise). Tá Loch Oighinn, i gContae Chorcaí, ar cheann de na hAnaclanna Dúlra Mara a ainmnítear faoi na hAchtanna Fiadhúlra. Éilítear faoi na treoracha go ndéantar an stádas caomhnúcháin maidir leis na gnáthóga agus na speicis a liostaítear ina leith a choinneáil fabhrach nó a thabhairt ar ais, más gá sin, go dtí stádas fabhrach.

16.8 Faoin Treoir maidir le Gnáthóga, ní mór do Bhallstáit an AE limistéir SAC a ainmniú maidir le gnáthóga a liostaítear in Iarscríbhinn I agus le speisic a liostaítear in Iarscríbhinn II leis an Treoir. Tá seacht gcineál de ghnáthóga mara[38] ar gá limistéir SAC a ainmniú ina leith: oitreacha gainimh, pluaiseanna mara, inbhir, réileáin láibre thaoideacha, cuasa agus bánna

[37] https://www.npws.ie/marine
[38] https://www.npws.ie/marine/marine-habitats

fairsinge tanaí, sceireacha (sceireacha carraige agus sceireacha bithghiniúna araon) agus struchtúir faoi thoinn arna gcruthú mar gheall ar sceitheadh gáis. Ar na gnáthóga le cósta atá idir eatarthu maidir le muir agus talamh áirítear an murlach agus an mhuirisc nó an riasc goirt.

16.9 Tá ceithre cinn de speicis mara[39] nach mór limistéar SAC a ainmniú ina leith: an mhuc mhara, an deilf bholgshrónach, an rón glas agus an rón beag. Tá speicis eile nach speicis mara amháin iad, mar shampla an madra uisce, a bhféadfadh go mbeidís liostaithe freisin i ndáil le láithreán mara.

16.10 Tá ceann nó níos mó de na gnáthóga nó de na speicis thuasliostaithe san áireamh i gcás 159 Limistéar SAC. Is cois cladaigh atá an chuid is mó acu sin ach tá líon bheag acu ina láithreáin sceire i bhfad amach ón gcósta. Is ionann achar iomlán na réimsí atá i limistéir SAC mara agus 10,420km².

16.11 Chomh maith leis na hainmhithe mara a liostaítear in Iarscríbhinn II le Treoir na nGnáthóg, tá 22 speiceas eile de chineálacha na gcéiticeach agus an turtar droimleathair ar an liosta in Iarscríbhinn IV. Bíonn dianchosaint de dhíth i ndáil le speicis na hIarscríbhinne sin agus monatóireacht freisin mar a éilítear i ndáil leis na speicis a luaitear in Iarscríbhinn II.

16.12 Tá 89 Limistéar faoi Chosaint Speisialta[40] (SPA) in Éirinn, arna n-ainmniú faoi Threoir na nÉan, a bhfuil gné mara ag gabháil leo. Tá 1,593km² d'achar leis na réimsí mara. Tá ailltreacha agus oileáin san áireamh le cuid mhór acu sin mar atá réimsí uisce in aice láthair ina ndéanann éin farraige gor. Tá bánna agus inbhir i gcuid eile acu chuig a dtagann éin imirce uisce i rith an gheimhridh.

16.13 Tá an obair mheasúnachta maidir le sonraí faoi éin i réimsí uisce i bhfad amach ón gcósta le tabhairt chun críche go fóill agus is dá réir sin a dheimhneofar an bhfuil gá limistéir SPA a ainmniú ina leith.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

16.14 Tá le tuiscint ó fhianaise de bharr na monatóireachta ar ghnáthóga nádúrtha agus ar speicis i dtimpeallacht mara na hÉireann go bhfuil go leor gnáthóga nach bhfuil i gcaoi mhaith. Ábhar dúshláin don uile dhuine a bhaineann úsáid as an bhfarraige feabhas ina leith sin agus iad a chosaint.

16.15 Mar a chéile leis na Ballstáit go léir, tugann Éire tuairisc gach sé bliana don AE maidir le stádas caomhantais na ngnáthóg agus na speiceas a liostaítear sna Treoracha maidir leis an Dúlra agus beidh tuairisc le tabhairt arís sa bhliain 2019. Sa tuarascáil is deireanaí a tugadh, sa bhliain 2013, ní raibh gnáthóg mara de chineál ar bith ach amháin oitreacha gainimh agus pluaiseanna farraige ar measadh stádas 'fabhrach' caomhantais ina leith. Measadh inbhir, réileáin láibe taoideacha, cuasa fairsinge tanaí agus bánna a bheith 'neamhdhóthanach'. Bhí sceireanna (go háirithe sceireanna ar an domhain) 'go dona'. Foilsíodh na tuairiscí is deireanaí a chuir Éire

[39] https://www.npws.ie/marine/marine-species
[40] https://www.npws.ie/protected-sites/spa

chuig an gCoimisiún Eorpach maidir le stádas caomhantais na ngnáthóg agus na speiceas a thagann faoi chosaint na Treorach maidir le Gnáthóga[41] agus le stádas agus pátrúin na speiceas éin a thagann faoi chosaint na Treorach maidir le hÉin[42] sa bhliain 2014.

16.16 Go ginearálta, tuairiscíodh stádas fabhrach maidir le speicis mamach farraige cé go raibh cineálacha áirithe de na céiticigh ar tuairscíodh nach raibh eolas ar an stádas ina leith.

16.17 Tá ar cheann de na haidhmeanna leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta 2017-2021[43] an bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais i dtimpeallacht na mara a chaomhnú agus a athleasú. Meastar go dtabharfar cuid mhór de sin i gcrích trí na Treoracha reatha agus an reachtaíocht a chur i bhfeidhm. Luaitear sa Phlean go n-eascraíonn brú ó ghníomhaíocht an duine ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais le cósta agus i bhfarraigí na hÉireann ó fhoinsí éagsúla a bhfuil méadú ar a líon, ina measc sceitheadh cothúcháin agus ceimiceán mar gheall ar ghníomhaíocht an duine (mar shampla, ó thionsclaíocht, ó thalmhaíocht, fuíolluisce údaráis áitiúil) agus cur isteach fisiciúil díreach e.g. obair loingis, caitheamh aimsire agus dobharshaothrú; agus donú gnáthóige ó thruailliú, bruscar, torann agus solas nach nádúrtha.

16.18 Tá cineálacha áirithe iascaireachta a d'fhéadfadh cur isteach ar an iasc peiligeach agus ar an iasc le grinneall, go háirithe cineálacha a mbíonn ráta íseal foráis i gceist leo, ar shubstráití boga nó sceireacha coiréil uisce fuar, agus tá réimsí faoi leith a bhfuil dochar mór déanta iontu ag an iascaireacht. Is ábhar imní freisin leibhéal na seachghabhála ar éin, siorcanna agus mamaigh mara i réimsí iascaigh áirithe.

16.19 Tá feabhas ginearálta ag teacht maidir le líon an éisc ó rinneadh an Comhbheartas Iascaigh a leasú agus bainistíocht níos inmharthana ar siúl maidir le líon an éisc ó socraíodh Uastáirgeacht Inbhuanaithe (MSY) maidir le speicis tráchtála.

16.20 Tá bagairt faoi leith do thimpeallacht na mara i gceist leis an athrú aeráide agus le haigéadú na farraige agus d'fhéadfadh sin athrú a chur ar an toradh a bhíonn ar réimsí brúite eile agus ligean do speicis ionracha a theacht i láthair níos buaine agus níos fairsinge.

16.21 Sa bhliain 2017, foilsíodh Liosta Dearg d'Iasc Loingeánach[44] (siorc, sciata, roc agus ciméara) maidir le réimsí uisce na hÉireann a bhfuil comharthaí ann go bhfuil siad i mbaol a ndíothaithe. As 58 speiceas a ndearnadh measúnacht ina leith, measadh 6 (10.3%) speiceas a bheith i nGéarchontúirt: an fíogach Portaingéileach; an sciata coiteann; an craosaire; an sciata bán agus an bráthair. Measadh 5 speiceas eile (8.6%) a bheith i gcontúirt: an siorc slogach gainneach duille; an liamhán gréine; roc an gha nimhe coiteann; an roc dústríoctha agus an fíogach gobach.

41 https://www.npws.ie/article-17-reports-0
42 https://www.npws.ie/status-and-trends-ireland%E2%80%99s-bird-species-%E2%80%93-article-12-reporting
43 https://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/National%20Biodiversity%20Action%20Plan%20English.pdf
44 https://www.npws.ie/sites/default/files/publications/pdf/Red%20List%2011%20Sharks%20et%20al.pdf

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile


16.22 Leagtar dualgas go docht dleathach ar Bhallstáit faoi Threoir na nGnáthóg cosaint, caomhnú agus, más gá, leasú na ngnáthóg agus na speiceas a liostaítear sna treoracha maidir leis an dúlra agus go háirithe i limistéir SAC agus SPA a chinntiú. Tá dlite ar na ballstáit faoi Airteagal 6.3 na Treorach tabhairt faoi mheasúnacht oiriúnachta maidir le haon phlean nó togra a d'fhéadfadh tionchar go mór ar na láithreáin sin. Braitheann na cinntí is féidir le húdaráis inniúla náisiúnta a dhéanamh go dleathach maidir le pleananna nó tionscadail a cheadú ar thoradh mheasúnacht AA den sórt sin. Maidir le timpeallacht na mara, tagann cinnteoireacht san áireamh a bhaineann le tionscadail mhóra infreastruchtúir, mar shampla tuirbíní gaoithe amach ón gcósta agus forbairt ar chalafoirt, chomh maith le ceadúnas a thabhairt maidir le dobharshaothrú, sceitheadh fuíolluisce nó eile.

16.23 Tá dlite faoin reachtaíocht comhairle a dhéanamh leis an Roinn DCHG i ndáil le hiarratas ar cheadúnas maidir le dobharshaothrú agus iarratas i ndáil le forbairt ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith ina chur isteach ar láithreáin ainmnithe.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta


16.24 Go ginearálta, eascraíonn buntáistí éagsúla ó ghnáthóga nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú, lena n-áirítear seasamh níos fearr in aghaidh thuilte le cósta, uisce glan, réimsí gorlainne ag stoc éisc agus áiteanna tarraingteacha le haghaidh caitheamh aimsire agus fóillíochta. Síltear, dá ainneoin sin, gur bac roimh fhorbairt agus roimh fhorás atá sa dualgas breise a bhaineann leis na treoracha maidir leis an dúlra. Ba cheart go mbeadh cur chuige comhleanúnach ar fáil maidir leis an mbainistíocht ar réimsí mara agus ar réimsí cósta le plean spáis mara den éifeachtúlacht a mbeidh cosaint na bithéagsúlachta ina dhlúthchuid de.

16.25 Baineann na cuntais, na spriocanna agus an clár beartaíochta a leagtar síos maidir le Dea-stádas Timpeallachta a thabhairt i gcrích faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí le hábhar chomh maith i gcás chaomhnú an dúlra agus beidh sin ina chúnamh maidir le haidhmeanna le treoracha eile maidir le cúrsaí timpeallachta a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh an fhorbairt agus an bheartaíocht a dhéantar i dtimpeallacht na mara ina chúnamh maidir le Dea-stádas Timpeallachta a bhaint amach nó a choinneáil in uiscí farraige na hÉireann.




## Designated Sites

Kilometres
0 25 50 100 150



**Coordinate System**
WGS 1984 UTM Zone 29N
**Projection**
Transverse Mercator

- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly
- Local Authority Area
- Ramsar Site
- SPA
- SAC
- Offshore SAC
- NHA
- pNHA

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

National Parks and Wildlife Service, 2018
Map designed by ABPmer, 2018

# 17.0 Calafoirt, Cuanta agus Cúrsaí Loingis

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

17.1 Tá ról cinniúnach le calafoirt maidir lena thabhairt gur féidir le forás eacnamaíochta agus rachmas a theacht chun cinn i dtír oileáin agus measann an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí go dtagann 84% de réir toirt agus 62% de réir luacha d'ábhar trádála na hÉireann trí na calafoirt.

17.2 Leis an mBeartas Náisiúnta maidir le Calafoirt[45], a foilsíodh i mí Márta 2013, a chuirtear ar fáil creatchóras maidir le seirbhísí calafoirt a chur ar fáil. Luaitear bearta éagsúla reachtaíochta agus neamhreachtaíocht sa bheartas a bhfuil leagtha amach leo, ní amháin aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a chuirtear roimh an earnáil sa lá atá inniu ann, ach struchtúr rialachais atá oiriúnach maidir le cuideachtaí poirt tráchtála éagsúla an Stáit a chur ar fáil de réir chúinsí, ról agus feidhm gach ceann faoi leith acu.

17.3 Faoin mBeartas Náisiúnta Calafoirt (NPP) rangaítear earnáil chalafoirt tráchtúla an Stáit de réir mar seo a leanas –

- Calafoirt lena bhfuil Suntas Náisiúnta Sraith 1 (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Calafoirt na Sionainne agus Fhainge);
- Calafoirt lena bhfuil Suntas Náisiúnta Sraith 2 (Ros Láir agus Port Láirge);
- Calafoirt lena bhfuil Suntas Réigiúnach (Dún Laoghaire, Gaillimh, Ros Mhic Threoin, Droichead Átha faoi rialú Chomhairle Chontae Lú, agus Cill Mhantáin a thagann anois faoi Chomhairle Chontae Cill Mhantáin).

17.4 Leis an Acht Cuanta 1996 go dtí 2015 a chuirtear an creat príomhreachtaíochta ar bun is gá maidir le Calafoirt na hÉireann a oibriú.

17.5 Déanann na calafoirt pleanáil fhadtéarmach agus Plean Straitéiseach nó Máistirphlean a chur le chéile i ndáil le tréimhse 40 bliain go hiondúil. Sonraítear sna pleananna sin na gnéithe bonneagair a bhfuil gá leo sa chalafort chun freastal ní amháin ar riachtanais tráchtála an chalafoirt féin ach ar riachtanais eacnamaíocht na tíre ar fad.

17.6 Is iad na Calafoirt a bhfuil Suntas Náisiúnta leo na príomhbhealaí mara idirnáisiúnta isteach is amach sa tír agus is iontu a láimhseáiltear tuairim is 90% den lastas ar fad. Tá tábhacht faoi leith leo maidir le hacmhainn iomaíochta na tíre. Tá máistirphlean forbartha ardaidhmeach leagtha amach i ndáil le gach ceann de na trí chalafort sin maidir leis an bhforbairt ar ghnéithe bonneagair go ceann 30 nó 40 bliain agus aird ar an ngá le hacmhainn leordhóthanach a bheith ar fáil. Fágfaidh dul chun cinn sásúil maidir leis na pleananna forbartha sin go mbeidh na calafoirt in ann chuig méadú ar mhéid na long agus chuig athruithe ar roghanna oibriúcháin lucht seirbhísí lastais. Déanfar soláthar freisin d'ardú ar líon na long a bheadh ag teacht le céibh gach lá agus cuirfear go mór le hacmhainn calafoirt na hÉireann d'fhonn freastal ar an mbeartaíocht tráchtála a bheidh de dhíth maidir le heacnamaíocht na tíre.

[45] http://www.dttas.ie/sites/default/files/node/add/content-publication/National%20Ports%20Policy%20 2013.PDF

| | 000 tonnes | | |
|---|---|---|---|
| Category of goods | 2016 | 2017 | change |
| Liquid bulk | 11,274 | 12,211 | +8.3% |
| Dry bulk | 15,937 | 16,805 | +5.4% |
| Lift-on/lift-off | 7,230 | 7,346 | +1.6% |
| Roll-on/roll-off | 14,884 | 15,497 | +4.2% |
| Break bulk & other goods | 1,387 | 1,486 | +7.2% |
| **Total** | **50,712** | **53,346** | **+5.2%** |

**Tábla 5: Tonnáiste na nEarraí a Láimhseáladh i gCalafoirt na hÉireann 2016-2017 (Foinse: An Lár-Oifig Staidrimh)**

17.7 Láimhseáladh 53.3 milliún tonna d'earraí i gcalafoirt na hÉireann i rith na bliana 2017, ardú 5.2% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú beag (-0.6%) sa bhliain 2017 go dtí 12,829 ar líon na soitheach a tháinig go hÉirinn an tráth céanna a dtáinig ardú 1.7% ar olltonnáiste na soitheach sin go dtí 243.0 milliún tonna. B'iad na bealaí idir Baile Átha Cliath agus trí cinn de chalafoirt sa Ríocht Aontaithe – Caergybi, Learpholl agus Milford Haven – na bealaí ba ghnóthaí maidir le hearraí a theacht isteach go hÉirinn i rith na bliana 2017. Bhí an bealach idir Baile Átha Cliath agus Caergyby agus an bealach idir Baile Átha Cliath agus Learpholl ar na bealaí ba ghnóthaí maidir le hearraí a chur amach.

17.8 B'ionann líon iomlán na bpaisinéirí a chuaigh ar bord loinge nó a tháinig de long i gcalafoirt na hÉireann i rith na bliana 2017 agus 2.7m, 1.8m paisinéir ag dul trí Bhaile Átha Cliath, 0.8m trí Ros Láir agus Cork 83,000 trí Chorcaigh.

17.9 Maidir le trácht longa cúrsála go calafoirt na hÉireann i rith na bliana 2017, tháinig 234 long ar a raibh beagnach 265,000 paisinéir.

| Ports | Number of cruise ships | Number of passengers |
|---|---|---|
| Bantry Bay | 3 | 2,388 |
| Castletownbere | 0 | 0 |
| Cork | 68 | 99,263 |
| Dublin[1] | 127 | 146,429 |
| Dún Laoghaire | 7 | 1,083 |
| Galway | 5 | 3,691 |
| Killybegs | 12 | 7,209 |
| Rosslare | 0 | 0 |
| Shannon Foynes | 0 | 0 |
| Waterford | 12 | 4,710 |
| **Total** | **234** | **264,763** |

[1] Includes passengers embarking in Dublin port

**Tábla 6: Líon na Longa Cúrsála agus Paisinéirí a tháinig isteach i gCalafoirt na hÉireann i rith na bliana 2017 (Foinse: An Lár-Oifig Staidrimh)**

17.10 Faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir[46] (Coinbhinsiún SOLAS) ní mór oiread deiseanna cúnta maidir le Loingseoireacht a chur ar fáil agus a bheadh cóir mar gheall ar an líon tráchta agus ar an leibhéal contúirte. Beidh sonraí den chineál céanna in úsáid mar lón eolais maidir le riachtanais sábháilteachta na loingseoireachta maidir leis an bPleanáil Spáis Mara (MSP). Tá sonraí reatha faoin méid tráchta ar coimeád ag Soilse na hÉireann a thiomsaítear le córas monatóireachta lena ngabhann aithint uathoibreach (AIS) is féidir meastachán a chur ar fáil maidir le soithí nach dtagann faoi scáth AIS. Is é Garda Cósta na hÉireann an t-údarás inniúil maidir le córas AIS Náisiúnta agus seirbhísí a ghabhann leis a chur ar fáil. Beidh measúnacht baoil i bhfad níos mine de dhíth maidir le MSP éifeachtúil agus sin bunaithe ní amháin ar an líon tráchta ach eolas maidir le bealach an tsoithigh, cineál agus méid na loinge, réimsí iascaigh agus bealaí chucu, fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite, ola agus gás amach ón gcósta, dobharshaothrú, limistéir faoi chosaint agus láithreáin oidhreachta á thabhairt san áireamh chomh maith. Bíonn cur isteach ó bheartaíocht de na cineálacha sin ar fad ar na réimsí farraige a bhíonn ar fáil ag árthaigh agus ar chúrsaí sábháilteachta maidir leis an loingseoireacht. Trí leas a bhaint as Córas Bainistíochta Baoil Chumann Idirnáisiúnta na nÚdarás Tithe Solais (IALA), is féidir le Soilse Éireann cion tairbhe a dhéanamh maidir le measúnacht oibiachtúil i leith na gceisteanna seo.

17.11 Déanann an Roinn DTTAS, trí Gharda Cósta na hÉireann, rannóg de chuid na Roinne, seirbhís cuardaigh agus tarrthála (SAR) ar muir a chur ar fáil mar pháirtí le Coinbhinsiún Cuardaigh agus Tarrthála na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.

17.12 Cuirtear an tseirbhís sin ar fáil i dtrí Ionad Comhordaithe Tarrthála 24/7 agus le haonaid cuardaigh agus tarrthála faoi leith. Bíonn Garda Cósta na hÉireann ar aire maidir le fógra guaise agus coinnítear ceithre cinn de bhunáiteanna héileacaptair Cuardaigh agus Tarrthála ar conradh. Tá 44 aonad Garda Cósta deonach ar bun ag an gCósta Garda atá acmhainneach ar chuardach a dhéanamh ar aill, i mbáid agus le cósta. Cuireann an RNLI an tseirbhís bád tarrthála i leith na n-ionad comhordaithe tarrthála mar acmhainní dearbhaithe maidir le cuardach agus tarrtháil. Déanann an Garda Cósta beart maidir le 1,900 eachtra SAR ar an meán in aghaidh na bliana. Cuidíonn an Garda Cósta freisin leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna trí Sheirbhísí Míochaine Éigeandála i Héileacaptair a chur ar fáil.

17.13 Anuas ar an méid a luaitear thuas, déanann an Garda Cósta beart freisin maidir le taismí ar muir a bheadh ina bhagairt dochair agus truailliúcháin ar an gcósta nó ar leasa. Is féidir an bheartaíocht sin mar gheall ar chumhacht idirghabhála d'fhonn bagairt truailliúcháin ó thaismí ar muir a mhaolú oiread agus is féidir. Tá de fhreagracht ar an nGarda Cósta chomh maith bainistíocht a dhéanamh maidir lena bhfuil de dhualgas ar an Stát faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Ullmhacht, Freagairt agus Comhoibriú maidir le hOla-Thruailliú (OPRC), a bhfuil an Stát ar cheann de na páirtithe leis.

[46] http://www.imo.org/en/About/conventions/listofconventions/pages/international-convention-for-the-safety-of-life-at-sea-(solas),-1974.aspx

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

17.14 Calafoirt agus loingseoireacht a chothaíonn tráchtáil na tíre. Tá slándáil na mbealaí isteach chuig Calafoirt, Cuanta agus Cainéil Loingseoireachta buntábhachtach maidir le heacnamaíocht na tíre. Ní mór cúrsaí sábháilteachta agus slándála maidir le loingeas agus calafoirt a thabhairt san áireamh agus gach iarratas maidir le beartaíocht de chineál eile nó le forbairt in aice le calafoirt nó le bealaí loingis á meas.

17.15 Tá infheistíocht shuntasach san infreastruchtúr, i ndáil le gnéithe mórthábhachta sa mháistirphlean, ar bun ina chéimeanna faoi láthair maidir leis na calafoirt i Sraith 1. Tá bunriachtanas ó thaobh rachmas leanúnach eacnamaíochta na tíre a chinntiú le cuidiú leis an bhforbairt ar gach calafort acu sin i gcomhréir leis an máistirphlean/plean straitéise aontaithe.

17.16 Bíonn bunghá le dreidireacht maidir le cainéil a choinneáil inseolta agus bearta a dhoimhniú go háirithe agus athrú go dtí longa níos mó i gcónaí ar féidir níos mó a iompar iontu. Bíonn cead toradh na dreidireachta a dhiúscairt i láithreacha ar muir a bhfuil ceadúnas lena aghaidh sin ina leith ón EPA nó, más féidir é, úsáid a bhaint as chun críche eile, mar shampla aisghabháil talún nó leasú trá ionas gur lú a tharlaíonn den diúscairt san fharraige. D'fhéadfadh athrú ó am go chéile, ar chúiseanna éagsúla, ar an ionad ina mbeadh cead diúscartha – mar gheall ar ionad a líonadh, ar mhaithe le cúrsaí monatóireachta, mar gheall go dteastaíonn láithreáin nua in áiteanna éagsúla. Bíonn gá le limistéir ainmnithe inar féidir toradh na dreidireachta a dhiúscairt ionas go gcinntítear gur féidir calafoirt ina dtarlaíonn sileadh a choinneáil oscailte agus iad sách domhain, go háirithe nuair a bhíonn gá le dreidireacht a dhéanamh go práinneach tar éis aimsir stoirme.

17.17 Meastar go leanfar den ardú ar thoirt an lastais i rith na fiche bliain seo romhainn agus go dtiocfaidh méadú freisin ar mhéid na n-árthach agus éagsúlacht maidir lena gcineál. Beidh ábhar dúshláin dá réir ag baint le bealaí isteach, fairsinge agus sábháilteacht na loingseoireachta sna calafoirt agus is i dtreo na farraige a tharlóidh forbairt ar chalafoirt. Ní mór dóthain spáis don fhorás a thiocfaidh san am atá romhainn, láithreacha calafoirt fadtéarmacha arna sonrú ar bhonn straitéise agus an fhorbairt ar na calafoirt atá ar fáil faoi láthair a thabhairt san áireamh leis an bpleanáil fhadtéarmach eacnamaíochta agus spásúlachta (ar muir agus ar tír).

17.18 Ó thaobh sábháilteacht loingseoireachta, is féidir leas a bhaint as Sraith Deiseanna IALA maidir le Bainistíocht Baoil chun réimsí baoil maidir leis an bpleanáil roimh ré a mheas agus a thabhairt isteach mar chuid den phróiseas pleanála. D'fhéadfadh go bhféadfaí freastal don mhonatóireacht agus do sheirbhísí sonraí i ndáil le haon MSP trí leas a bhaint as an gcóras atá ag Soilse Éireann leis an gcósta. Ar na ceisteanna atá le tabhairt san áireamh, tá siad seo a leanas:

- An tábhacht atá le bealaí loingis a choinneáil slán agus a chinntiú go mbíonn aon fhorbairt a tharlaíonn sách fada ó láthair agus go gcinntítear dóthain spáis ar muir gur féidir ainliú go sábháilte agus cásanna imbhuailte a sheachaint i gcomhréir leis na rialacháin maidir le himbhualadh a sheachaint, cásanna tranglaim a sheachaint chomh maith le haon chúngú ar na réimsí domhainuisce atá ar fáil ag longa de shnámh domhain.
- Deiseanna maidir le réimsí baoil a mheas, mar shampla an tsraith atá curtha le chéile ag IALA, a úsáid sula ndéantar aon fhorbairt a d'fhéadfadh cur isteach ar loingseoireacht shábháilte a mheas.

- An dóigh go bhféadfadh aon fhorbairt cur isteach ar oibriú radar loinge a mheas.
- An áit a mbíonn trealamh iascaireachta, mar shampla potaí, a thabhairt san áireamh agus an cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ar shábháilteacht na loingseoireachta ag soithí beaga.

17.19 Ó thaobh an Gharda Cósta, baineann na ceisteanna is mó le cúrsaí SAR agus le beartaíocht maidir le truailliú:

- An gá le measúnacht leanúnach ar réimsí baoil ionas go gcinntítear acmhainn eagrúcháin, áiseanna beartaíochta agus feidhmiú leordhóthanach maidir le Cuardach agus Tarrtháil.
- An gá le monatóireacht maidir leis na hathruithe ar thrácht farraige agus le measúnacht ar na réimsí baoil ionas go gcinntítear an acmhainn chuí ag an Stát chun tabhairt faoi chásanna taisme ar muir.
- An gá pleananna náisiúnta agus bearta measúnachta maidir le réimsí baoil a choinneáil ar bun agus a leasú go rialta chomh maith le pleananna teagmhasacha údaráis áitiúil agus calafoirt, oiliúint agus cleachtadh i ndáil le sceitheadh ola.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

17.20 Tá na hearnálacha mara ar fad ag brath ar na calafoirt agus ar chúrsaí loingis. Ar an gcaoi chéanna, beidh tionchar de chineál éigin ag na hearnálacha eile ar fad ar an réimse farraige a bhíonn ar fáil maidir le loingseoireacht shábháilte éifeachtach. Is dócha gur maidir le dobharshaothrú, fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite agus limistéir faoi chosaint a thiocfadh an cur isteach is mó. Beidh buntábhacht le comhairle agus le cumarsáid éifeachtúil idir na hearnálacha agus na gníomhaireachtaí go léir ionas go mbíonn toradh bisiúil ar an gcur le chéile.

17.21 Beidh tionchar chun sochair ar earnáil na turasóireachta ag infheistíocht a dhéantar i gcúrsaí infreastruchtúir sna calafoirt trí dheis a thabhairt níos mó longa a thabhairt le balla ionas gur féidir cur le cuairteanna na long cúrsála agus glacadh le soithí rolladh isteach/amach (Ro-Ro) níos mó. D'fhéadfadh leas faoi leith a bheith as sin maidir le cúrsaí eacnamaíochta go háitiúil agus go réigiúnach.

17.22 Beidh ceangal díreach idir deis acmhainn breise a chur ar fáil i gcalafoirt na hÉireann agus deis forás a thabhairt i gcrích maidir le gach earnáil d'eacnamaíocht na tíre.

17.23 Is féidir le calafoirt borradh a chur faoi bheartaíocht eile ar muir, mar shampla fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta, trí áiseanna a chur ar fáil maidir le trealamh a iompórtáil agus a easpórtáil agus freastal ar shoithí a oibríonn ar mhaithe leis an tionscal.

17.24 Ní mór a bheith ag teacht leis na pleananna talún agus leis an bpleanáil ar réimsí éagsúla ionas go mbíonn calafoirt ceangailte le bealaí iompair poiblí agus taisteal inmharthana á chur chun cinn. Ní mór don lucht pleanála talún comhordú a dhéanamh agus comhoibriú leis na calafoirt i ndáil leis an gceangal iompair is gá agus córais oiriúnacha bóithre.

17.25 D'fhéadfadh dreidireacht agus diúscairt ar ábhar dreidireachta cur isteach go sealadach ar úsáid de chineálacha eile. D'fhéadfadh dreidireacht agus láithreacha diúscartha a theacht salach ar chineálacha áirithe úsáide.

17.26 Ní mór scóip ag áiseanna inar féidir plé go sásúil sábháilte le leathnú ar thrácht longa cúrsála i gceantair nach bhfuil calafoirt mhóra iontu.

17.27 Bíonn feidhm maidir le seirbhís éigeandála SAR an Stáit a choinneáil ar bun le hÚdarás Eitleoireachta na hÉireann, an Roinn Cosanta, an Garda Síochána, Stiúrthóir na Seirbhísí Dóiteáin, Seirbhís Náisiúnta na nOtharcharranna, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, an RNLI, eagraíochtaí tarrthála deonacha agus an Oifig Pleanála Éigeandála.


## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

17.28 D'fhéadfadh tionchar chun dochair a bheith ag obair thógála agus gnáthoibriú calafoirt ar chaighdeán an aeir, ar thorann agus ar chúrsaí bithéagsúlachta mara. Ó bhíonn obair thógála curtha i gcrích, ina dhiaidh sin, is féidir suaimhneas agus dídean a bheith ag speicis áirithe i gcalafoirt.

17.29 Cé go bhféadann trácht loingis speicis neamhdhúchais a tharraingt isteach i gceantar, tríd is tríd is buntáistí móra ó thaobh na timpeallachta a thagann de bharr thrácht shábháilte éifeachtach loingis. Os a choinne sin, má chuirtear trácht mara ar atreo gan chúis mhaith leis, cuirtear leis an tionchar ar chúrsaí timpeallachta agus is féidir le cúngú bealaí agus le cúngú réimsí farraige cur leis an mbaol go dtarlódh taisme ar muir. Is féidir aon ghéarú ar bhaol maidir le cúrsaí loingseoireachta a thabhairt chun aire le próisis Shoilse Éireann maidir le measúnacht ar réimsí baoil agus bearta maolúcháin a chur chun tosaigh. Áirítear iad seo a leanas ar na ceisteanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn:

- An bealach is giorra isteach chuig calafort a chosaint, an bealach is lú costais agus an bealach is éadroime ó thaobh ídiú carbóin.
- Cead a thabhairt áiseanna a fhorbairt a ligfeadh longa a cheangal leis an ngreille náisiúnta agus iad sa chalafort ionas gur lú an gá a bheadh le gineadóireacht cumhachta ar an long féin agus gur glaine an t-aer a bheadh sna calafoirt.
- Cuidiú le hearnáil na turasóireachta, sábháilteacht ar muir a chur chun cinn, forbairt shábháilte ar infreastruchtúr le cósta agus beartaíocht tráchtála (taiscéalaíocht amach ón gcósta agus feirmeacha gaoithe etc.).

17.30 Beartaíocht le ceadúnas is ea dreidireacht agus diúscairt agus déanann an Roinn DHPLG/EPA measúnacht ar an tionchar a bheidh acu ar an timpeallacht i rith na bpróiseas a bhaineann leis na ceadúnais a thabhairt




## Ports and Shipping

Kilometres
0 20 40 80 120

- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly
- Local Authority Area
- Ports of National Significance (Tier 1)
- Ports of National Significance (Tier 2)
- Ports of Regional Significance
- International Ferry Route
- National Ferry Route
- Disposal At Sea Site


**Coordinate System**
WGS 1984 UTM Zone 29N
**Projection**
Transverse Mercator

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund


Marine Irish Digital Atlas, 2014
EPA, 2018; Marine Institute 2018
Map designed by ABPmer, 2018




## Ports

Kilometres

0 15 30 60 90



**Coordinate System**
WGS 1984 UTM Zone 29N
**Projection**
Transverse Mercator

- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly
- Local Authority Area
- Ports of National Significance (Tier 1)
- Ports of National Significance (Tier 2)
- Ports of Regional Significance

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

Marine Irish Digital Atlas, 2014
Map designed by ABPmer, 2018

# 18.0 Sábháil Fheamainne

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

18.1 Gnáthrud ag pobal na gcomharsanachtaí tuaithe le farraige is ea feamainn a bhaint de láimh agus is féidir fianaise ar an nós seo a ríomh siar na céadta bliain. Tá sé thar a bheith coitianta le cósta thiar na tíre agus an fheamainn in úsáid mar fhoinse cothaithe ag ainmhithe agus mar leasú talún agus, ó tháinig úsáid tráchtála as feamainn chun cinn, mar fhoinse ioncaim trí fheamainn a dhíol le próiseálaithe tráchtála.

18.2 *Ascophyllum Nodosum* (feamainn bhuí) an príomhspeiceas den fheamainn fhiáin a shábháiltear cé go mbíonn beagán de chineálacha eile feamainne á mbaint d'obair láimhe chomh maith. Fásann an fheamainn bhuí ar an gcarraig in aice an chladaigh agus baintear de láimh í le lagtrá.

18.3 Cé gur le húsáid mar leasú talún agus mar ábhar cothaithe ag ainmhithe ba mhó a bhaintí an fheamainn tráth, bíonn sí anois ar an amhábhar maidir le táirgí ardluacha ar fud réimse leathan tionscal, cosmaidí, táirgeacht bia agus bithchógaisíocht san áireamh.

18.4 Ceannaíonn cuideachtaí a dhéanann forbairt ar tháirgí den sórt sin an fheamainn díreach ó lucht a bainte nó ó chomhlachtaí próiseála de leithéid Arramara Teoranta. Tá Arramara Teoranta ag obair in éineacht le lucht bainte na feamainne, ag ceannach na feamainne a fhásann go fiáin, ón mbliain 1947 i leith.

18.5 Déanann lucht a bainte idir 25,000 - 40,000 tonna den fheamainn fhiáin a shábháil agus a dhíol in Éirinn gach bliain. Ní mar a chéile na meastacháin maidir le líon na ndaoine a bhaineann feamainn ach meastar go mbíonn idir 150 – 300 duine ar an gceird.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

18.6 Faoi Alt 3 den Acht Imeall Trá 1933, is féidir leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, má mheastar gurb é leas an phobail é, ceadúnas a thabhairt maidir le hábhar cladaigh a athrú nó a aistriú ar an réimse imeall trá. Tugtar sainmhíniú ar ábhar cladaigh san Acht Imeall Trá lena dtugtar san áireamh "feamainn pé acu ag fás nó préamhaithe ar an trá mhara di nó cruinnithe nó curtha i dtír ansin ag taoide, gaoth agus tonnta nó ag aon cheann acu sin".

18.7 Tá sonraithe ag Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann (PRAI) go bhfuil cearta áirithe ar bun maidir le feamainn, go háirithe le cósta thiar na tíre.

18.8 De réir comhairle dlí ó Oifig an Ard-Aighne, deimhnítear nach gá don té ag a bhfuil de cheart pearsanta feamainn a bhaint ceadúnas faoin Acht Imeall Trá 1933 a fháil chun feamainn a bhaint.

18.9 Ina ainneoin sin, aon duine a bhaineann feamainn fhiáin, fiú sa chás go bhfuil de cheart í a bhaint, ní mór don duine sin cloí leis an reachtaíocht timpeallachta, na forálacha a bhaineann le Treoir na nÉan agus le Treoir na nGnáthóg san áireamh. Tá tábhacht faoi leith leis sin ó tharla gur minic feamainn ar fáil i limistéar SAC nó gar do láthair.

18.10 D'fhéadfadh ceart feamainn a bhaint a bheith ceangailte le maoin (ceart fóilió nó ceart comhghábhálach) nó eascairt ó fheamainn a bhaint ón áit chéanna ar feadh tréimhse (profit-a-prendre). Is cúram de chuid an Údarás PRAI an próiseas maidir le cearta feamainne a chlárú ar fhóilió maoine. Iad siúd ar mhian leo a dheimhniú go bhfuil ceart dá gcuid cláraithe, a chreideann go bhfuil ceart maidir le fóilió acu nó ar mian leo eolas a fháil maidir le ceart a chlárú a tháinig le himeacht aimsire (profit-a-prendre), ba cheart dóibh caidreamh a thionscnamh leis an Údarás PRAI.

18.11 Tá iarratais a rinneadh faoin Acht Imeall Trá maidir le feamainn fhiáin a bhaint ar bhonn tráchtála ag an Roinn DHPLG faoi láthair agus iad á meas i gcomhthéacs comhairle dlí a fuarthas ón Ard-Aighne. Cuireadh na hiarratasóirí ar an eolas faoin gcomhairle dlí sin. Tá an obair leis na comhlachtaí sin agus le hionadaithe lucht bainte feamainne ag leanúint ar aghaidh. Tá de rún ag an Roinn DHPLG treoirlínte a chur ar fáil d'fhonn soiléiriú a thabhairt maidir leis an bpróiseas is gá d'iarratasóirí a chomhlíonadh maidir lena léiriú go bhfuil cearta foirmeálta nó cearta neamhfhoirmeálta feamainn a bhaint.

18.12 Is den tábhacht cinnteacht soláthair a choinneáil ar bun ag na comhlachtaí sin a dhéanann táirgeacht ar earraí ardluacha bunaithe ar phróiseáil feamainne an tráth céanna a gcinntítear an aird agus an meas cuí ar na daoine a bhfuil cead acu feamainn a bhaint.

18.13 Ní mór cothromaíocht a dheimhniú idir forás leanúnach ar thionscal ina bhfuil fostaíocht rífhiúntach ar fáil agus cion tairbhe eacnamaíochta á dhéanamh don phobal i gcomharsanachtaí tuaithe le cósta na hÉireann agus an gá a chinntiú gur ar leibhéal inmharthana a dhéantar feamainn a bhaint agus ar leibhéal lenar féidir a chinntiú go leanann athfhás agus athsholáthar na hacmhainne nádúrtha seo.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

18.14 Faoin Acht Imeall Trá 1933, is i ndáil le feamainn fhiáin amháin a bhaint a leagtar freagracht ar an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Is ar an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara atá an fhreagracht maidir le dobharshaothrú feamainne nó baint fheamainne taobh istigh de na Lárionaid Cuanta Iascaigh.

18.15 Ba cheart lucht earnálacha eile a chur ar an eolas faoi fheidhm a bheith le cearta maidir le feamainn i gcontaetha éagsúla le himeallbhord an iarthair.

18.16 Is féidir eolas faoi na cearta atá i bhfeidhm in aon cheantar faoi leith, nó faoi chearta maidir le feamainn a chlárú, a fháil ón PRAI.

18.17 Ba chóir d'aon earnáil atá i mbun gníomhaíochta, nó ag a bhfuil beartaithe dul i mbun gníomhaíochta, a d'fhéadfadh a bheith ina chur isteach ar chearta maidir le feamainn a bhaint in aon cheantar, dul i mbun comhairliúcháin leo sin a bhfuil na cearta sin acu sula dtosaítear ar aon obair.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

18.18 Tá an Rialtas dúthrachtach maidir lena chinntiú go mbíonn inmharthanacht acmhainn nádúrtha na feamainne ina bhunús leis an réimeas ceadúnais maidir le feamainn a bhaint. Tá scrúdú á dhéanamh, mar gheall air sin, ar roghanna maidir le measúnacht bithmhaise leasaithe i ndáil le cineálacha áirithe feamainne.

# 19.0 Cáblaí Teileachumarsáide

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

19.1 Cé nach sa limistéar muirí atá an chuid is mó den bhonnchóras teileachumarsáide, bíonn gá ag pobal na n-oileán le ceangal leis na córais teileachumarsáide ar an mórthír agus is féidir sin a thabhairt i gcrích ar bhealaí éagsúla, modhanna gan sreang agus cáblaí faoi thoinn san áireamh.

19.2 Is gné thábhachtach d'earnáil na teileachumarsáide freisin ceangal na hÉireann le córais idirnáisiúnta agus tá cáblaí snáithín faoi thoinn idirnáisiúnta a thugtar i dtír i gcontaetha éagsúla le cósta na hÉireann, Maigh Eo, Corcaigh, Loch Garman agus Baile Átha Cliath ina measc. Ceanglaítear Éire le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus le Ceanada leis na cáblaí sin chomh maith le tíortha eile san Eoraip, mar shampla an Ríocht Aontaithe agus an Fhrainc.

19.3 Tá buntábhacht i gcomhthéacs na pleanála maidir le straitéis spásúlachta le cosaint do ghnéithe bonneagair atá suite i dtimpeallacht mara, bonnchórais teileachumarsáide san áireamh, ar dhamáiste buntábhachta. D'fhéadfadh go dtiocfadh i gceist leis sin foráil a dhéanamh do mhodhanna tógála nó suiteála a úsáid lenar féidir seasamh níos déine a bheith sna gnéithe bonneagair in aghaidh thimpeallacht na mara.

19.4 Tá tábhacht chinniúnach leis an gceangal teileachumarsáide reatha agus ionchais a chinntiú maidir le bonn treise a chur faoina mbeidh de dhíth ar mhuintir na hÉireann agus ar lucht fiontraíochta sa tír seo. Meastar luach €12.3bn nó 6% den Olltáirge Intíre leis an earnáil dhigiteach den eacnamaíocht agus tá forás suntasach á thuar ina leith. Bheifí ag súil go mbeadh córas daingean comhleanúnach pleanála maidir le réimsí mara agus imeall trá ina ábhar spreagtha agus cothaithe maidir le hinfheistíocht san am atá romhainn i mbonnchórais teileachumarsáide ardluais faoi thoinn.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

19.5 Fágann gnéithe den infreastruchtúr teileachumarsáide a shuíomh mar is cóir gur féidir seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil don tomhaltóir ach is cinnte gur gá na gnéithe infreastruchtúir (cáblaí, crainn, aeróga, píobáin iompair) a shuíomh agus a chur suas ar bhealach a thagann leis an gcreat pleanála níos ginearálta agus leis na treoirlínte agus prionsabail pleanála. Mar shampla, ní mór ceadúnas imeall trá ón Roinn DHPLG chun cáblaí teileachumarsáide a leagan ar réimse imeall trá.

19.6 Tá tábhacht mhór leis an gceangal teicneolaíochta maidir le forás, nuálaíocht agus comhtháthú sóisialta agus is gearr go mbeidh riachtanas leis i ngnáthshaol an duine in Éirinn. Tá ceangal ardluais leathanbhanda a bheith ar fáil i ngach cuid d'Éirinn ar cheann d'aidhmeanna tús áite an Rialtais agus is é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) an creatchóras maidir le córas ardluais leathanbhanda a chur ar fáil le hinfheistíocht thráchtála agus le hinfheistíocht de chuid an Stáit. Tá cuid mhór d'oileáin na hÉireann le háireamh ar an réimse tíre a thagann faoi scáth an bheart idirghabhála seo faoi cheannródaíocht an Stáit agus d'fhéadfadh dá réir sin go mbeadh cáblaí faoi thoinn agus/nó seifteanna ceangail gan sreang i gceist leis.

19.7 Is den tábhacht go ndéantar tionscadail phríomhthábhachta de leithéid an NBP a thabhairt i gcrích agus go mbaintear amach na buntáistí go léir a ghabhann leo atá ar leas an phobail.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

19.8 Tá earnáil na cumarsáide leictreonaice ina bonn treise faoi eacnamaíocht nua-aimseartha na hÉireann agus bunriachtanach maidir lena feidhmiú. Is gné bhunúsach í freisin maidir le cuid mhór bearta sóisialta agus mórchuid na beartaíochta eacnamaíochta agus ní foláir, dá réir sin, sin a admháil agus go dtiocfadh an Plean MSP faoina anáil.

19.9 Is gnéithe buntábhachtacha na cáblaí ceangail idirnáisiúnta faoi thoinn maidir leis na córais ardchaighdeáin ardluais a cheanglaíonn Éire le Meiriceá Thuaidh agus le mór-roinn na hEorpa. Fágann an ceangal leis na craobhchórais sin gur ionad tarraingteach í Éire ag lucht infheistíochta thar lear agus sa tír seo féin maidir le hearnáil na teicneolaíochta agus is áil le comhlachtaí idirnáisiúnta ionaid a shuíomh i ngar don áit a dtagann cáblaí i dtír ionas gur féidir leas a bhaint as na modhanna idircheangail atá ar fáil. Cuirtear borradh freisin le hearnálacha eile inar féidir buntáiste a bhaint as luas ceangail rí-ard – mar shampla, baincéireacht agus trádáil airgeadais.

19.10 Trína chinntiú go mbíonn ceangal ag lucht oileáin le córas ardluais leathanbhanda, cuideofar lena chinntiú gur féidir le saoránaigh leas a bhaint as na buntáistí móra a bhaineann le ceangal dá shórt agus déanfar maith maidir le pobal beo a chothú ar na hoileáin. Ar na buntáistí atá i gceist, áirítear an cumas trádáil éifeachtúil a dhéanamh ar líne, seirbhísí r-shláinte agus r-Rialtais a thapú, úsáid a bhaint as cora nua maidir le Teicneolaíocht an Eolais i gcúrsaí feirmeoireachta agus deiseanna breise oideachais a thapú. Cuidíonn sin le saol na tuaithe in Éirinn a chothú agus le forbairt réigiúnach níos cothroime a chur chun cinn.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

19.11 Cé go bhféadann ídiú trom fuinnimh a bheith i gceist le gnéithe áirithe d’earnáil na teileachumarsáide e.g. ionaid sonraí, tá fonn ar chuid mhór de lucht a n-oibrithe fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a thapú lena n-aghaidh nuair is féidir sin agus is féidir deiseanna mórthábhachta maidir le forbairt inmharthanach a chur ar fáil san earnáil féin. Bítear ag brath go mór ar theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide mar shampla maidir le fuinneamh ón ngrian, ón uisce, ón ngaoth, maidir le cumhacht agus le feithiclí leictreacha, ó thaobh a n-oibriú agus a ndáileadh agus eile. Tá buntábhacht le cúrsaí teileachumarsáide freisin i ndáil le monatóireacht ar chúrsaí timpeallachta, lena n-áirítear mar shampla íomhánna satailíte, cianbhraiteoirí agus córais eolais tíreolaíochta.

19.12 D’fhéadfadh maith a bheith le córais teileachumarsáide ardchaighdeáin maidir le maolú agus dul in oiriúint i ndáil leis an athrú aeráide. Fágfaidh an Straitéis Idirghabhála NBP a chur i bhfeidhm nach mbeidh oiread gá le taisteal agus go n-ísleofar dá réir an méid breosla iontaise a ídítear. D’fhéadfadh go dtabharfaí sin i gcrích mar gheall ar chumas an tsaoránaigh oibriú ón mbaile níos minice agus níos éifeachtúla. Fágfaidh sé freisin gur féidir éifeachtúlacht fuinnimh a thabhairt i gcrích san áras cónaithe le teicneolaíocht chliste (méadair chliste san áireamh).

19.13 Tháinig an Straitéis Idirghabhála freisin faoi réir ag measúnacht SEA agus AA a dhéanamh ina leith, agus dá réir sin beidh bearta maolúcháin i gceist leis freisin d’fhonn laghdú ar an astaíocht gáis cheaptha teasa de thoradh ar bhainistíocht maidir le hábhar agus le cúrsaí iompair le linn fhorbairt an infreastruchtúir (a bhféadfadh, mar a luaitear thuas, cáblaí idir an mhórthír agus na hoileáin a bheith i gceist leis).

# 20.0 Turasóireacht

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

20.1 Is léir an tábhacht atá leis an turasóireacht maidir le cúrsaí eacnamaíochta in Éirinn ó fhigiúirí na bliana 2017 ó Fháilte Éireann (an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta):

- Tháinig 9.0m turasóir idirnáisiúnta isteach go hÉirinn, forás 3.2%;
- Tháinig ardú measta 4.2% go dtí €5.3bn ar an gcaiteachas turasóireachta;
- Meastar gur thug daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn 4.9 milliún turas saoire;
- B'ionann caiteachas na nÉireannach ar thurais laethanta saoire in Éirinn agus €1.1bn;
- Bhí beagnach 150,000 duine fostaithe in earnáil an lóistín agus in earnáil na seirbhíse bia amháin.


20.2 Is gnéithe suntasacha dá mbíonn ar fáil ag turasóirí in Éirinn na ceantair le cósta, na hacmhainní mara agus gníomhaíocht ar farraige. Cuireann na tréithe sin a fhágann ceantar mealltach ag turasóirí tarraingteach mar áit cónaithe agus oibre nó mar láthair infheistíochta chomh maith. Chomh maith leis an gcomharobair a chothú idir eagraíochtaí éagsúla maidir leis na réimsí den turasóireacht is mó a bhfuil gealladh fúthu a shonrú agus a fhorbairt, leagtar béim sa bheartas náisiúnta turasóireachta ar an tábhacht atá le caighdeán na háite a thaithíonn an cuairteoir a chothabháil agus a fheabhsú trí acmhainní nádúrtha agus cultúir a chosaint an tráth céanna a dtéitear in oiriúint do riachtanais an chuairteora i gcomhthéacs forbairt inmharthana (réimse a bhfuil geallsealbhóirí éagsúla agus buntáistí éagsúla i gceist léi freisin). Tagann sin i gceist i ndáil le réimsí farraige agus le réimsí cósta chomh maith céanna.



Is gnéithe suntasacha dá mbíonn ar fáil ag turasóirí in Éirinn na ceantair le cósta, na hacmhainní mara agus gníomhaíocht ar farraige.

20.3 Is sampla breá de chur chuige den sórt sin 'Slí an Atlantaigh Fhiáin' lena gcuirtear chuig forbairt na turasóireachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach trí gheallsealbhóirí éagsúla a bheith rannpháirteach sa bheartaíocht – na gníomhaireachtaí turasóireachta, údaráis áitiúla, lucht thionscal na turasóireachta agus muintir an phobail san áireamh. Ag oibriú i gcomhar dibh, is féidir cuspóirí turasóireachta agus cuspóirí timpeallachta a chur chun cinn chomh maith le haidhmeanna eile a bhaineann leis an cúrsaí cósta/mara go sonrach. Tá de rún le branda turasóireachta Shlí an Atlantaigh Fhiáin go ndíreofaí aird ar shuíomh faoi leith na hÉireann leis an Aigéan Atlantaigh agus leas a bhaint as sin. Trína ligean don turasóir léargas agus tuiscint a fháil ar na bealaí inar mhúnlaigh an fharraige an pobal sna ceantair le cósta, na slite maireachtála agus nósanna na ndaoine, is é atá de phríomhchuspóir leis go meallfaí níos mó cuairteoirí arís go cósta na hÉireann agus, níos tábhachtaí ná sin, go dtabharfaí cúis mhaith dóibh fanacht níos faide agus níos mó airgid a chaitheamh.

20.4 Maidir le limistéir le cósta agus limistéir mara go sonrach, is léir ó obair thaighde Fháilte Éireann féin faoi ghnólachtaí turasóireachta na hÉireann agus faoi phátrúin taistil na dturasóirí in Éirinn go gcloíonn 70% de na cuairteoirí le ceantair nach bhfuil i gceist leo ach 30% de réimse na tíre agus go bhfuil formhór na gceantar sin leis an gcósta (féach thíos).




**Fíor 6: Mapa de na Spotaí Mórthráchta faoi láthair (áiteanna lóistín na hoíche)**

20.5 Tugtar léargas ginearálta sa tábla thíos ar líon na gcuairteoirí ón iasacht a thug faoin tslatiascaireacht agus faoi ghníomhaíocht eile ar an uisce le blianta beaga anuas. I ndáil leis an tseoltóireacht go háirithe, agus arna bhunú ar mheánleibhéil trí bliana, is é an meastachán is géire de chuid Fháilte Éireann maidir le líon na dturasóirí ón iasacht a thugann faoin tseoltóireacht gur ionann a líon agus 40,000 nó mar sin in aghaidh na bliana.

| Overseas Tourists (000s) | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| Angling (all types) | 118 | 127 | 157 | 163 | 131 |
| Water-based Activities | 97 | 110 | 158 | 129 | 196 |

**Tábla 7: Turasóirí ón Iasacht a thug faoi Shlatiascaireacht agus faoi Ghníomhaíocht ar an Uisce 2012-2016**

20.6 Maidir leis an margadh turasóireachta intíre, thug tuairim is duine as gach cúigear (21%) de na turasóirí intíre ar fad, a thug 4.9 milliún turas laethanta saoire in Éirinn i rith na bliana 2017, faoi spórt uisce (gan snámh a chur san áireamh) agus thug 3% faoin tslatiascaireacht.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

20.7 Tá cothú an ghnó ar feadh na bliana ar fad ar cheann de an ceisteanna is mó ag soláthraithe turasóireachta in Éirinn, go háirithe an chuid atá i gceantair tuaithe agus i gceantair le cósta, mar shampla le Slí an Atlantaigh Fhiáin. I gceantair den saghas sin, bíonn séasúr na turasóireachta agus séasúr na beartaíochta a ghabhann leis sin chomh gairid 3-6 mhí i roinnt cásanna. Tarraingíonn sin constaicí breise airgid agus deacrachtaí maidir le múnla marthanach gnó a choinneáil ar bun le córas praghsála agus dea-chaighdeáin inchomórtais ar fead tréimhse gairid trádála.

20.8 Ó tharla gur earnáil ilréimseach an turasóireacht, bíonn tionchar aige ar bhearta, straitéisí agus polasaithe éagsúla taobh amuigh de chúrsaí turasóireachta amháin agus tionchar acu sin ar ghnóthaí turasóireachta freisin. Mar a chéile leis an mbeartas turasóireachta, is tionscnamh ar fud an Rialtais atá sa bheartas muirí chomh maith (mar is ea na straitéisí agus na gníomhartha a ghabhann leis). Admhaítear an deis atá ann leas a bhaint as saibhreas na farraige maidir le tairbhe sóisialta agus eacnamaíochta go ginearálta agus féachtar le bearta slánchóirithe a chur i bhfeidhm ar fud réimsí beartais níos ginearálta a bhaineann le hábhar.

20.9 Le haird faoi leith ar réimsí ina dtarlaíonn trasnaíl idir cúrsaí turasóireachta agus an beartas mara, tá buntáistí eacnamaíochta agus sóisialta a d'fhéadfadh a theacht ó chomhoibriú níos dlúth. Seo a leanas roinnt ceisteanna a bhféadfaí iad a phlé agus a chíoradh maidir le MSP slánchóirite ionas go mbaintear an leas is fearr a d'fhéadfaí as acmhainní mara na tíre:

- *Pleanáil agus Ceadúnais:* Beidh próiseas leasaithe maidir le ceadanna i réimse na mara ina bhonn treise faoi fhorbairt agus nuálaíocht maidir leis an turasóireacht i gceantair cósta agus mara. Is léir go bhfuil timpeallacht mara atá folláin agus faoi chosaint le bearta reachtaíochta agus rialúcháin cuí fíorthábhachtach maidir lena mbeadh ar fáil in Éirinn ag an turasóir. Ina ainneoin sin, ba é leas na ngnólachtaí turasóireachta agus eacnamaíocht na gceantar áitiúil a chothaítear leo, córas pleanála níos slánchóirithe a bheith ar bun ionas go seachnófaí coimhlint le hearnálacha agus le geallsealbhóirí eile. Bheadh tairbhe freisin as córas pleanála agus réimeas ceadúnais níos simplí.

Is eiseamláir an dul chun cinn le gairid maidir leis an gcóras pleanála talún den tairbhe a eascraíonn ó chur chuige slánchóirithe dá leithéid a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm freisin anois i ndáil le pleanáil mara. Le roinnt blianta anuas, d'oibrigh Fáilte Éireann go dlúth le Ranna Rialtais agus le húdaráis áitiúla chun bainistíocht spásúlachta a chur chun cinn i ndáil leis an turasóireacht. Fágann an t-athrú seo ón seanchur chuige bunaithe ar aidhmeanna gur minice a fheictear an turasóireacht anois mar úsáid talún – úsáid nach mór a thabhairt san áireamh agus pleanáil a dhéanamh ina leith i gcomhthéacs chineálacha eile úsáide, iad ar fad in iomaíocht maidir le hacmhainní, spás agus tús áite.

- *Cead Slí*: Is minic bac ar chead slí chun an chladaigh i gceantair go leor agus sin ar chúiseanna éagsúla ar a n-áirítear ceisteanna a bhaineann le húinéirí talún, le hárachas, le pleanáil nó coimhlint a fheictear le leas gnóthais etc. Bheadh leas as feabhas maidir le cead slí chuig an gcladach, cibé an ndéantar sin le hinfheistíocht i ngnéithe infreastruchtúir nua nó forfheabhsaithe nó trí mhodhanna nua oibre atá níos solúbtha a thabhairt chun cinn ionas gur féidir oibriú i bpáirt le gnólachtaí príobháideacha maidir le hacmhainní poiblí, mar shampla calafoirt, cuanta, céibheanna, muiríní, etc. Baineann an cheist seo freisin le réimse an chaitheamh aimsire ar farraige nach bhfuil ceangailte leis an turasóireacht.
- *Cúrsaí Infreastruchtúir:* Tá straitéisí faoi leith tugtha chun cinn i ndlínsí eile chun treisiú leis an infheistíocht i ngnéithe infreastruchtúir a bhaineann le réimsí cósta agus mara. Sampla de bheartaíocht shaindírithe den chineál sin is ea an infheistíocht a rinne Rialtas na hAlban maidir le bealaí seoltóireachta faoi leith le "Cósta an Iarthair agus an Fhuisce" a fhorbairt.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

20.10 Is díol suntais a bhfuil de cheangal agus de thrasnaíl idir réimse na turasóireachta agus earnálacha eile – mar shampla, iompar; forbairt calafoirt (go háirithe méadú ar an acmhainn tráchta agus forbairt áiseanna ionas gur féidir freastal ar bháid farantóireachta níos mó agus ar longa cúrsála níos mó); talmhaíocht agus bia mara (go háirithe dobharshaothrú agus iascach); forbairt tuaithe; fuinneamh inathnuaite; agus an timpeallacht. Ar an ábhar sin, ba chóir béim a leagan ar chomharoibriú leanúnach agus forfheabhsaithe ar fud na n-earnálacha agus ar bheartas agus straitéisí slánchóirithe ar mhaithe leis an iomlán. Tá tábhacht faoi leith leis sin i gcás na turasóireachta ó tharla nach faoi úinéireacht, faoi stiúir ná faoi rialáil na hearnála féin go díreach cuid mhór de na hacmhainní atá ina mbonn treise fúithi.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

20.11 Bíonn deiseanna gnó i gceantair le cósta mar gheall ar an turasóireacht agus ar an gcaitheamh aimsire. Bíonn turasóireacht le cósta agus turasóireacht mara ag brath go rímhór ar dhea-stádas timpeallachta agus ar ardchaighdeán uisce go háirithe. Ar bhainistíocht chuí agus ar fhorbairt inmharthanach a dhéanamh, is féidir táirgí, seirbhísí agus poist inmharthanacha a chur ar fáil le turasóireacht agus caitheamh aimsire le cósta agus ar muir. Tá cuid mhór de na saincheisteanna maidir le cúrsaí inmharthanachta ar aon dul leis na ceisteanna a luaitear thuas maidir leis an tabhairt i bhfeidhm.

20.12 Mura mbíonn dea-bhainistíocht á dhéanamh ina leith, is féidir le turasóireacht le cósta brú breise a tharraingt maidir le fuíolluisce, truailliú an uisce nó bruscar mara. Go ginearálta, ciallaíonn treisiú le forbairt inmharthanach ar na hearnálacha – ar fud na ngnéithe eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta – cur chuige comhpháirtíochta slánchóirithe i ndáil le beartas agus cláir ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Is den tábhacht, i ndáil le cúrsaí polasaí agus le cúrsaí infheistíochta, go ndírítear ar cheisteanna a eascraíonn as deighilt idir réimsí freagrachta agus go gcinntítear ina ionad sin cur chuige slánchóirithe maidir le ceapadh beartais, pleanáil, ceadúnais, infheistíocht agus cead slí.

20.13 I ndáil le cead slí i réimsí le cósta agus i réimsí farraige, is gá athrú go dtí réimse seifteanna agus deiseanna maidir le cead slí, ón tír i bhfarraige agus ón bhfarraige i dtír, atá de réir mar a thaithíonn an saoránach agus an cuairteoir araon na deiseanna sin. Ba chóir go mbeadh bainistíocht, cothabháil agus athchóiriú ar acmhainní i gceist leis seo – seachas gnéithe nua infreastruchtúir amháin – ionas go gcuirtear bríomhaireacht in athuair lena bhfuil ar fáil cheana féin agus go dtugtar deiseanna nua chun cinn lena bhféadfaí fostaíocht a chruthú agus ioncam a shaothrú.

# 21.0 Spórt agus Caitheamh Aimsire

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta

21.1 Tá tábhacht le clubanna spóirt mara agus bearta caitheamh aimsire i measc an phobail i gcomharsanachtaí le cósta. Tugtar deiseanna aclaíochta, cothaítear muintearas agus dlús i measc an phobail mar gheall ar obair dheonach agus rannpháirtíocht shóisialta agus, go deimhin, cothaítear ceangal leis an oidhreacht mhuirí. Bíonn éagsúlacht ollmhór bearta spóirt, eachtraíochta agus fóillíochta ar siúl i réimsí uisce na hÉireann, cuid mhór acu ó cheann ceann na bliana. Tugtar san áireamh:

- seoltóireacht;
- curachóireacht;
- seoltóireacht dingí;
- scairdsciáil;
- surfáil céaslóireachta / SUP'áil;
- surfáil eitleoige;
- bádóireacht innill;
- cadhcáil farraige,
- surfáil,
- snorcláil,
- tumadóireacht,
- clársheoltóireacht srutha,
- sciáil uisce,
- gaothshurfáil,
- iomramh;
- cóstóireacht,
- snámh farraige.

21.2 Is í an tseoltóireacht an spórt is mó a chleachtar más léiriú air sin líon na gclubanna cláraithe agus líon na mball. Tá níos mó ná 19,000 ball i 60 club agus tá Éire ar cheann de na háiteanna is fearr ar domhan maidir le seoltóireacht le linn turasóireachta agus tá deis ann cur leis an dea-chlú ina leith sin go fóill. I rith na bliana 2016, d'eagraigh Seoltóireacht Éireann agus na clubanna agus ionaid atá cláraithe leis an eagraíocht sin 134 rás agus geall ar mhórscála a raibh 100 seoltóir ar an meán páirteach i ngach ceann acu, líon is ionann agus isteach is amach le 13,500 iomaitheoir in aghaidh na bliana. Bhí beagnach 6,000 duine a bhain triail as an tseoltóireacht den chéad uair riamh i rith na bliana 2017.

21.3 Tá Éire chun tosaigh ar fud an domhain mar ionad turasóireachta maidir le cineálacha eile beartaíochta freisin, mar shampla surfáil leis an gcósta thiar go háirithe sa Leacht, ar an Leathros agus ar an Mullach Mór, mar a dtagann surfálaithe maidhmeanna móra á bhféachaint féin ar an tonn cháiliúil ar a dtugtar "*prowlers*". Fágann suíomh na hÉireann ar oileán ar imeall na scairbhe ilchríochaí go bhfuil réimsí farraige na hÉireann oiriúnach don tumadóireacht scúba agus don snorcláil. Is spórt an tumadóireacht a chleachtar ó cheann ceann na bliana in Éirinn agus tá níos mó ná 80 club tumadóireachta ar fud na tíre.

## Cuid 2: Ceisteanna maidir le cur i bhfeidhm

21.4 De réir an Irish Sports Monitor, bhí 43% de mhuintir na hÉireann sa bhliain 2017 a ghlacann páirt i gcúrsaí spóirt ar a laghad uair amháin sa tseachtain. Bíonn 66% de mhuintir na hÉireann a dhéanann siúlóid go rialta mar chaitheamh aimsire, an cineál aclaíochta is coitianta de na cineálacha a áiríodh. Snámh an dara cineál spóirt is coitianta in Éirinn agus déanann 8.5% de mhuintir na hÉireann snámh ar a laghad aon uair amháin sa tseachtain. Tuigtear ón Irish Sports Monitor freisin go mbíonn baint shóisialta go rialta ag 45% de mhuintir na hÉireann le spórt agus tá ballraíocht i gclub spóirt ag níos mó ná 34% de na daoine. De réir shonraí de chuid Bhord Fáilte (2013), tuigtear go bhfuil 496,000 duine nó 11% den daonra a ghlacfadh páirt i spórt uisce.

21.5 Admhaítear i bPolasaí Náisiúnta Spóirt na hÉireann 2018 - 2027[47] an tairbhe a bhíonn as rannpháirtíocht shóisialta maidir le dlús agus comhtháthú sóisialta agus go mbíonn tairbhe faoi leith as ag daoine scothaosta, ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhaineann le pobal mionlaigh nó pobal imirce. Admhaítear freisin an ról mórthábhachta atá le clubanna spóirt i gcroílár an phobail ar fud na tíre. Leagtar béim sa pholasaí ar eagraíochta agus clubanna spóirt a bheith ina

[47] http://www.dttas.ie/sites/default/files/publications/sport/english/national-sports-policy-2018-2027/national-sports-policy-2018.pdf

ngníomhairí maidir le cláir bhunriachtanacha a thabhairt i bhfeidhm agus deimhnítear go mbeidh siad chun tosaigh maidir le cúrsaí beartais agus feidhmiúcháin an Rialtais i ndáil le spórt agus aclaíocht.

21.6 Is iomaí cineál tairbhe sóisialta, timpeallachta agus eacnamaíochta a bhaintear as caitheamh aimsire le farraige. Cé go bhfuil leathnú ar réimse na ndaoine a chleachtann caitheamh aimsire mara, tá forás suntasach a d'fhéadfaí a thabhairt i gcrích go fóill. Tá ról tábhachtach le spórt, pléisiúr agus caitheamh aimsire farraige maidir le cur le rannpháirtíocht rialta mhuintir na hÉireann i gcúrsaí spóirt.

## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

21.7 Bíonn idirghabháil thairbheach idir bearta spóirt, pléisiúir agus caitheamh aimsire le farraige agus earnálacha eile. Cruthaítear buntáiste eacnamaíochta díreach agus indíreach chomh maith le deiseanna fostaíochta i réimsí éagsúla, díolachán, trealamh, oiliúint, deimhniú, deisiúchán agus fruiliú san áireamh, i gceantair le cósta.


21.8 Tá méadú ag teacht, ó thaobh réimse cineálacha agus líon na ndaoine atá páirteach iontu, maidir le spórt, pléisiúr agus caitheamh aimsire le farraige in Éirinn. Is minic an lucht úsáide ar mhaithe le pléisiúr ar an lucht úsáide is íogaire agus iad in iomaíocht maidir le spás ar muir le hearnálacha eile. Is féidir caitheamh aimsire mara a bheith ar bun san áit a mbíonn gníomhartha agus earnálacha mara eile freisin ach tá buntábhacht le cumarsáid éifeachtúil, scaipeadh eolais agus comhoibriú lena aghaidh sin. Beidh creat pleanála straitéiseach lena ndéantar freastal do chaidreamh stuama idir lucht úsáide na mara ar fad ina chóras tábhachtach maidir le deiseanna sinéirge a thabhairt i gcrích san am atá romhainn.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

21.9 Tá timpeallacht folláin mara ar cheann de na nithe is mó a tharraingíonn daoine le páirt a ghlacadh i spórt agus i gcaitheamh aimsire farraige. Tarlaíonn dá réir sin, cásanna sinéirge idir caitheamh aimsire mara agus an bhithéagsúlacht mara agus an saol na mara go ginearálta agus is mór a thagann an dream a bhaineann taitneamh as caitheamh aimsire le farraige, mar shampla tumadóireacht, agus an dream atá tugtha d'éiceolaíocht na mara a chosaint le chéile.


21.10 Ina ainneoin sin, chomh maith le beartaíocht de chineálacha eile, mar shampla tráchtáil loingis, d'fhéadfadh beartaíocht caitheamh aimsire an duine tionchar chun dochair a imirt ar thimpeallacht na mara i gcásanna áirithe, mar shampla:

- tionchar chun dochair nó cur isteach maidir le flóra nó fána na mara;
- cásanna ina sceitear fuíolluisce, bruscar agus truailliú torainn (mar shampla, ó bhád innill nó ó fheithicil scairdsciála). Ba chóir a thabhairt chun aire ina leith sin go dtagann soithí pearsanta agus árthaigh caitheamh aimsire faoi réir Threoir 2013/53/ an AE chomh maith ina leagtar síos coinníollacha maidir le dearadh agus déanamh, astaíocht sceite agus astaíocht torainn ó tháirgí áirithe agus rialacha maidir le saorghluaiseacht na dtáirgí sin ar fud an Aontais Eorpaigh;
- brú ó mhéadú ar líon na gcuairteoirí i gceantar atá íogair ó thaobh cúrsaí timpeallachta (cé gur minice sin i gceist maidir le réimsí talún);
- speicis neamhdhúchais a thabhairt isteach i gceantar ar bháid pléisiúir agus ar árthaigh caitheamh aimsire.




## Marinas around the Irish Coast

Kilometres
0 12.5 25 50 75



Coordinate System
WGS 1984 UTM Zone 29N
Projection
Transverse Mercator


- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly
- Local Authority Area
- Marina
- Legal Town/City

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

Marine Irish Digital Atlas, 2014
Central Statistics Office, 2011
Map designed by ABPmer, 2018




## Bathing Water Quality

Kilometres
0 20 40 80 120

Coordinate System
WGS 1984 UTM Zone 29N
Projection
Transverse Mercator

- Marine Spatial Plan Assessment Area
- 12 nm Territorial Sea Limit
- Northern Ireland Boundary
- Currently Designated Continental Shelf Boundary
- Eastern and Midland Regional Assembly
- Northern and Western Regional Assembly
- Southern Regional Assembly
- Local Authority Area

**Bathing Water Quality**

- Excellent Water Quality
- Good Water Quality
- Sufficient Water Quality
- Poor Water Quality

**Transitional and Coastal Water Quality**

- Unpolluted
- Intermediate
- Potentially Eutrophic
- Eutrophic
- Unassigned

Marine Institute
Foras na Mara

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning and Local Government

European Maritime & Fisheries Fund

Bathing Water Quality in Ireland (EPA, 2017)
Map designed by ABPmer, 2018

# 22.0 Cóireáil agus Diúscairt Fuíolluisce

## Cuid 1: Fianaise Príomhthábhachta[48]

22.1 Is é cuspóir a bhíonn le cóireáil ar fhuíolluisce an fuíolluisce a chruthaítear i measc an phobail a bhailiú, an t-ábhar truailliúcháin a thabhairt de leataobh agus an t-uisce cóireáilte a scaoileadh ar ais sa timpeallacht go sábháilte. Murach cóireáil dá shórt, bheadh na réimsí uisce á dtruailliú leis an bhfuíolluisce a chruthaíonn an duine agus baol á chruthú don tsláinte.

22.2 Is é Uisce Éireann an t-údarás náisiúnta seirbhísí uisce atá freagrach as fuíolluisce uirbeach a bhailiú, a chóireáil agus a sceitheadh. Is é an EPA an rialtóir maidir le cúrsaí timpeallachta i gcás Uisce Éireann. Déanann an EPA údarú maidir le fuíolluisce a sceitheadh a eisiúint agus an forfheidhmiúchán ina leith sin. Is é an Coimisiún um Rialáil na bhFóntas an rialtóir maidir le cúrsaí eacnamaíochta i gcás Uisce Éireann. Cinntíonn an Coimisiún go ndéantar ioncam Uisce Éireann a chaitheamh go héifeachtach críochnúil sa chaoi is go gcuirtear feabhas ar na seirbhísí.

22.3 Déantar níos mó ná aon bhilliún lítear fuíolluisce a bhailiú gach lá in Éirinn i suas le 30,000 ciliméadar de phíopaí séarachais. Déantar cóireáil air sin i 1,100 monarcha cóireála fuíolluisce agus ligtear amach ina dhiaidh sin é in aibhneacha, locha agus in uiscí le cósta. Léirítear sa tábla thíos an leibhéal cóireála a thugtar ar an ualach náisiúnta fuíolluisce sula scaoiltear ar ais sa timpeallacht é.

| No treatment or preliminary treatment | Primary treatment | Secondary treatment | Secondary treatment & nutrient removal |
|---|---|---|---|
| 3% | 1% | 69% | 27% |

**Tábla 8: Leibhéal na Cóireála maidir leis an Ualach Náisiúnta Fuíolluisce**

## Cuid 2: Ceisteanna maidir leis an Tabhairt i bhFeidhm

22.4 Leagtar síos i dTreoir an Aontais Eorpaigh maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh na bunchaighdeáin maidir le fuíolluisce uirbeach as mórcheantair uirbeacha a bhailiú, a chóireáil agus a sceitheadh. Is céim shuntasach maidir leis an timpeallacht a chosaint ar dhrochthionchar sceitheadh fuíolluisce caighdeáin na Treorach a shásamh.

22.5 An EPA atá freagrach as údarás a thabhairt maidir le fuíolluisce uirbeach a sceitheadh agus as rialáil a dhéanamh ina leith. Bíonn gá le ceadúnas sa chás nach lú daonra an limistéir uirbigh ná 500 duine agus bíonn gá le deimhniú údarúcháin sa chás gur lú ná an líon sin an daonra uirbeach. Gabhann de choinníoll le húdarúchán díriú ar chomhlíonadh na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus, sa chás gur gá sin, soláthar a dhéanamh do leibhéal cóireála níos airde ionas go mbaintear amach aidhm maidir le caighdeán an uisce a luaitear sa Phlean Bainistíochta Abhantraí nó díriú ar choinníoll atá de cheangal faoi reachtaíocht an AE.

22.6 Thug an Coimisiún Eorpach Éire chun cúirte mar gheall ar mhainneachtain coinníollacha uile na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh a chomhlíonadh agus

[48] Mura luaitear a mhalairt, is ar an tuarascáil is deireanaí atá ar fáil ón EPA maidir le Cóireáil ar Fhuíolluisce Uirbeach 2016 a bhunaítear ábhar na roinne seo.

sa bhliain 2016 shonraigh an EPA 44 ceantar ar fud na hÉireann[49] ina raibh fuíolluisce á bhailiú agus á scaoileadh ar ais sa timpeallacht gan aon chóireáil a chur air. Mar a léirítear ar an mapa a leanas, tá formhór na gceantar sin le cósta.

22.7 Bhíothas ag tnúth le cúig cinn de na ceantair ina raibh fuíolluisce neamhchóirithe á sceitheadh (Eochaill, Béal an Mhuirthead, an Ros, Bun Dobhráin agus na Cealla Beaga) a bheith ceangailte le monarchana cóireála faoi dheireadh na bliana 2017. Is i gceantar Rinn an Scidígh - Bhun an Tábhairne - Charraig an Leighin is mó a rinneadh sceitheadh fuíolluisce neamhchóirithe i rith na bliana 2016. Tá an chuid is mó den cheantar sin ceangailte anois le monarcha nua cóireála. Tá laghdú mór dá bharr sin ar an méid séarachais atá á ligean isteach in Íochtar Chuan Chorcaí gan cóireáil a thabhairt air.




## Cuid 3: Ceisteanna maidir le hEarnálacha Eile

22.8 Tá bunriachtanas le cóireáil fuíolluisce chun uisce aibhneacha, locha agus chóstaí na hÉireann a chosaint. D'fhéadfadh éiceachórais uisce agus sláinte an duine a bheith i mbaol nuair nach ndéantar fuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil go cuí. Tá fuíolluisce go fóill ar cheann de na príomhfhoinsí brú maidir le caighdeán an uisce in Éirinn.

[49] http://www.epa.ie/pubs/reports/water/wastewater/Urban%20waste%20water%20report%20for%202016%20Final%20Version.pdf

22.9 De réir Thuarascáil an EPA maidir le Caighdeán an Uisce Snámha in Éirinn 2017[50] bhí baint ag sceitheadh fuíolluisce le huisce snámha a bheith ar dhroch-chaighdeán ag 7 gcinn de thránna sa bhliain 2017, 1 trá amháin níos mó ná líon na bliana roimhe sin. Seo a leanas na tránna a bhí i gceist:

| County | Urban Area | Bathing Water |
|---|---|---|
| Dublin | Dublin City | Merrion Strand |
| Dublin | Dublin City | Sandymount Strand |
| Dublin | Skerries-Rush | Loughshinny Beach |
| Dublin | Portrane | Brook Beach |
| Dublin | Rush | Rush South Beach |
| Galway | Clifden | Clifden Beach |
| Galway | Galway City | Ballyloughane Beach |

**Tábla 9: Tránna ag a bhfuil Uisce Snámha ar Dhroch-chaighdeán 2017**

22.10 Nuair a rangaítear uisce snámha a bheith go dona, ciallaíonn sin go bhfuil baol truaillithe ann ó am go chéile agus go bhféadfadh sin breoiteacht a tharraingt, mar shampla gríos cnis nó tinneas boilg ar lucht snámha agus caitheamh aimsire.

22.11 Cé go dtarlaíonn truailliú ó fhuíolluisce go fóill in áiteanna áirithe ó am go chéile, tá caighdeán an uisce snámha in Éirinn go ginearálta an-mhaith agus na bunchaighdeáin á sásamh i 93% de na cásanna (2017).

22.12 Tá i ndán go dtarlódh éilliúchán maidir le iasc sliogáin scagbheathúcháin, mar shampla an t-oisre, an diúilicín, an ruacan agus an chuachma, mar gheall ar fhuíolluisce a scaoiltear amach i gceantair le cósta. Tá baol don tsláinte i gceist le iasc sliogáin éillithe a ithe agus d'fhéadfaí urlacan, masmas buinneach a tharraingt.

22.13 In áiteanna áirithe, is gá díghalrú a dhéanamh ar an bhfuíolluisce le linn na cóireála ionas go gcoinnítear slán gnáthóga sliogéisc in aice le pointí sceite. Is iondúil an díghalrú sin a dhéanamh le lampaí ultravialaite lena maraítear an chuid is mó de na frídíní agus de na víorais san fhuíolluisce.

22.14 Tá trí cinn de limistéir uirbeacha sonraithe ag an EPA inar gá obair fheabhsúcháin chun córas díghalraithe a chur ar fáil don fhuíolluisce.

| County | Urban area |
|---|---|
| Donegal | Rathmullan |
| Mayo | Belmullet |
| Mayo | Killala |

**Tábla 10: Ceantair Foirgníochta óna dtarlaíonn Sceitheadh in Uiscí Sliogéisc ar gá Feabhas ar na Córais Díghalraithe ina leith**

[50] http://www.epa.ie/pubs/reports/water/bathing/Bathing%20Water%20Quality%20in%20Ireland%20-%202017.pdf

22.15 Ní mór d'Uisce Éireann na bearta measúnachta maidir leis an tionchar a bhíonn ag sceitheadh fuíolluisce as timpeall is 70 limistéar uirbeach eile ar an iasc sliogáin a thabhairt chun críche. Tá bunriachtanas leis na bearta measúnachta sin chun eolas a chur ar fáil maidir le díghalrú ar an ábhar sceite ó na limistéir sin.

## Cuid 4: Ceisteanna maidir le Cúrsaí Inmharthanachta

22.16 D'fhoilsigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021[51] na hÉireann i mí Aibreán 2018. Is é príomhaidhm atá leis an tsraith pleanála abhantraí go dtugtar comhlíonadh a n-éilítear faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh i gcrích agus go ndéantar maitheas maidir le feabhsú agus cosaint na réimsí uisce faoi mar a bhaineann le haidhmeanna maidir le caighdeán an uisce a luaitear sa Phlean. Tugtar san áireamh leis sin sceitheadh agus róshreabhadh fuíolluisce san áit a bhfuil limistéar faoi chosaint (i.e. láthair ainmnithe uisce snámha, uisce sliogéisc agus láthair diúilicín péarla fionnuisce) nó uisce ardstádais i mbaol mar gheall ar bhrú ó fhuíolluisce uirbeach.

22.17 Leagtar amach sonraí faoin obair feabhsúcháin atá beartaithe maidir le monarchana cóireála fuíolluisce anonn go dtí an bhliain 2021 in Aguisín 1 leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021.

[51] https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/rbmp_report_english_web_version_final_0.pdf

# 23.0 An Creatchóras Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara a chur i bhfeidhm

23.1 Braitheann an dea-thoradh ar phlean ar bith a thabhairt i gcrích ar an gcaoi ina ndéantar a chur i bhfeidhm. Ní eisceacht ar bith a bheidh sa Chreat Náisiúnta maidir le Pleanáil Mara 2040. Is den tábhacht, agus an plean á leagan amach, go mbítear soiléir faoin mbealach ina gcuirfear i bhfeidhm é, na daoine a chuirfidh i bhfeidhm é agus an ceangal atá idir é agus pleananna straitéise eile atá ar bun cheana féin ar a n-áirítear an Creat Náisiúnta Pleanála, Straitéisí Réigiúnacha Sóisialta agus Eacnamaíochta agus Pleananna Forbartha Contae.

23.2 Gan aon réamhbhreithiúnas faoi ábhar, aidhmeanna ná polasaithe an phlean ar a thabhairt chun críche, tá bearta áirithe á ndéanamh cheana féin chun bonn treise a chur faoin NMPF a chur i bhfeidhm go tréan daingean. Mar a leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála 2040, tá buntábhacht leis an lón eolais ón taithí leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, le bonn reachtaíochta agus le dúthracht cúl taca ar leibhéal na polaitíochta agus ar leibhéal na n-institiúidí maidir lena chinntiú go dtiocfaidh an NPF i gcionn ar an mbeartas poiblí ar leibhéal réimsí riaracháin an Rialtais, an Chomhthionóil Réigiúnaigh agus na nÚdarás Áitiúil.

23.3 Tá de rún dá réir sin go dtarlóidh cur i bhfeidhm tréan díograiseach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ón tráth a mbíonn leagan amach an NMPF tugtha chun críche.

23.4 Ag teacht leis na moltaí sa tuarascáil chríochnúil maidir le Binse Mahon, i ndáil leis an NPF, a foilsíodh sa bhliain 2012, tá próiseas reachtúil curtha ar bun maidir le ceapadh an NMPF agus lena chur i bhfeidhm faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018[52].

23.5 Rinneadh an Treoir MSP a thrasuí i ndlí na hÉireann den chéad uair le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Creat le haghaidh Pleanáil Spáis Mhuirí) a síníodh mar dhlí an 29 Meitheamh 2016. Leagtar síos leis na Rialacháin an bonn dlí agus an creat ginearálta maidir le MSP a chur i bhfeidhm in Éirinn trí phlean (nó pleananna) spáis muirí a fhorbairt de réir sraitheanna 10 mbliana. Faoi na Rialacháin, is é an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an t-údarás inniúil chun críche na Treorach agus, dá réir sin, chun críche an chéad phlean spáis muirí de chuid na hÉireann a ullmhú.

23.6 Níos luaithe i mbliana, d'aontaigh an tOireachtas na Rialacháin thrasuite sin a aisghairm agus forálacha nua atá ina gcuid den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018 a chur ina n-ionad. Déantar soláthar leis na forálacha nua sin do cheithre cinn d'aidhmeanna, eadhon:

- An Treoir MSP a thrasuí mar bheart príomhreachtaíochta;
- Socruithe foirmeálta a thabhairt isteach maidir leis an bpróiseas chun plean mara a cheapadh, lena n-áirítear cúrsaí rialachais, rannpháirtíocht an phobail, athbhreithniú agus rannpháirtíocht an Oireachtais, ionas go mbíonn na próisis maidir le dhá phlean fadtéarmach spáis na hÉireann, plean mara agus plean talún, comhleanúnach agus ag teacht lena chéile;
- Foráil faoin reachtaíocht nach mór don uile chomhlacht poiblí a bhfuil baint acu le bearta rialála nó forbartha maidir leis an réimse mara seasamh le haidhmeanna phlean mara na hÉireann agus iad a chur i bhfeidhm. Ciallaíonn sin, mar shampla, nach mór do chomhlacht poiblí, le linn iarratas maidir le léas, ceadúnas nó cead a bhreithniú agus cinneadh a dhéanamh ina leith, a chinntiú go mbítear ag teacht le haidhmeanna an NMPF;

52 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/16/enacted/en/pdf

- A thabhairt de chumhacht don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil treoir a thabhairt do chomhlacht poiblí bearta áirithe a dhéanamh sa chaoi is go gcuirtear an plean i bhfeidhm nó go mbítear ag teacht leis an bplean.

23.7 Beidh tábhacht chinniúnach leis na forálacha sin, ar a n-áireamh in éineacht, maidir le dea-thoradh ar chur i bhfeidhm an phlean ach ní mór chomh maith na socruithe cuí maidir le cúrsaí riaracháin agus rialachais a bheith de bhonn treise leo. Tá grúpaí ardleibhéil Idir-rannacha agus Grúpaí Comhairle seachtracha ar bun chun bonn treise a chur faoi fhorbairt an NMPF.

23.8 Ionadaithe ardleibhéil ó na ranna rialtais a mbaineann a gcuid polasaithe agus a gcuid feidhmeanna le hábhar an Phlean atá ar an nGrúpa Idir-rannach. Tá ionadaí ar an ngrúpa freisin ó earnáil an rialtais áitiúil agus ionadaí ó Fhoras na Mara.

23.9 Déanann an Grúpa Comhairle seachtrach soláthar do rannpháirtíocht na ngrúpaí geallsealbhóirí, na n-eagraíochtaí neamhrialtais, na gcomhlachtaí gairmiúla agus na saineolaithe teicniúla sa phróiseas. Is é an ceangal éifeachtúil é lena bhfreastalaítear do rannpháirtíocht na gcolún eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta an tráth céanna a gcoinnítear de sholúbthacht gur féidir earnálacha eile a thabhairt faoi scáth na bhfóram comhairliúcháin seo de réir mar a oireann e.g. earnáil an oideachais tríú leibhéal nó earnáil an eolais.

23.10 Beidh córas den chineál céanna á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm ionas go gcinntítear go gcaitear dúthracht ar an leibhéal is airde, réimsí buiséid agus infheistíochta san áireamh, maidir leis an NMPF agus leis na príomh-mholtaí atá ann agus go ndéantar dá réir sin iad a chur chun cinn mar is cóir, monatóireacht leanúnach san áireamh ionas go ndéantar an dul chun cinn a mheas agus an bhéim a leagan ar na réimsí cuí.

# 24.0 Ceisteanna comhairliúcháin

24.1 Is gné thábhachtach den phróiseas pleanála maidir le spás mara rannpháirtíocht an phobail agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí. Beidh aighneachtaí agus tuairimí a thagann ó gheallsealbhóirí mar gheall ar an bpáipéar seo ina lón eolais maidir le haidhmeanna na pleanála maidir leis an spás mara a thabhairt chun cinn agus, dá réir sin, leis na polasaithe agus na pleananna a fhorbairt a theastaíonn chun na haidhmeanna sin a thabhairt i gcrích. Beidh deiseanna éagsúla ag an bpobal agus ag na geallsealbhóirí cur ar bhealaí foirmeálta leis an bpróiseas.

## Aidhmeanna an Phlean Mara

24.2 Níl i gceist leis an bpáipéar seo go ndéanfaí réamhshocrú maidir le haidhmeanna earnálacha éagsúla sa phlean; is cuí, ina dhiaidh sin féin, mar gheall ar na ceisteanna agus an fhianaise a chuirtear i láthair, roinnt téamaí ardleibhéil a lua a bhféadfaí aird a dhíriú orthu.

24.3 I bhfianaise na haislinge, na gcuspóirí agus na spriocanna a bhaineann le HOOW, agus ar an gcomhthéacs níos ginearálta maidir le cúrsaí beartais agus dlí i ndáil leis an bpleanáil mara a thabhairt san áireamh, moltar gur cheart na haidhmeanna straitéise don phleanáil maidir leis an spás mara a bheith (a) de chineál ardleibhéil agus (b) dírithe ar an bpróiseas MSP a stiúradh ar mhaithe leis na torthaí a leagtar amach faoi HOOW a thabhairt i gcrích.

24.4 Chomh maith leis sin, tá coinníollacha agus aidhmeanna áirithe a leagtar amach sa Treoir MSP nach mór a thabhairt i gcrích leis an bpróiseas pleanála. Go ginearálta, cuirtear de dhualgas ar na Ballstáit faoin Treoir féachaint le haidhmeanna eacnamaíochta, sóisialta agus timpeallachta a bhaint amach leis na próisis pleanála maidir leis an spás mara agus leis na pleananna.

24.5 Moltar go bhféadfadh an fhorbairt ar aidhmeanna straitéiseacha a theacht faoi anáil na dtéamaí seo a leanas:

1. **Forbairt inmharthana** ar eacnamaíocht bhisiúil farraige a chur chun cinn.
2. Creat daingean **rialachais**, beartais agus pleanála a chur ar bun ionas gur féidir forás ar eacnamaíocht farraige agus úsáid inmharthana as acmhainní mara na hÉireann, le béim ar rannpháirtíocht éifeachtach torthúil an phobail agus na ngeallsealbhóirí sna próisis pleanála a chinntiú.
3. Díriú ar **cheangal idir réimsí talún agus réimsí mara** agus slánchóiriú, comhordú agus comhleanúnachas idir na córais pleanála ar talamh agus ar muir a chur chun cinn.
4. **Pobal agus comharsanachtaí le cósta agus ar oileáin** a chur chun cinn atá bríomhar, insroichte, inmharthana.
5. **Cur chuige bunaithe ar an éiceachóras** a leanúint maidir le pleanáil mara agus a chinntiú go dtugtar prionsabal an réamhchúraim san áireamh maidir leis an mbrú ó ghníomhartha an duine agus go gcoinnítear sin faoi bhun an leibhéil atá ag teacht le Dea-stádas Timpeallachta a bhaint amach nó go dtagtar níos gaire don leibhéal sin.
6. Cuidiú leis an **araíocht a bhaineann le hacmhainní mara a thabhairt i gcrích** ar bhealach slánchóirithe agus plé leis an idirchaidreamh maidir le leasa éagsúla ar bhealach atá cóir, cothrom, follasach, leas na ndaoine atá fostaithe in earnáil na mara san áireamh.
7. Caomhnú agus taitneamh as **acmhainní cultúir agus oidhreachta** a bhaineann le réimse na mara a chur chun cinn.

8. **An tsaoithiúlacht maidir le cúrsaí mara** a chur chun cinn agus tuiscint breise a chothú ar an bhfiúntas, ar na deiseanna agus ar an mbuntáiste shóisialta a ghabhann dul i ngleic le cúrsaí farraige.
9. Leanúint de bhonn daingean **fianaise mara** a thabhairt chun cinn mar bhonn treise faoin bhforbairt, faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú ar phleananna mara.
10. Maitheas a dhéanamh maidir le **bearta maolúcháin i ndáil leis an athrú aeráide** agus le bearta cóiriúcháin.
11. Comhairle agus comhordú a dhéanamh, de réir mar is gá, le húdaráis i mBallstát nó i dTríú Tír faoin **cheisteanna trasteorann** a bhaineann leis an dá thír.

## Ceisteanna Comhairliúcháin

1. Tá i gceist leis an Tuarascáil Bonnlíne seo na bearta earnála ar fad atá ar bun i réimsí mara na hÉireann a lua agus achoimre a thabhairt ina leith. Ó do chuid eolais féin agus do chuid taithí féin, an bhfuil aon bhearna i gceist lena gcuirtear i láthair sa tuarascáil seo agus, má tá, conas is féidir sin a chur ina cheart?
2. I ndáil leis na bealaí ina mbaintear taitneamh as an mbuntáiste eacnamaíochta nó sóisialta ó réimsí farraige na hÉireann, ina ndéantar sin a chosaint nó ina ndéantar a thabhairt i gcrích, cé na nithe ar mhaith leat a fheiceáil go raibh aird á dhíriú orthu sa phlean mara?
3. An bhfuil na hAidhmeanna leis an bPlean Mara a bheag nó a mhór de réir mar ba mhaith leatsa a fheiceáil sa phlean? Mura bhfuil, agus i gcomhthéacs chineál ardleibhéil na n-aidhmeanna forghinearálta seo, an bhfuil aidhmeanna breise ba chóir a thabhairt san áireamh nó ar cheart leasú a dhéanamh ar an dréacht maidir le haidhmeanna?
4. Is féidir maitheas a dhéanamh ar bhealaí éagsúla maidir le haidhmeanna an phlean mara agus lena dtabhairt i bhfeidhm. I dtíortha áirithe, baintear leas as cur chuige atá bunaithe ar bheartas agus ar pholasaithe mar lón treorach i ndáil le cinneadh, arna dhéanamh ag údarás ceadúcháin faoin reachtaíocht, i ndáil le beart forbartha faoi leith nó le gníomhaíocht faoi leith i gceann de na hearnálacha. I dtíortha eile, roghnaítear cur chuige ar mó den tsaintreoir i ndáil le criosanna i gceist leis (ar aon dul le criosanna talún mar a oibrítear faoi Phleananna Forbartha Contae in Éirinn). Ar fhairsinge limistéar farraige na hÉireann a thabhairt san áireamh agus le haird ar an éagsúlacht maidir le dlús gníomhaíochta i réimsí seachas a chéile, cén modh is oiriúnaí i do thuairim maidir le haidhmeanna phlean mara na hÉireann a thabhairt i gcrích – toirmeasc, polasaí nó idir an dá chineál?
5. Conas is fearr is féidir an plean mara a thabhairt leis an NPF?
6. Conas is féidir plean mara na hÉireann a úsáid ar mhaithe le bearta cóiriúcháin na hÉireann i ndáil leis an athrú aeráide?
7. Cé na bearta is dóigh leat ba cheart a chur ar bun ar mhaithe leis an gcomhoibriú trasteorann is fearr maidir le pleanáil mara (trasna na teorann le Tuaisceart Éireann agus le réimsí eile den Ríocht Aontaithe san áireamh)?

8. Cén infheistíocht is gá a dhéanamh i ngnéithe den bhonneagar chun an leas inmharthanach is fearr as an acmhainn farraige a thabhairt i gcrích?
9. Beidh Measúnacht Timpeallachta ina chuid thábhachtach de dhréacht de phlean mara na hÉireann a leagan amach agus den phlean féin a ullmhú. Cad iad na ceisteanna suntasacha ar gá díriú orthu le próisis SEA agus AA agus cé na haidhmeanna timpeallachta ba chóir a chur in úsáid?
10. Is gné thábhachtach an cháipéis seo den fhorbairt ar phlean mara náisiúnta amháin maidir le réimsí farraige uile na hÉireann. Le haird ar chuspóirí réamhphleanála a thabhairt i gcrích, cén t-ord tábhachta ó thaobh cúrsaí spásúlachta a mheasann tusa a bheith cuí maidir le pleanáil mara san am atá romhainn; mar shampla pleanáil mara réigiúnach, crios le cósta nó de réir bánna?
11. Cé na bearta chun feabhais is gá chun breis éifeachtúlachta a thabhairt i gcrích maidir le cúrsaí riaracháin agus rialachais i ndáil leis an NMPF a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ina leith?
12. Cad iad na táscairí is tábhachtaí maidir le dea-thoradh ar an NMPF a chur i bhfeidhm a mheas?

# Aguisín A

## Comhlachtaí Poiblí atá freagrach as cúrsaí Mara

| Roinn/Gníomhaireacht | Freagracht agus Feidhm | Polasaithe, Pleananna, Cláir nó Cinntí a bhaineann le Spás Mara |
|---|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara<br>Bord Bia<br>Foras na Mara (MI)<br>Bord Iascaigh Mhara (BIM)<br>An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA)<br>An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe (ALAB) | Beartas slánchóirithe mara<br>Beartas agus Bainistíocht i ndáil le hIascach Mara<br>Cuanta Iascaigh Ceadúnais Dobharshaothraithe Forbairt Bia Mara Sábháilteacht Bia Mara/ sláinte an éisc<br>Taighde agus forbairt mara<br>Páirt Fhoras na Mara i gcúrsaí MSP | Feidhm a bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Slánchóirithe Mara na hÉireann (HOOW)<br>An Comhbheartas Iascaigh (CFP)<br>Plean Straitéise Náisiúnta maidir le Forbairt Inmharthanach ar an Dobharshaothrú<br>Forbairt Bhia Mara in Éirinn 2014-2020<br>Food Wise 2025<br>Measúnacht oiriúnachta agus measúnacht baoil maidir le hiascach mara i limistéir mara Natura 2000 nó cóngarach dóibh<br>Measúnacht oiriúnachta maidir le ceadúnais dobharshaothraithe i limistéir mara Natura 2000 nó cóngarach dóibh |
| An Roinn Cultúir, Oidhreachta agsu Gaeltachta<br>Udarás na Gaeltachta An Chomhairle Oidhreachta | Caomhnú an dúlra – Láithreáin Eorpacha<br>Bithéagsúlacht<br>An Taobh Tíre<br>Seandálaíocht faoi uisce<br>Séadchomharthaí náisiúnta/longa briste | An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Bithéagsúlacht 2017-2021<br>Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha na hÉireann 2015-2025 |

| Roinn/Gníomhaireacht | Freagracht agus Feidhm | Polasaithe, Pleananna, Cláir nó Cinntí a bhaineann le Spás Mara |
|---|---|---|
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil<br>EPA<br>Coimisiún Rialála na bhFóntas (CRU)<br>Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)<br>EirGrid<br>Líonra Gáis na hÉireann<br>Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann (GSI)<br>Iascach Intíre Éireann (IFI)<br>Gníomhaireacht na Lochanna | Athrú Aeráide<br>Taiscéalaíocht agus forbairt peitriliam<br>Fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite amach ón gcósta Stóráil gáis amach ón gcósta Cúlstór Náisiúnta Ola<br>Idirnascairí fuinnimh (leictreachas/gás)<br>Cáblaí idirnáisiúnta teileachumarsáide<br>Prótacál maidir le Scaoileadh agus Aistriú Éilliúcháin<br>Mapáil ghrinneall na farraige | Creat Náisiúnta Oiriúnaithe don Athrú Aeráide<br>Pleananna Cóiriúcháin na nEarnálacha maidir leis an Athrú Aeráide<br>Measúnacht Timpeallachta Straitéiseach amach ó Chósta na hÉireann<br>Aistriú na hÉireann go dtí Todhchaí le Fuinneamh Ísealcharbóin 2015-2030<br>Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite (NREAP)<br>Dréacht de Bheartas Leictreachais Inathnuaite agus de Chreat Forbartha 2016<br>Plean Forbartha maidir le Fuinneamh ó Fhoinsí Inathnuaite amach ón gCósta (OREDP)<br>Ceadanna, reatha agus beartaithe, maidir le peitriliam, fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite agus stóráil gáis amach ón gcósta<br>Ceadúnais EPA (sceitheadh fuíolluisce, IPPC, dumpáil ar muir, dramhaíl)<br>INFOMAR, an clár náisiúnta mapála |
| An Roinn Cosanta[53]<br>An tSeirbhís Chabhlaigh<br>An tAerchór<br>An tArm (?) | Cosaint Iascaigh<br>Raonta Lámhaigh Mara (Baile Uí Ghormáin) | |

53 Níl feidhm leis an Treoir MSP i ndáil le beartaíocht ar cosaint nó slándáil náisiúnta amháin is cuspóir leis. Ina ainneoin sin, cuireann an tSeirbhís Chabhlaigh agus an tAerchór seirbhísí maidir le cosaint iascaigh ar fáil do DAFM/SFPA agus ní mór, ar mhaithe le cúrsaí pleanála spáis, aird a bheith ar na raonta lámhaigh mara i mBaile Uí Ghormáin.

| Roinn/Gníomhaireacht | Freagracht agus Feidhm | Polasaithe, Pleananna, Cláir nó Cinntí a bhaineann le Spás Mara |
|---|---|---|
| An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil<br>An Bord Pleanála<br>Údaráis Áitiúla le Cósta<br>CCMA<br>Sábháilteacht Uisce na hÉireann<br>Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann (OSI) | Pleanáil spáis maidir le réimsí mara (MSP)<br>Timpeallacht mara/ MSFD<br>Uiscí Iasc Sliogáin<br>Limistéir Mara faoi Chosaint (MPA)<br>Dreidireacht/Dumpáil ar Muir<br>Caighdeán an uisce snámha<br>Forbairt inmharthana<br>Pleanáil talún<br>Ceadanna maidir leis an imeall trá<br>Seirbhísí uisce<br>Sábháilteacht uisce | Cur i bhfeidhm MSP Cur i bhfeidhm MSFD Measúnacht Tosaigh maidir le Timpeallacht Mara na hÉireann Clár Beartaíochta MSFD Uiscí Sliogéisc a Ainmniú Limistéir Mara faoi Chosaint a Ainmniú<br>An Chreat-Treoir Uisce/Pleananna Bainistíochta Abhantraí<br>Ceadanna (reatha agus beartaithe) imeall trá<br>Ceadanna (reatha agus beartaithe) maidir le dreidireacht/dumpáil ar muir |
| An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta<br>Na hOifigí Fiontraíochta Áitiúla<br>Fiontar Éireann<br>Údarás Forbartha Tionscail Éireann (IDA Ireland)<br>Fondúireacht Eolaíochta Éireann<br>Idir-Thrádáil Éireann<br>Micrea-Airgeadas Éireann | Riachtanais maidir le Scileanna – Taighde ar Earnáil na Mara, forbairt agus nuálaíocht – Earnáil na Mara | |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe<br>Oifig na nOibreacha Poiblí | Maoin/imeall trá an stáit<br>Cosaint an chósta<br>Cosaint ó thuilte | |

| Roinn/Gníomhaireacht | Freagracht agus Feidhm | Polasaithe, Pleananna, Cláir nó Cinntí a bhaineann le Spás Mara |
|---|---|---|
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt<br>**Iompar**<br>Na Comhlachtaí Calafoirt<br>Oifig Forbartha Mara na hÉireann (IMDO)<br>Garda Cósta na hÉireann<br>Oifig na Suirbhéireachta Muirí (MSO)<br>**Turasóireacht agus Spórt**<br>Fáilte Éireann<br>Turasóireacht Éireann<br>Spórt Éireann | Beartas na gCalafort Beartas Loingis Sábháilteacht ar muir Sábháilteacht Loingseoireachta Seirbhísí Éigeandála agus bearta seachanta maidir le Truailliú na Mara Forbairt turasóireachta (turasóireacht agus caitheamh aimsire ar Muir agus le cósta san áireamh) Margaíocht ar oileán na hÉireann thar lear  Forbairt inmharthana ar spórt iomaíochta agus ar spórt chaitheamh aimsire in Éirinn | An Beartas Calafort Náisiúnta 2013 Daoine, Áit agus Beartas – Ag Forbairt na Turasóireachta go dtí 2025 An Plean Gníomhaíochta Turasóireachta 2016-2018 An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisiciúla 2016<br>An Beartas Náisiúnta Spóirt (le theacht) |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | Rangú ar chriosanna muirí an Stáit (uiscí intíre, farraigí teorann, EEZ etc.) agus teorainneacha mara le stáit eile a shainsonrú faoin Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí 2006 | |

# Aguisín B

## Comhaltaí an Ghrúpa Comhordaithe Mara

Ar ghrád Rúnaí Cúnta atá Comhaltaí an Ghrúpa agus tá ionadaíocht ag na Ranna seo a leanas:

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
- An Roinn Cosanta
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Roinn an Taoisigh
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Bíonn Oifig an Ard-Aighne agus Foras na Mara páirteach san obair chomh maith.

housing.gov.ie